

An Bhruiséil, 19 Márta 2026
(OR. en)

7498/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0074 (COD)

COMPET 346
DRS 10
CODEC 482
IA 71
JAI 376
EMPL 76
ECOFIN 351

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 321 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis AN 28ú CÓRAS DEN CHREAT DLÍTHIUIÚL CORPARÁIDEACH – ‘EU INC.’

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 321 final.

Faoi iamh: COM(2026) 321 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2026
COM(2026) 321 final

2026/0074 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis AN 28ú CÓRAS DEN CHREAT DLÍTHIUÍL CORPARÁIDEACH – ‘EU
INC.’**

{SEC(2026) 321 final} - {SWD(2026) 321 final} - {SWD(2026) 322 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Sna cúinsí polaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, ní mór don Aontas díriú ar an iomaíochas a fháil ar ais, ar an mbearna nuálaíochta le mórgheilleagair eile a dhúnadh agus ar tháirgiúlacht a mhéadú chun a fhás eacnamaíoch a spreagadh, mar a iarradh go láidir i dTuarascáil Draghi maidir leis an iomaíochas¹. Cé go meastar go bhfuil an tAontas Eorpach ar cheann de na réigiúin is tarraingtí do chuideachtaí mar gheall ar a mhargadh aonair ina bhfuil os cionn 450 milliún duine, bonneagar láidir agus tacaíocht phoiblí don nuálaíocht, tá an tAontas ag titim chun deiridh ar a iomaitheoirí móra.

Tá cuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, i gcoilár na hiarrachta sin le haghaidh fáis. Cuireann siad go mór le rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais trína ngníomhaíochtaí gnó agus trína n-infheistíochtaí ar fud an Aontais. Tá cáil ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú mar gheall ar a lúfaireacht, a gcineál glactha riosca agus a bhfócas ar inscálaitheacht, agus tá ról acu atá ag éirí níos tábhachtaí maidir le nuálaíocht agus fás eacnamaíoch a spreagadh. Leanann siad de thimpeallacht an ghnó a mhúnlú, iomaíocht a mhéadú agus mórfhoinse cruthaithe post a chur ar fáil. Mar sin féin, chun go mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh, tá creat dlíthiúil intuatha de dhíth ar chuideachtaí, agus go háirithe ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú, creat a chuideoidh leis an bhfás agus a chuirfear in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha nua i ndomhan atá ag éirí níos digití. Chuige sin, is iad na rialacha corparáideacha cnámh droma an chreata dhlíthiúil is gá le haghaidh timpeallacht chumasúcháin ghnó agus chun infheistíocht a mhealladh. Mar sin féin, ceann de na fadhbanna uileghabhálacha atá fós roimh chuideachtaí san Aontas is ea ilroinnt na rialacha, lena n-áirítear rialacha corparáideacha, ar fud na mBallstát agus na bacainní a eascraíonn as sin ar chuideachtaí ar fud an mhargaidh aonair.

Sa chomhthéacs sin, cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Letta maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair an géarghá atá le deireadh a chur leis na bacainní struchtúracha lena gcuirtear cosc ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú leathnú thar theorainneacha agus iarradh inti go mbeadh ‘Cuideachta Eorpach Shimplithe’ ann. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh i dtábhacht i dTuarascáil Draghi na difríochtaí i ndlíthe agus i rialacháin ar fud na mBallstát, rud a chuireann teorainn le cumas cuideachtaí oibriú go rianúil ar fud mhargadh aonair an Aontais agus iarradh inti go nglacfaí reacht dlíthiúil nua uile-Aontais le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta nuálacha (‘Cuideachta Eorpach Nuálach’). Leag an gnólacht, agus go háirithe an pobal gnólachtaí nuathionscanta, béim láidir freisin ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt go práinneach ar an ilroinnt sin chun bunaitheoirí a spreagadh chun cuideachtaí a chur ar bun san Aontas, chun cabhrú le cuideachtaí an Aontais dul chun cinn a dhéanamh agus fás, agus chun dálaí a chruthú lena féidir infheistíocht a mhealladh chuig cuideachtaí an Aontais.

Mar fhreagairt air sin, fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘*Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach*’ an 28ú córas mar chuid de shraith chuimsitheach gníomhaíochtaí chun iomaíochas gheilleagar na hEorpa a fheabhsú. Go sonrach, sna Teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teideal ‘*Aontas Coigiltis agus Infheistíochta: Straitéis chun Rachmas agus Iomaíochas Eacnamaíoch na Saoránach a Chothú san Aontas Eorpach*’, ‘*An Margadh Aonair: ár margadh baile Eorpach i ndomhan éiginnte. Straitéis chun an*

¹ [Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais](#), Meán Fómhair 2024.

Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir agus *‘Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú; Roghnaigh an Eoraip le tosú agus le méadú’*, faoi seach, rinneadh liosta beart a leagan amach a bhaineann le hinfheistíocht phríobháideach a shlógadh, rochtain a fháil ar mhaoiniú, an margadh aonair a fhorbairt a thuilleadh agus borradh a chur faoi ionchais gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Aontas, agus leagadh béim inti ar an ról tábhachtach a d’fhéadfadh a bheith ag an 28ú córas sna comhthéacsanna sin. Fógraíodh sa dá Theachtaireacht dheireanacha sin freisin go n-áireofaí sa 28ú córas creat dlíthiúil corparáideach de chuid an Aontais bunaithe ar réitigh dhigiteacha mar réamhshocrú. Fógraíodh an togra maidir leis an 28ú córas freisin i dTeachtaireacht 2026 ón gCoimisiún dar teideal ‘Clár Oibre.

Chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir freisin a phráinní atá sé feabhas a chur ar dhálaí gnó san Aontas, agus d’iarr sí ar an gCoimisiún in 2025 ‘an 28ú córas roghnach maidir le dlí na gcuideachtaí a mholadh gan mhoill, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí faoi seach faoi na Conarthaí, lena gceadófar do chuideachtaí nuálacha méadú’. I gcomhthráth, sa tuarascáil reachtach féintionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa ‘Maidir leis an 28ú córas: creat dlíthiúil nua do chuideachtaí nuálacha’, iarradh go mbeadh an 28ú córas ann ar cheart go mbainfeadh sé go príomha le rialacha dhlí na gcuideachtaí agus foirm chorparáideach nua a thabhairt isteach i ndlíthe náisiúnta, le foirmiú agus clárú cuideachtaí simplithe. Leagadh béim inti freisin ar an ngá atá le bearta chun úinéireacht stoic fostaithe a éascú, le sásraí chun réiteach díospóidí níos éifeachtúla a áirithiú agus le coimircí láidre chun cearta rannpháirtíochta fostaithe a chosaint.

Is é is aidhm don togra seo freagairt do na hiarrataí sin trí aghaidh a thabhairt ar ilroinnt na gcreataí rialála náisiúnta agus ar na bacainní a eascraíonn as sin do chuideachtaí ar fud an mhargaidh aonair. Cuirtear creat dlíthiúil corparáideach i láthair ann lena n-áirítear foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe le haghaidh cuideachtaí atá le tabhairt isteach in ord náisiúnta gach Ballstáit. Thairis sin, comhchuibhítear leis raon leathan rialacha corparáideacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí nua-aimseartha ar feadh shaolré iomlán na gcuideachtaí sa mhargadh aonair, lena n-áirítear bunú, oibriú cuideachtaí ina dhiaidh sin agus nósanna imeachta leachtaithe agus dócmhainneachta. Ina theannta sin, moltar ann rialacha comhchuibhithe chun a chur ar chumas cuideachtaí infheistíocht phríobháideach a mhealladh trí nósanna imeachta coiteanna tapa, digiteacha agus costéifeachtacha, rud a d’fhágfadh go mbeadh sé níos éasca do chuideachtaí ardfháis méadú sa mhargadh aonair agus a chuirfeadh ar chumas infheisteoirí an Aontais agus infheisteoirí tríú tíortha araon infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí.

Is iad cuspóirí foriomlána an togra seo dálaí níos fearr a chur ar fáil chun gnó a thosú agus deiseanna níos fearr a chur ar fáil don fhás agus don mhéadú san Aontas, agus tuilleadh infheistíochta i gcuideachtaí an Aontais a spreagadh, go háirithe ina gcéimeanna luatha agus fáis. Leis na dálaí agus na deiseanna feabhsaithe sin, is é is aidhm don togra iomaíochas chuideachtaí agus gheilleagar an Aontais a neartú agus feidhmiú an mhargaidh aonair a fheabhsú.

Chun é sin a bhaint amach, déanfar foráil sa togra maidir leis an méid seo a leanas go háirithe:

- comhchreat dlíthiúil corparáideach do chuideachtaí san Aontas,
- rialacha agus nósanna imeachta corparáideacha atá simplí agus éifeachtúil ar feadh a saolré, agus
- creat cumasúcháin chun infheistíocht a dhéanamh.
- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leagtar amach sa togra seo creat dlíthiúil corparáideach comhchuibhithe do chuideachta EU Inc. lena n-áirítear foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe nua do chuideachtaí atá le tabhairt isteach i ndlíthórais náisiúnta na mBallstát uile. Tá sé comhlántach agus comhleanúnach le acquis dhlí na gcuideachtaí san Aontas atá ann cheana agus baineann sé úsáid as na huirlisí agus na córais dhigiteacha agus as rialacha substainteacha i dTreoir Chódaithe (AE) 2017/1132².

Tá an togra ag brath go hiomlán ar úsáid Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS), atá bunaithe ar oibleagáidí dlíthiúla a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/1132 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún³, gan athrú bunúsach a dhéanamh ar a fheidhmiú ná ar a bhonneagar. Ar an gcaoi chéanna le cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta, ceanglófar ar chuideachtaí EU Inc. faisnéis éigeantach chuideachta a chomhdú agus cuirfidh cláir ghnó an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí. Déantar na ceanglais sin a oiriúnú chun gnéithe comhchuibhithe EU Inc. a léiriú agus chun go mbeidh faisnéis faoi chuideachtaí EU Inc. ar fáil freisin ar leibhéal an Aontais, trí BRIS ar an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais, trí lipéid ilteangacha. Is trí BRIS freisin a dhéanfar malartuithe digiteacha faoi chuideachtaí EU Inc. idir cláir ghnó – chun prionsabal na haonuaire a chur i bhfeidhm – mar atá faoi láthair i gcás cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta. Beidh Aitheantóir Uathúil Eorpach (EUID) ag cuideachtaí EU Inc. freisin. Thairis sin, áirithítear leis an togra go dtairbheoidh cuideachtaí EU Inc. d'fhoirmiúlachtaí laghdaithe, amhail gan aon ghá le hapastail ar dhoiciméid chuideachta, agus bearta simplithe breise á moladh an tráth céanna. I gcás ina gcruthaítear cuideachta EU Inc. nó ina ndéanann sí tiontú, cumasc nó deighilt trasteorann, beidh feidhm ag rialacha reatha an Aontais maidir le cumasc, tiontuithe agus deighiltí trasteorann mar atá feidhm acu maidir le cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta de chuid an Aontais.

Cuireann go leor rialacha eile sa togra seo le nósanna imeachta digiteacha le cláir ghnó, agus an tráth céanna tugtar isteach réitigh chomhchuibhithe nua agus nósanna imeachta lándigiteacha i réimsí eile atá fíor-riachtanach d'fhás cuideachtaí EU Inc., go háirithe i nósanna imeachta atá ábhartha chun infheistíocht a mhealladh.

Maidir le dócmhainneacht cuideachta EU Inc. ar gnólacht nuathionscanta nuálach é, comhlánaítear leis an togra comhfhogasú na ndlíthe substainteacha dócmhainneachta arna mbaint amach ag [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Threoir (AE) 2026/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XXX 2026 lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta], go háirithe trí fhoráil a dhéanamh maidir le nós imeachta foirceanta simplithe agus creat le haghaidh ríomhcheant sócmhainní laistigh den nós imeachta sin. Ní dhéanann sé difear do na rialacha maidir le dlínse idirnáisiúnta, an dlí is infheidhme agus aithint breithiúnas in ábhair dhócmhainneachta a chinneadh, a leagtar síos i Rialachán (AE) 2015/848⁴. Tá an togra gan dochar freisin do chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/1023⁵ maidir

² Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj>

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chórais um idirnascaidh na gclár agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 ón gCoimisiún (IO L 225, 25.6.2021, lch. 7) ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1142/oj>

⁴ Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (athmhúnlú) (IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19–72), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/848/oj>

⁵ Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coiscteach, maidir le hurscaoileadh fiachais agus maidir le dícháilíochtaí agus

le creataí um athstruchtúró coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúró, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a mhéadú, mar a thrasuitear i ndlíthe na mBallstát iad; dá bhrí sin, beidh feidhm iomlán ag bearta Threoir 2019 maidir le EU Inc.

Tá an malartú faisnéise maidir le cuideachtaí EU Inc. idir cláir ghnó agus údarais atá i gceannas ar an uimhir aitheantais chánach (TIN) agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint comhleanúnach le cuspóirí reachtaíocht an Aontais maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus leis an reachtaíocht maidir le frithsciúradh airgid. Áiritheofar leis gur féidir an fhaisnéis chuideachta sna cláir ghnó, arna fíorú le linn rialuithe coisctheacha éigeantacha, a úsáid go huathoibríoch chun an UAC agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint. Ina theannta sin, trí fhaisnéis chuideachta a aistriú ón gclár gnó chuig an gclár úinéireachta tairbhiúla i gcomhthéacs chlárú na cuideachta EU Inc., áiritheofar go gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis chuideachta sa chlár úinéireachta tairbhiúla don fhaisnéis chuideachta atá cothrom le dáta agus fíoraithe sna cláir ghnó agus, dá bhrí sin, go rannchuideoidh sí le cuspóirí reachtaíocht an Aontais maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac (CSA) a shaothrú agus go háirithe Treoir (AE) 2024/1640 maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac⁶ agus Rialachán (AE) 2024/1624 maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac⁷, ós rud é go bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint le cruinneas na sonraí a áirítear sna cláir úinéireachta tairbhiúla. Bheadh sé sin i gcomhréir freisin leis an idirnasca atá ar na bacáin idir BRIS agus Córas Idirnasctha na gClár Úinéireachta Tairbhiúla (BORIS), tar éis na Treorach a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gCuideachtaí a Uasghrádú (AE) 2025/25⁸.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leanann an togra cuspóirí an Chompáis Iomaíochais agus tá sé comhleanúnach leo chun go mbeidh cuideachtaí nuálacha in ann tairbhe a bhaint as tacar aonair comhchuibhithe rialacha uile-Aontais cibé áit a n-infheistíonn siad agus a n-oibríonn siad sa Mhargadh Aonair, agus freagraíonn sé go díreach don fhógra maidir le creat dlíthiúil corparáideach de chuid an Aontais sa Mhargadh Aonair agus sna Straitéisí um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag méadú.

Lena bhearta chun creat cumasúcháin a chruthú chun infheistíocht a dhéanamh, tá dlúthbhaint ag an togra seo freisin le tionscnaimh an Choimisiúin faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta. I ndáil leis sin, foilsíodh roinnt tionscnamh in 2025 arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an rochtain atá ag gnólachtaí Eorpacha ar chistiú, e.g. an Pacáiste maidir le

maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúró, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúró agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1023/oj>

⁶ Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (IO L, 2024/1640, 19.6.2024), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1640/oj>

⁷ Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1624/oj>

⁸ Treoir (AE) 2025/25 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leasaítear Treoracha 2009/102/CE agus (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh (IO L, 2025/25, 10.1.2025), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/25/oj>

Comhtháthú an Mhargaidh a glacadh i mí na Nollag 2025, agus fógraíodh tionscnaimh eile le haghaidh 2026, lena n-áirítear athchóiriú ar chistí caipitil fiontair agus fáis an Aontais agus bearta chun tacú le hinfeisteoirí i gcuideachtaí príobháideacha imeacht.

Ní hamháin go gcuireann digiteáil na nósanna imeachta maidir le dlí na gcuideachtaí do chuideachtaí EU le huirlisí dhlí na gcuideachtaí de chuid an Aontais atá ann cheana mar a mhínítear thuas ach tá sé comhlántach freisin leis na huirlisí digiteacha eile atá ann cheana (nó atá á bhforbairt faoi láthair) ar leibhéal an Aontais. Braitheann na nósanna imeachta digiteacha nua faoin togra ar úsáid modhanna ríomh-shainaitheantais, lena n-áirítear na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití, agus seirbhísí iontaoibhe, a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014⁹ (eIDAS), arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1183¹⁰, lena mbunaítear an Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach lena n-áirítear an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití (EUDIW). Leanann sé sin an chomhlántacht atá ann cheana, trína mbraitheann dlí cuideachtaí an Aontais ar an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach chun bunaitheoirí, stiúrthóirí agus infheisteoirí cuideachtaí a shainaithint agus lena n-áirítear an fhéidearthacht EUDIW a úsáid le haghaidh nósanna imeachta dhlí cuideachtaí an Aontais ar líne.

Tá comhlántacht ann freisin idir an togra seo agus an togra ón gCoimisiún le déanaí le haghaidh Rialachán maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú lena gcuirtear leis an gcreat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach¹¹, agus lena leathnaítear é, agus arb é is aidhm dó tacú le cuideachtaí i gcumarsáid gnólacht le gnólacht agus gnólacht le rialtas. Féadfaidh an chuideachta EU Inc., a luaith a bheidh sí foirmithe agus cláraithe sa chlár gnó, a roghnú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa a cheannach chun doiciméid a fhíordheimhniú, a stóráil agus a chomhroinnt go slán, mar is féidir le haon chuideachta eile. Cuireann sé sin leis an gcomhleanúnachas idir an togra maidir le Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa agus dlí cuideachtaí an Aontais i gcoitinne, trína n-úsáidfídh an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa an tAitheantóir Uathúil Eorpach, an t-aitheantóir uathúil cuideachta faoi dhlí cuideachtaí an Aontais, chun cuideachtaí a shainaithint go huathúil, rud a fhágann gur féidir na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a nascadh leis an bhfaisnéis oifigiúil, cothrom le dáta agus iontaofa faoi chuideachtaí i gclár ghnó. Ina theannta sin, fágann an togra seo go bhfuil na huirlisí digiteacha amhail Deimhniú Cuideachta AE agus cumhacht atur nae dhigiteach an Aontais comhoiriúnach leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa agus cuireann sé ar a chumas don chuideachta EU Inc. a bhfuil an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa aige é a úsáid i gcomhréir leis an togra seo.

Tá an togra comhlántach freisin le tionscnaimh eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh faisnéis nó nósanna imeachta trasteorann a éascú, amhail an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach¹². Cé go ndéantar foráil sa Tairseach Aonair Dhigiteach maidir le rialacha ginearálta chun rochtain ar líne ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta riaracháin agus ar sheirbhísí cúnaimh a éascú ar fud an Aontais agus go gcumhdaítear léi raon leathan nósanna imeachta riaracháin a shainítear sa Rialachán, cumhdaítear leis an togra seo dlí sonrach na

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj>

¹⁰ Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj>

¹¹ [COM\(2025\) 838 final](http://data.europa.eu/eli/reg/2025/838/oj).

¹² Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj>

gcuideachtaí agus nósanna imeachta dócmhainneachta, a eisiatar go sainráite ó raon feidhme na Tairsí Aonair Digití do gach cuideachta, agus dá bhrí sin, do chuideachtaí EU Inc. freisin. An tráth céanna, beidh cuideachtaí EU Inc. in ann úsáid a bhaint as na nósanna imeachta atá faoi raon feidhme na Tairsí Aonair Digití, mar is féidir le cuideachtaí eile. Bheadh na naisc chuig faisnéis faoi fhoirm dhlíthiúil agus nósanna imeachta cuideachtaí EU Inc. dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, atá le fáil ar shuíomhanna gréasáin clárúcháin náisiúnta, le fáil freisin trí thairseach An Eoraip Agatsa faoin Tairseach Aonair Dhigiteach.

Tá an togra comhlántach freisin le Treoir (AE) 2019/1024¹³ maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid. Cé go gcumhdaítear leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí ag tríú páirtithe chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála, díreann sa togra seo ina ionad sin ar riachtanais úsáideoirí díreacha amhail cuideachtaí, geallsealbhoirí eile agus údarais phoiblí chun rochtain a fháil ar shonraí oifigiúla cuideachta atá iontaofa agus cothrom le dáta agus iad a úsáid go díreach ó chlár ghnó náisiúnta.

Cé gurb é príomhchuspóir an togra seo iomaíochas na gcuideachtaí atá bunaithe san Aontas a neartú, is féidir le dearadh an chórais EU Inc. tacú freisin le tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha a chomhtháthú de réir a chéile amach anseo, faoi réir comhaontuithe déthaobhacha chun ailíniú leis an *acquis* agus comhlíonadh coinníollacha agus coimircí a áirithiú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• An bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, lena dtugtar de chumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a ghlacadh maidir le comhfhogasú na bhforálacha a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit, arb é is cuspóir dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

De réir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear le húsáid Airteagal 114 CFAE go ndéantar an dlí náisiúnta a chomhfhogasú le gníomh, seachas na dlíthe náisiúnta éagsúla a fhágáil gan athrú. Ní mór é a *bheith mar fhíorchuspóir aige feabhas a chur ar na dálaí do bhunú agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh*. Ní mór dó rannchuidiú le deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha, nó le deireadh a chur le saobhadh iomaíochta. Thairis sin, d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais go raibh sé i gceist ag údair an Chonartha leis an nath 'bearta maidir le comhfhogasú' in Airteagal 114 CFAE lánrogha a thabhairt do reachtóir an Aontais maidir leis an teicníc chomhchuibhithe is iomchuí chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach, ag brath ar chomhthéacs ginearálta agus ar imthosca sonracha an ábhair atá le comhchuibhiú¹⁴.

Leis an togra seo, déantar comhfhogasú ar roinnt mhaith dlíthe náisiúnta lena rialaítear gníomhaíochtaí ghnólachtaí an Aontais ar feadh a saolré. Is é is aidhm dó feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil corparáideach éifeachtúil a chruthú do chuideachtaí agus d'infheisteoirí. Is é cnámh droma timpeallachta rialála é a chuireann ar chumas gnólachtaí infheistíocht a mhealladh agus fás. Sa chomhthéacs sin, tugtar isteach leis an togra foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe, 'cuideachta EU Inc.', a sholáthrófar in ord náisiúnta gach Ballstáit agus a rialófar le rialacha comhchuibhithe a bhféadfaidh bunaitheoirí

¹³ Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (athmhúnlú), (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56–83), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj>

¹⁴ C-66/04, An Ríocht Aontaithe v. An Pharlaimint agus an Chomhairle (*Blastáin deataigh*), mír 45.

agus cuideachtaí rogha a dhéanamh iad a úsáid. Comhchuibhítear leis na príomhghnéithe, trí leas a bhaint as dlíthe na mBallstát, a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí nua-aimseartha. Trí ghnéithe comhchuibhithe den sórt sin a sholáthar, tugtar aghaidh leis ar ilroinnt mhéadaitheach na ndlíthe maidir le cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, rud a léirítear sa mhéadú ar fhoirmeacha dlíthiúla náisiúnta nua atá an-éagsúil ina saintréithe agus an cuspóir céanna á shaothrú an tráth céanna, is é sin rialacha agus nósanna imeachta a dhéanamh níos solúbtha agus gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus gnólachtaí beaga agus meánmhéide eile a chur chun cinn. Déanann an togra roinnt príomhghnéithe de nósanna imeachta leachtaithe agus dócmhainneachta a chomhchuibhiú freisin.

Ina theannta sin, is é is aidhm don togra aghaidh a thabhairt ar ilroinnt na gcur chuige rialála náisiúnta maidir le húsáid agus glacadh trasteorann faisnéise EU Inc. i gcláir ghnó chomh maith le gníomhartha nótaire nó riaracháin agus deireadh a chur le bacainní riaracháin ar úsáid na faisnéise sin (e.g. apastaille) i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin nó cúirte, trí chur le bearta amhail an Deimhniú Cuideachta AE comhchuibhithe agus cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais. Chun úsáid trasteorann sonraí a bhaineann le cuideachtaí EU Inc. a fheabhsú a thuilleadh agus chun ualaí ar na cuideachtaí sin a laghdú a thuilleadh, tá dualgas ginearálta sa togra freisin ar údarais riaracháin agus bhreithiúnacha féachaint ar fhaisnéis maidir le cuideachtaí EU Inc. atá ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, go háirithe trí chóras idirnasctha na glár gnó, i gcomhthéacs nósanna imeachta trasteorann.

Ina theannta sin, is é is aidhm don togra saorghluaiseacht chaipitil a éascú trí rialacha agus nósanna imeachta éagsúla a dhéanann difear d'infheistíochtaí i gcuideachtaí a chomhchuibhiú, lena n-áirítear maidir le scaireanna agus aistrithe scaireanna. Is é is aidhm don togra deireadh a chur leis na príomhbhacainní a eascraíonn as dlí corparáideach éagsúil lena gcuirtear srian ar chuideachtaí ina n-iarrachtaí infheisteoirí a mhealladh, go háirithe iad siúd ó Bhallstáit eile agus ó thríú tíortha. Trí aghaidh a thabhairt ar chastacht agus ilroinnt na rialacha lena ndíspreagtar infheisteoirí amhail caipitlithe fiontair tríú tír agus aingeal gnó trasteorann, tá an togra ag teacht le cuspóirí an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta.

Ar deireadh, leagtar amach sa togra rialacha comhchuibhithe arb é is aidhm dóibh an comhar riaracháin idir cláir ghnó, agus idir cláir ghnó agus údarais eile, a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, chun bonn taca a chur faoi na nósanna imeachta corparáideacha comhchuibhithe agus digiteacha agus chun tacú leo agus chun iad a dhéanamh inoibrithe i suíomh trasteorann.

Baineann an togra freisin le saincheistean áirithe cánachais (a bhaineann, go háirithe, le SRF-AE) agus le rannpháirtíocht fostaithe. Níl sé i gceist leis na forálacha sin réimsí an chánachais nó chearta na bhfostaithe a chomhchuibhiú, ach níl iontu ach bealach chun príomhchuspóir an ghnímh a bhaint amach.

• **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm don togra aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhíonn ag cuideachtaí mar gheall ar rialacha agus nósanna imeachta corparáideacha náisiúnta éagsúla. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais chun comhchreat corparáideach a thabhairt isteach le foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe cuideachta agus branda de chuid an Aontais, a bhféadfadh bunaitheoirí agus cuideachtaí rogha a dhéanamh é a úsáid. Ar an gcaoi chéanna, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbeidh rialacha agus nósanna imeachta coiteanna i bhfeidhm ag na Ballstáit uile chun cuideachtaí a chur ar bun agus chun oibriochtaí dlíthiúla a dhéanamh orthu faoin gcreat corparáideach sin agus go mbeidh na rialacha agus na nósanna imeachta sin comhoiriúnach agus ag obair i gcásanna trasteorann. Is ar leibhéal an Aontais amháin in féidir creat dlíthiúil

comhleanúnach comhchuibhithe le haghaidh foirm dhlíthiúil chuideachta shimplithe arb é is aidhm dó go háirithe freastal ar riachtanais gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus infheistíochtaí a bhaint amach.

Tá breisluach láidir ag baint le gníomhaíocht an Aontais freisin toisc go bhfuil sé d'aidhm ag an togra seo cur le Córas Idirnasctha na gClár Gnó, atá ag feidhmiú cheana féin ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, is le gníomhaíocht ón Aontas amháin is féidir a áirithiú go gcuirfear prionsabal na haonuaire i bhfeidhm i ngach Ballstát agus, dá bhrí sin, go mbeidh corprú cuideachtaí EU Inc. tapa agus ní hamháin sin ach go mbeidh sé go hiomlán digiteach freisin agus go n-aithneoidh na húdaráis náisiúnta agus na cláir ghnó uile é.

Ina theannta sin, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe chun timpeallacht atá fabhrach d'infheisteoirí a chur ar fáil, lena n-áirítear deimhneacht dhlíthiúil maidir le roghanna scoir, go háirithe i gcásanna trasteorann. Ina theannta sin, tá gá le rialacha comhchuibhithe chun pleananna scair-rogha fostaithe a thabhairt isteach a oibríonn i gcásanna trasteorann, rud atá fíor-riachtanach do chuideachta EU Inc. chun tallann a mhealladh agus a choinneáil. Cé go bhféadfadh na Ballstáit, agus iad ag gníomhú ina n-aonar, foirmeacha dlíthiúla náisiúnta a chruthú, ní fhéadfaidís rialacha, sásraí agus nósanna imeachta comhchoiteanna uile-Eorpacha a thabhairt isteach a bheadh comhoiriúnach agus comhleanúnach go leor chun oibriú i gcásanna trasteorann. Is ar leibhéal an Aontais amháin in féidir creat dlíthiúil comhleanúnach comhchuibhithe le haghaidh foirm dhlíthiúil chuideachta shimplithe arb é is aidhm dó go háirithe freastal ar riachtanais gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus infheistíochtaí a bhaint amach.

I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, tá breisluach láidir ag baint le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs an togra seo toisc go ndíríonn sé ar bhorradh a chur faoin iomaíochas agus ar an deimhneacht dhlíthiúil is gá a sholáthar trí chreat dlíthiúil comhchoiteann a bhunú. Ní bheadh comhar déthaobhach nó iltaobhach idir na Ballstáit in ann aghaidh a thabhairt ar ilroinnt an mhargaidh aonair agus, os a choinne sin, d'fhéadfadh tuilleadh ilroinnte a bheith mar thoradh air. Bheadh dúshlán fós roimh bhunaitheoirí agus cuideachtaí á mbunú agus á reáchtáil acu san Aontas, ní bheadh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú fós in ann leas iomlán a bhaint as scála an mhargaidh aonair, agus bheadh baol ann go n-aistreodh roinnt gnólachtaí go tríú tíortha ina mbeadh dálaí fáis níos tarraingtí.

• **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach. Tá sé spriocdhírthe toisc go dtugann sé aghaidh ar réimsí a d'ardaigh páirtithe leasmhara, go háirithe cuideachtaí agus bunaitheoirí, mar réimsí achrannacha sna gníomhaíochtaí comhairliúcháin. Ina theannta sin, díritear sa togra ar chreat dlíthiúil corparáideach comhchuibhithe a chur ar fáil ar fud an Aontais, creat nach mór aghaidh a thabhairt air ar leibhéal an Aontais agus nach bhféadfaí a bhaint amach trí ghníomhaíocht na mBallstát amháin.

Ní fhorbraítear leis an togra córais nua chun críoch chreat dlíthiúil corparáideach EU Inc. ach baintear úsáid as na huirlisí agus na córais dhigiteacha atá ann cheana a forbraíodh i gcomhréir le Treoir Chódaithe (AE) 2017/1132 agus go háirithe, braitheann sé ar chóras BRIS chun faisnéis faoi chuideachtaí EU Inc. a chur ar fáil go poiblí agus le haghaidh malartuithe digiteacha 'aonuaire' faisnéise faoi chuideachtaí EU Inc. idir cláir ghnó, mar is amhlaidh i gcás cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta de chuid an Aontais faoi *acquis* dhlí na gcuideachtaí. Braitheann sé freisin ar an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach, lena n-áirítear an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití arna bunú le Rialachán eIDAS, le haghaidh seirbhísí ríomh-shainaitheantais agus iontaoibhe le haghaidh na nósanna imeachta

corparáideacha a leagtar amach sa chreat dlíthiúil corparáideach, agus áirithítear leis comhoiriúnacht leis an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa atá beartaithe.

Mar a mhínítear sa mheasúnú tionchair, is féidir leis an bpacáiste beart roghnaithe a chuirtear chun cinn sa togra seo aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus na bacainní a sainaithníodh ar an mbealach is cuimsithí, is éifeachtaí agus is éifeachtúla. Déanann sé amhlaidh go háirithe trí fhoráil a dhéanamh maidir le foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe (EU Inc.) le branda inaitheanta, oscailte do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha agus le roinnt bealaí chun é a chruthú, agus trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá ábhartha do chodanna éagsúla de shaolré cuideachtaí 28ú córas, lena n-áirítear tallann a bhunú, a mhealladh agus a choinneáil trí phleananna scair-rogha fostaithe, córas rialachais agus cothabhála caipitil lena n-áirítear gan aon íoscheanglas caipitil, infheistíocht a mhealladh chun go mbeifear in ann méadú, agus dúnadh (féach roinn 6 den mheasúnú tionchair). Léiríodh san anailís ilchritéar a rinneadh sa mheasúnú tionchair, inar cuireadh san áireamh éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus comhréireacht na roghanna beartais uile, go raibh glantairbhe dearfach ag na bearta roghnaithe uile agus go raibh an rangú is airde ag na bearta tosaíochta (féach roinn 7 den mheasúnú tionchair agus Iarscríbhinn 4 maidir le modhanna anailíse). Tá costais mheasta an togra seo comhréireach leis na cuspóirí agus ar an iomlán, tá coinne leis go mbeidh tairbhe láidir ann do chuideachtaí, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, mar a leagtar amach sa mheasúnú tionchair (féach roinn 8).

- **An rogha ionstraime**

Is i bhfoirm Rialacháin atá an togra seo, a mheastar a bheith ar an ionstraim dlí is iomchuí chun an t-ardleibhéal comhfhogasaithe dlíthe atá beartaithe a bhaint amach.

Foráiltear leis an togra seo do chreat ilchéimneach comhordaithe arb é is aidhm dó saolré cuideachtaí san Aontas a éascú. Is é is aidhm dó feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ina iomláine a fheabhsú, seachas rialáil a dhéanamh ar *stricto sensu* maidir le gabháil le gníomhaíocht ar leith agus í a shaothrú ar fud an Aontais.

Le hinfheidhmeacht dhíreach Rialacháin, laghdófar castacht rialála agus tabharfar deimhneacht dhlíthiúil níos fearr do chuideachtaí EU Inc. agus dá n-infheistear ar fud an Aontais, rud a chuirfidh le feidhmiú an mhargaidh aonair. I bhfianaise na saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus i bhfianaise an chomhthéacs eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil, tá rialachán níos oiriúnaí ná treoirt chun timpeallacht dhlíthiúil chomhsheasmhach agus iomchuí a áirithiú ar fud an Aontais agus chun éagsúlachtaí rialála a chuirfeadh bac ar fhás cuideachtaí sa mhargadh inmheánach a laghdú. Beifear in ann rialacha comhchuibhithe an Aontais a chur i bhfeidhm go tapa agus go díreach, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt níos tapúla ar na fadhbanna a sainaithníodh. Leis sin, i gcomparáid le treoirt, seachnófar próiseas trasuí fada, seachnófar éagsúlachtaí nó saobhadh a d'fhéadfadh a bheith ann le linn phróiseas an trasuí, agus seachnófar 'rórialáil'.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní dhéantar athbhreithniú leis an togra seo ar an reachtaíocht atá ann cheana ach cuirtear creat dlíthiúil corparáideach nua chun cinn leis. Dá bhrí sin, ní raibh gá le meastóireacht ar na rialacha atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bailíodh an fhianaise don tionscnamh seo, lena n-áirítear maidir le fadhbanna agus bacainní a bhíonn roimh chuideachtaí agus bunaitheoirí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin fadréimseacha. Ina theannta sin, sa rún ó Pharlaimint na hEorpa ‘Maidir leis an 28ú córas: creat dlíthiúil nua do chuideachtaí nuálacha’ a glacadh an 20 Eanáir 2026¹⁵, agus na malartuithe le Parlaimint na hEorpa i gcomhthéacs fhorbairt na tuarascála reachtaí féintionscnaimh sin, chuir siad go mór le hullmhú an togra seo. Rinneadh malartuithe freisin leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, go háirithe i gcomhthéacs an staidéir inar díriodh ar an 28ú córas¹⁶.

Rinneadh an comhairliúchán poiblí agus glao ar fhianaise araon in 2025. Fuarthas aiseolas suntasach sa chomhairliúchán poiblí, agus chuir cuideachtaí, bunaitheoirí, infheisteoirí, comhlachais ghnó, saoránaigh den Aontas, údarais phoiblí, gairmithe dlí, institiúidí acadúla/taighde, eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith le ceardchumainn 1467 bhfreagra isteach. Ba iad saoránaigh den Aontas (a bhí ina mbunaitheoirí agus ina n-infheisteoirí den chuid is mó) agus cuideachtaí a chuir 80 % de na freagraí isteach, agus tháinig 96 % de na freagraí ó chuideachtaí ó FBManna. Ina theannta sin, tíolacadh 113 pháipéar seasaimh mar chuid den chomhairliúchán. Fuarthas 879 bhfreagra ar an nglao ar fhianaise¹⁷.

Ar an iomlán, dheimhnigh na páirtithe leasmhara na fadhbanna a sainathnódh agus thacaigh siad tríd is tríd le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Thacaigh cuideachtaí, bunaitheoirí agus infheisteoirí go láidir le comhchreat dlíthiúil corparáideach lena n-áireofaí nósanna imeachta digiteacha agus níos éifeachtúla chun cuideachtaí a chur ar bun agus infheistíocht a dhéanamh iontu, agus bearta chun é a dhéanamh níos éasca fostaithe a mhealladh agus a choinneáil trí scair-roghanna fostaithe. Bhí comhaontú ann freisin i measc na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar raon feidhme leathan don chreat, go háirithe gan é a theorannú d’fhothacar cuideachtaí amhail gnólachtaí nuathionscanta nó cuideachtaí nuálacha. Leag cleachtóirí dlí béim ar an ngá atá le comhairle dlí agus cuideachta á bunú agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá seiceálacha coisctheacha i nósanna imeachta foirmithe cuideachtaí, ach leag ceardchumainn béim láidir ar a thábhachtaí atá sé cearta oibrithe a urramú.

Eagraíodh dhá cheardlann ar líne le cuideachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí atá ag méadú agus infheisteoirí in 2025, chun plé a dhéanamh ar bhacainní ar an dlí corparáideach, a bhaineann le cuideachta a chur ar bun, a réachtáil nó a dhúnadh agus le hinfeistíocht a mhealladh nó infheistíocht a dhéanamh i gcuideachta san Aontas, ar chostais na mbacainní sin, agus ar thionchair/tairbhí a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó bhearta a leagtar amach sa chomhairliúchán poiblí maidir leis an 28ú córas. Bailíodh faisnéis freisin trí go leor cruinnithe déthaobhacha agus agallaimh spriocdhírithe le príomhpháirtithe leasmhara i réimse dhlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar chuideachtaí, gairmithe dlí lena n-áirítear nótaireí, ceardchumainn, ionadaithe an phobail nuathionscanta agus cuideachtaí aonair. Tionóladh go leor cruinnithe déthaobhacha freisin le hionadaithe na n-údarás náisiúnta, go príomha Aireachtaí atá i gceannas ar shaincheisteanna dhlí na gcuideachtaí. D’eagraigh Uachtaránacht na Danmhairge malartú tuairimí freisin maidir leis an 28ú córas le linn chruinniú Mheitheal na Comhairle um dhlí na gcuideachtaí i mí Mheán Fómhair 2025.

¹⁵ [Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Eanáir 2026 le moltaí don Choimisiún maidir leis an 28ú Córas: creat dlíthiúil nua le haghaidh cuideachtaí nuálacha \(2025/2079\(INL\)\).](#)

¹⁶ Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, lena mbunítear an 28ú Córas: Creat Dlíthiúil Aontaithe chun Tacú le Fás agus Gnó.

¹⁷ [An suíomh gréasáin ‘Cloisimis uait!’.](#)

Thug na cruinnithe sin go léir léargas luachmhar ar na fadhbanna atá os comhair cuideachtaí agus páirtithe leasmhara eile faoi láthair, agus ar shaincheisteanna a bhfuil tábhacht ag baint leo i gcomhthéacs nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí do ghrúpaí éagsúla páirtithe leasmhara. Sholáthair na cuideachtaí agus na hinfheisteoirí samplaí nithiúla óna dtaithe ar ualaí riaracháin, costais agus am is gá le haghaidh nósanna imeachta éagsúla maidir le dlí na gcuideachtaí agus roinn siad tuairimí maidir leis na feabhsuithe a d'fhéadfadh bunú agus oibriú cuideachtaí a éascú agus infheistíocht a mhealladh chuig cuideachtaí san Aontas.

Rinneadh plé freisin leis an tionscal, leis na Ballstáit, leis an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla i bParlaimint na hEorpa agus leis na comhlachais ábhartha páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar ghnólachtaí éagsúla, ar cheardchumainn agus ar ghairmithe dlí, le linn 2025 faoi chuimsiú an Fhórait Ardleibhéil um an gCeartas le haghaidh Fáis¹⁸ a sheol an Coimisinéir McGrath. Pléadh creat dlíthiúil corparáideach an 28ú córas ag gach cruinniú, agus díriodh go háirithe ar na fadhbanna a bhíonn ag cuideachtaí, ar réitigh dhigiteacha, ar an gcur chuige dlíthiúil agus ar bhearta chun infheistíocht a mhealladh. Le linn an phlé sin, thángthas ar chomhaontú foriomlán go raibh gá le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó do chuideachtaí, agus ar thacaíocht fhoriomlán don 28ú córas. Ag an am céanna, leag ceardchumainn béim láidir ar a thábhachtaí atá sé cearta oibrithe a chosaint, go háirithe maidir le rannpháirtíocht fostaithe i mboird, agus d'iarr siad go leasófaí an Rialachán maidir le Cuideachta Eorpach (SE) ar dtús. Leag go leor rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá cineál roghnach an 28ú córas. Bhí amhras ar roinnt rannpháirtithe, go háirithe thar ceann na mBallstát agus roinnt comhlachas gnó, faoi aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna lasmuigh den dlí corparáideach, amhail cáin, saothar nó dócmhainneacht, agus b'fhearr leo díriú ar an dlí corparáideach. Chuir roinnt acu i dtábhacht, cé go raibh ilroinnt dhlí na gcuideachtaí ina fadhb go deimhin, go raibh go leor deacrachtaí lasmuigh de réimse dhlí na gcuideachtaí. Tarraingíodh anuas freisin an tábhacht a bhaineann le gan ligean do chuideachtaí 28ú córas dul timpeall ar rialacha maidir le rannpháirtíocht fostaithe ar bhoird cuideachtaí. Bhí comhaontú ginearálta i measc na rannpháirtithe, lena n-áirítear na Ballstáit, comhlachais ghnó agus gairmithe dlí, i bhfabhar raon feidhme leathan don chreat corparáideach, i.e. gan a bheith teoranta d'fhothacar cuideachtaí amhail gnólachtaí nuathionscanta nó cuideachtaí nuálacha, mar gheall ar dheacrachtaí maidir le sainmhíniú iomchuí a bhunú, ualach riaracháin chun comhlíonadh agus castachtaí a léiriú nuair nach gcomhlíonann cuideachtaí an sainmhíniú a thuilleadh.

Maidir leis an digitiú, leag go leor rannpháirtithe san Fhóram Ardleibhéil béim ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin i ndlí cuideachtaí an Aontais agus ar a thábhachtaí atá sé teoracha digitithe 2019 agus 2025 a chur san áireamh, agus BRIS agus an tAitheantóir Uathúil Eorpach a úsáid. Ar an iomlán, bhí na rannpháirtithe i bhfabhar teimpléid (roghnacha), ilteangacha nó dátheangacha seachas i mBéarla amháin. Leag roinnt Ballstát agus nótaireí béim ar a thábhachtaí atá na seiceálacha coisctheacha sna nósanna imeachta foirmithe cuideachtaí, lena n-áirítear rannpháirtíocht nótaireí.

Maidir le bearta chun infheistíocht a mhealladh, leag comhlachais ghnó fhoriomlána béim ar ról tábhachtach an 28ú córas maidir le haghaidh a thabhairt ar an timpeallacht ilroinnte atá ann faoi láthair le haghaidh infheistíochtaí. A mhéid a bhaineann leis an gcóras caipitil is infheidhme, bhí tromlach na mBallstát i bhfabhar an t-íoscheanglas caipitil a dhíothú nó a laghdú go méid siombalach, agus chuir a bhformhór béim ar an ngá atá le coimircí malartacha do chreidiúnaithe. Mheas roinnt Ballstát nár cheart deireadh iomlán a chur leis an gcaipiteal íosta nó nár cheart é a bheith siombalach amháin. Ar an iomlán, mheas comhlachais ghnó gur bac é an caipiteal íosta agus thacaigh siad le méid nialasach/siombalach nó íseal agus thug

¹⁸ [Fóram Ardleibhéil um an gCeartas le haghaidh Fáis.](#)

ceardchumainn rabhadh i gcoinne dul timpeall ar chearta oibrithe agus i gcoinne iomadú cuideachtaí caocha folmha. Bhí formhór na mBallstát sásta plé a dhéanamh gan prionsabal an pharlúachais a chur i bhfeidhm, lena gceadófaí do chuideachtaí luach na scaireanna a chinneadh gan bhac, agus thug cuid acu dá n-aire gur cheart deireadh a chur le parlúach, go mbeadh gá le coimircí do chreidiúnaithe, agus dúirt cuid eile acu nach raibh gá le deireadh a chur le parlúach. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur spéis leo an acmhainneacht a bhaineann le hionstraimí nuálacha maoinithe chun maoiniú luathchéime a éascú, agus cheistigh roinnt acu an raibh gá le gníomhaíocht reachtach ós rud é gur bhain cuideachtaí úsáid as ionstraimí den sórt sin cheana féin ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis an struchtúr caipitil, chuir tromlach leathan na mBallstát in iúl gurbh fhearr leo samhail scairbhunaithe. Thacaigh na Ballstáit agus rannpháirtithe eile le cur chuige solúbtha lena bhféadfaí scaireanna a aistriú saor in aisce mar riail réamhshocraithe. Leag cúpla Ballstát béim ar an tábhacht a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil agus ról na nótaí agus/nó na gclár gnó. Maidir le rochtain ar mhargáí airgeadais, cé gur leag na Ballstáit agus rannpháirtithe eile béim ar an ngá atá ann ligean do chuideachtaí fás laistigh de chreat dlíthiúil an 28ú córas, bhí tuairimí éagsúla ann maidir le rochtain ar mhargáí poiblí a cheadú gan foirm dhlíthiúil na cuideachta a athrú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Leis an bplé le Sainghrúpa Neamhfhoirmiúil an Choimisiúin maidir le Dlí na gCuideachtaí ina bhfuil 16 acadóirí agus cleachtóirí i ndlí na gcuideachtaí ó 12 Bhallstát agus ó thíortha CSTE in 2025, cuireadh go mór le hullmhú an togra seo freisin¹⁹. Le linn an phlé, áitíodh nár cheart an togra a bheith ann amach anseo a theorannú do chineálacha áirithe cuideachtaí agus nár cheart iarracht a dhéanamh iad sin a shainiú. Leagadh béim ar an ngá atá le creat comhsheasmhach lena gceadaítear éagsúlachtaí náisiúnta agus aonfhoirmeacht á soláthar ag an am céanna. Leagadh béim freisin le linn an phlé ar an ngá atá le nósanna imeachta a shimpliú, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbeadh pointe rochtana amháin de chuid an Aontais ann agus teimpléid chaighdeánaithe le haghaidh foirmithe. Luadh freisin an gá atá le solúbthacht agus uirlisí digiteacha maidir le rialachas cuideachtaí. Bhí comhaontú ginearálta ann go raibh sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar bhearta atá ábhartha chun infheistíocht a mhealladh, lena n-áirítear ionstraimí conarthacha príobháideacha a dhéanamh níos éasca le húsáid, agus féachaint ar aicmí scaireanna agus ar chaipiteal údaráithe. Leagadh béim ar an ngá atá le simplíocht agus solúbthacht araon.

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála scrúdú ar an measúnú tionchair don togra seo an 11 Feabhra 2026. Fuarthas tuairim dhearfach an 13 Feabhra²⁰, agus tugadh aghaidh go cuí ar na moltaí ón mBord sa leagan deiridh den mheasúnú tionchair.

Rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar roghanna beartais faoi sheacht bpríomhréimse. Bhí na roghanna beartais a ndearnadh measúnú orthu chun **foirm dhlíthiúil cuideachta chomhchuibhithe a sholáthar d'fhiontraithe** éagsúil ó thaobh raon feidhme de: cé acu a chomhchuibheofaí foirm dhlíthiúil na cuideachta le haghaidh cuideachta 28ú córas amháin nó a brainsí freisin, a d'fhéadfadh cuideachta 28ú córas de chineál sin a bhunú agus conas é sin a dhéanamh. Ba é an rogha thosaíochta foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe nua a thabhairt isteach do chuideachta 28ú córas a bhfuil branda de chuid an Aontais aici, atá le bunú ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha, nó trí thiontuithe intíre agus tiontuithe, deighiltí agus cumaisc trasteorann, agus le rialacha comhchuibhithe do bhraintí de chuideachtaí 28ú córas. Bhí na

¹⁹ [Clár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna: An Sainghrúpa Neamhfhoirmiúil maidir le Dlí na gCuideachtaí agus Rialachas Corparáideach \(E03036\).](#)

²⁰ SEC (2026) 321.

roghanna beartais uile a breithníodh chun **clárú gnólachtaí nuathionscanta a dhéanamh níos tapúla agus níos simplí** bunaithe ar chomhéadan lárnach AE a fhorbairt trí BRIS chun cuideachta 28ú córas a chlárú sna cláir ghnó náisiúnta faoi seach agus bhí siad éagsúil ó thaobh leibhéal an chomhchuibhithe nós imeachta de. Ba é an rogha thosaíochta comhéadan lárnach AE a chruthú bunaithe ar BRIS chun cuideachtaí 28ú córas a chlárú le teimpléid dhátheangacha chomhchuibhithe, le sprioc-am (48 n-uair an chloig) agus uasteorainn chostais EUR 100 le haghaidh clárúcháin lena n-áirítear an rialú coisctheach riaracháin, breithiúnach nó nótaire nuair a úsáideann bunaitheoirí an teimpléad caighdeánaithe mar dhaoine nádúrtha.

Bhí na roghanna a breithníodh chun a **áirithiú nach gcuirfí faisnéis isteach ach uair amháin i gcomhthéacs an chlárúcháin** éagsúil i dtéarmaí na n-údarás lena mbaineann chomh maith leis an bhféidearthacht uimhreacha aitheantais a fháil mar chuid den phróiseas clárúcháin. Ba é an rogha thosaíochta a áirithiú, i gcomhthéacs an chlárúcháin, go n-aistreofaí an fhaisnéis chuideachta ón gclár gnó chuig an údarás atá i gceannas ar an UAC agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint, chuig an údarás slándála sóisialta agus chuig an gclár úinéireachta tairbhiúla gan gá a bheith ag an gcuideachta 28ú córas í a chur isteach arís ('prionsabal na haonuaire'), agus go bhfaigheadh an chuideachta an UAC agus an uimhir aitheantais CBL. Leis na roghanna a breithníodh chun **dúnadh (leachtú) na cuideachta a éascú**, cumhdaíodh an leachtú lasmuigh de dhúnadh dócmhainneachta agus dúnadh a bhaineann le dócmhainneacht araon agus rinneadh foráil maidir le céimeanna éagsúla simplithe nósanna imeachta, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha. Ba é an rogha thosaíochta a áirithiú go n-aistreofaí comhduithe ón leachtaitheoir lena ndúnadh (lasmuigh den dócmhainneacht) ón gclár gnó chuig údaráis eile ('prionsabal na haonuaire'); foráil a dhéanamh maidir le héilimh ó chreidiúnaithe a chomhdú ar líne; nós imeachta leachtaithe simplithe le haghaidh cuideachtaí sócmhainneacha nach bhfuil sócmhainní ná fiacha acu; agus nósanna imeachta dócmhainneachta simplithe a bhuí lena ndigitiú iomlán.

Chuir na roghanna a breithníodh **chun tallann a mhealladh agus a choinneáil** leibhéal éagsúil comhchuibhithe ar fáil, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bearta cánach. Ba é an rogha thosaíochta cead a thabhairt do chuideachtaí 28ú córas pleananna um úinéireacht stoic d'fhostaithe a chur ar bun, aicmí scaireanna a bhfuil cearta vótála ar leith acu a eisiúint agus scéim chomhchoiteann roghnach SRF-AE a thabhairt isteach do chuideachtaí an 28ú córas, le huainiú comhchuibhithe maidir le cánachas ar scair-roghanna fostaithe faoi SRF-AE. Leis na roghanna a breithníodh chun **córas solúbtha rialachais agus caipitil a sholáthar do bhunaitheoirí agus d'infheisteoirí**, cumhdaíodh bearta chun córas solúbtha rialachais agus nósanna imeachta digiteacha a sholáthar le linn na céime oibríochtúla agus cineálacha éagsúla cur chuige a mhéid a bhaineann le córas caipitil. Ba é an rogha thosaíochta córas rialachais solúbtha a chruthú; nósanna imeachta simplí agus lándigiteacha a sholáthar chun caipiteal a mhéadú agus scaireanna a eisiúint; úsáid ionstraimí maoinithe luathchéime nua-aimseartha amhail SAFEnna a chumasú; agus caipiteal íosta EUR 0 nó 1 a thabhairt isteach ach gan aon scairchaipiteal íoctha a thabhairt isteach lena chorprú le coimircí comhchuibhithe do chreidiúnaithe. Ar deireadh, dhírigh na roghanna beartais a breithníodh chun **roghanna scoir a éascú** ar aistriú scaireanna a shimpliú – go céimeanna éagsúla – agus ar rochtain ar mhargaí cothromais phoiblí a chumasú do chuideachtaí 28ú córas. Ba é an rogha thosaíochta a áirithiú gur féidir aistrithe scaireanna cuideachtaí 28ú córas a dhéanamh go hiomlán go digiteach, gan idirghabhálaithe a bheith rannpháirteach, agus an deis a bheith ag na Ballstáit rochtain ar mhargaí cothromais phoiblí a cheadú do chuideachtaí 28ú córas.

Is éard a bhí sa phacáiste de bhearta tosaíochta bearta roghnaithe faoi gach ceann de na seacht bpríomhréimse a bhfuil tuairisc orthu thuas. Tá siad comhlántach agus fágann siad gur féidir cur chuige cuimsitheach a bheith ann lena gcumhdaítear saolré iomlán cuideachta, ó bhunú go

dúnadh agus lena n-áirítear infheistíocht a mhealladh agus foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht scair-roghanna fostaithe a thairiscint. Leis an bpacáiste de bhearta tosaíochta, meastar go laghdófar ilroinnt trí chreat dlíthiúil corparáideach comhsheasmhach aonair is infheidhme ar fud na mBallstát a sholáthar do chuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus trí bhranda so-aitheanta de chuid an Aontais, meastar go mbeidh trédhearcacht mhéadaithe ann agus go neartófar muinín as cuideachtaí 28ú córas i measc páirtithe leasmhara a bhíonn ag déileáil le cuideachtaí, lena n-áirítear cuideachtaí eile, comhpháirtithe gnó ach creidiúnaithe, scairshealbhóirí agus tomhaltóirí freisin.

Leis an bpacáiste, meastar go laghdófar go mór na hualaí riaracháin ar chuideachtaí atá i bhfoirm dhlíthiúil cuideachta 28ú córas ag gach céim dá saolré, rud a rachaidh chun tairbhe go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, ós rud é go bhfreagraíonn sé ina lán dá ghnéithe dá riachtanais, agus do chuideachtaí atá gníomhach ar fud an Aontais. Bhainfeadh cuideachtaí tairbhe as nósanna imeachta clárúcháin níos simplí agus níos éifeachtúla le ‘prionsabal na haonuaire’ maidir le faisnéis a chur isteach agus malartú faisnéise ina dhiaidh sin idir údaráis, gan aon ghá le scairchaipiteal íosta a íoc tráth an chorpraithe, scéim chomhchoiteann SRF-AE le haghaidh úinéireacht stoic fostaithe le huainiú comhchuibhithe cánachais, chomh maith le bearta chun nósanna imeachta maidir le dúnadh a shimpliú agus a dhigiteáil do na cuideachtaí 28ú córas sin nach mór a leachtú. Meastar go mbeidh an coigilteas idir EUR 328 milliún agus EUR 440 milliún do 308 000 cuideachta 28ú córas thar thréimhse 10 mbliana. Bhainfeadh cuideachtaí 28ú córas tairbhe freisin as uirlisí digiteacha le haghaidh nósanna imeachta an dlí corparáidigh, lena n-áirítear scairshealbhóirí agus boird stiúthóirí a chumasú cruinnithe a reáchtáil ar líne. Ag an am céanna, ní bheadh coinne ach le costais choigeartaithe aonuaire theoranta do chuideachtaí, go háirithe do na cuideachtaí sin atá ann cheana a d’iompódh ina gcuideachtaí 28ú córas agus, dá bhrí sin, bheadh orthu próisis inmheánacha a oiriúnú chun nósanna imeachta digiteacha a úsáid.

Meastar freisin go gcuirfidh an pacáiste de bhearta tosaíochta feabhas mór ar an timpeallacht infheistíochta. Bhainfeadh infheisteoirí, lena n-áirítear infheisteoirí caipitlithe fiontair agus infheisteoirí luathchéime eile, a infheistíonn i gcuideachtaí 28ú córas, tairbhe as laghdú ar an ualach riaracháin, lena n-áirítear mar gheall ar am laghdaithe agus níos lú costas atá nasctha le dícheall cuí maidir le ceanglais dhlíthiúla, foirmiúlachtaí pearsanta le haghaidh aistrithe scaireanna agus rannpháirtíocht éigeantach nótaí agus idirghabhálaithe eile, agus an coigilteas measta EUR 1 780 – EUR 2 850 le haghaidh idirbheart aistrithe scaireanna tánaisteacha ag céim an fháis de EUR 500 000. Ar an gcaoi chéanna, bheadh laghduithe costais agus ualaigh ann d’infheisteoirí agus do chuideachtaí araon a bhui le nósanna imeachta lándigiteacha le haghaidh méaduithe caipitil agus eisiúintí scaireanna, agus meastar gurb ionann coigilteas agus thart ar EUR 1 100 in aghaidh an bhabhta maoiniúcháin. Bhainfeadh infheisteoirí tairbhe freisin as roghanna scoir feabhsaithe sna Ballstáit lena gceadófaí do chuideachtaí 28ú córas rochtain a fháil ar mhargaí cothromais phoiblí gan tiontú dlíthiúil. Fostaithe a infheistíonn i gcuideachtaí 28ú córas trí SRF-AE, thairbheoidís de scéim shimplí bunaithe ar scair-roghanna agus d’uainiú fabhrach cánachais lena seachnaítear muirir chánach thirime ar scair-roghanna fostaithe.

Táthar ag súil go mbainfidh údaráis phoiblí, lena n-áirítear cláir ghnó, tairbhe as gnóthachain éifeachtúlachta a eascraíonn as nósanna imeachta digiteacha agus as tarchur ‘aonuaire’ faisnéise cuideachta. D’fhéadfadh rialacha comhchoiteanna agus branda inaitheanta de chuid an Aontais trédhearcacht agus muinín na n-údarás poiblí a mhéadú freisin, go háirithe agus iad ag déileáil le cuideachtaí 28ú córas a thagann ó Bhallstáit eile. Mar gheall ar an ngá atá le córais náisiúnta TF a chur in oiriúint don chomhéadan lárnach AE chun cuideachtaí 28ú córas a chlárú, tá coinne le costais aonuaire, a mheastar gur EUR 2,7 milliún a bheidh iontu do na

Ballstáit uile. Bheadh na Ballstáit in ann cur leis an teicneolaíocht a forbraíodh cheana chun cláir ghnó náisiúnta a idirnascadh le BRIS. Is dócha go mbeidh costais bhreise ar roinnt Ballstát chun údaráis atá i gceannas ar rialú coisctheach a nascadh le cláir ghnó, costais a mheastar a bheith thart ar EUR 50 000 in aghaidh gach ceann de na Ballstáit sin. Bheadh costais TF aonuaire theoranta i gceist freisin le tarchur uathoibríoch faisnéise cuideachta idir cláir ghnó agus údaráis eile, i bhfianaise na bhforbairtí digiteacha atá ar siúl cheana féin sna riaracháin náisiúnta. Bheadh ioncam laghdaithe do chláir ghnó agus d'údaráis eile a bhfuil baint acu leis an gclárú, lena n-áirítear rialú coisctheach, i gceist leis an uasteorainn chostais EUR 100 chun an clárú a chur i gcrích (le teimpléad caighdeánaithe). Táthar ag súil go ndéanfar é sin a fhritháireamh go páirteach ar a laghad trí ghníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe agus ranníocaíochtaí cánach ó chuideachtaí nua a chruthaítear faoi fhoirm dhlíthiúil an 28ú córas.

I gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta, d'fhéadfadh coinne a bheith le roinnt costas chun ardáin a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh córais ríomhcheantála a mheastar a bheith idir EUR 500 000 agus EUR 700 000 le haghaidh na mBallstát uile. Le huainiú comhchuibhithe an chánachais ar scair-roghanna fostaithe faoi SRF-AE, dhíorthófaí éifeachtaí diúltacha leachtachta do na Ballstáit ina ngearrtar cáin ar ioncam ó scair-roghanna fostaithe ag céim níos luaithe faoi láthair, ach tá coinne leis go mbeidh an éifeacht measartha agus de chineál sealadach, go dtí go mbeidh cánacha dlite.

Ar an gcaoi chéanna, bhainfeadh idirghabhálaithe amhail nótaireí, a bhfuil baint acu le nósanna imeachta corparáideacha i roinnt Ballstát, tairbhe as deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe ón gcreat corparáideach comhchuibhithe agus as éifeachtúlacht mhéadaithe ó nósanna imeachta níos éifeachtúla agus níos digitithe. Ag an am céanna, d'fhéadfadh roinnt costas coigeartaithe aonuaire a bheith ann ar an iomlán chun sreafaí oibre agus uirlisí TF na n-idirghabhálaithe atá ann cheana a oiriúnú do nósanna imeachta digitithe agus simplithe do chuideachtaí 28ú córas. Bheadh ioncam laghdaithe d'idirghabhálaithe, agus go háirithe nótaireí, i mBallstáit ina bhfuil baint acu leis na nósanna imeachta sin i gceist leis an uasteorainn chostais EUR 100 le haghaidh clárúcháin, agus ar an gcaoi chéanna, dá gcuirfí deireadh le rannpháirtíocht idirmheánach éigeantach le haghaidh aistrithe scaireanna, bheadh caillteanais ioncaim ann dóibh sna Ballstáit sin ina bhfuil baint ag idirghabhálaithe le haistrithe scaireanna.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá gné thábhachtach ag baint leis an togra seo ó thaobh an t-ualach riaracháin a laghdú agus a shimpliú, lena n-áirítear trí dhigitiú agus cur i bhfeidhm 'phrionsabal na haonuaire'. Go háirithe, mar a thuairiscítear thuas, meastar go laghdófar an togra go mór na hualaí a bhíonn ar chuideachtaí a roghnaíonn oibriú faoin 28ú córas ar feadh a saolré, lena n-áirítear trí nósanna imeachta clárúcháin níos simplí agus níos éifeachtúla le cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire agus gan aon ghá le híoc i scairchaipiteal íosta tráth an chorpraithe, scéim chomhchoiteann SRF-AE a thabhairt isteach le haghaidh scair-roghanna fostaithe le huainiú comhchuibhithe cánachais, agus bearta chun nósanna imeachta um dhúnadh a shimpliú agus a dhigiteáil do chuideachtaí 28ú córas. Dhéanfaidh sé an chéim oibríochtúil a shimpliú freisin trí uirlisí digiteacha a thabhairt isteach le haghaidh nósanna imeachta an dlí chorparáidigh agus trí chead a thabhairt do chruinnithe scairshealbhóirí agus boird stiúthóirí ar líne. Chuirfeadh an togra feabhas mór freisin ar an timpeallacht infheistíochta do chuideachtaí 28ú córas agus d'infheisteoirí tríd an ualach riaracháin a laghdú a bhuí, i measc nithe eile, le nósanna imeachta digiteacha agus simplithe ar oibríochtaí caipitil, lena n-áirítear méaduithe caipitil agus aistrithe scaireanna a mheastar a bheith cothrom le EUR 1 780 – EUR 2 850 le haghaidh idirbheart aistrithe scaireanna agus thart ar EUR 1 100 in aghaidh an bhabhta maoiniúcháin.

Ós rud é gur dócha gur daoine nádúrtha agus FBManna a bhunóidh formhór na gcuideachtaí 28ú córas nuabhunaithe, rachadh an laghdú foriomlán measta ar an ualach riaracháin idir EUR 328 milliún agus EUR 440 milliún thar thréimhse 10 mbliana chun tairbhe don ghrúpa fiontar sin den chuid is mó. Ina theannta sin, d'fhéadfadh roinnt FBManna atá ann cheana rogha a dhéanamh a bheith ina gcuideachtaí 28ú córas agus bhainfeadh roinnt eile tairbhe indíreach as, e.g. mar chomhpháirtithe gnó nó mar fhochonraitheoirí. Rachaidh an tionscnamh chun tairbhe go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú mar go bhfreagraíonn sé ina lán dá ghnéithe dá riachtanais.

Tríd an gcreat rialála do chuideachtaí sa mhargadh aonair a chomhchuibhiú agus a neartú, dhéanfaidh an togra an tAontas níos tarraingte do chuideachtaí nuálacha atá dírithe ar fhás agus, dá bhrí sin, chuirfeadh sé le hiomaíochas an Aontais. Sholáthrófaí leis rialacha comhchoiteanna ar fud Mhargadh Aonair an Aontais agus d'aithneofaí cuideachta 28ú córas i ngach Ballstát, rud a thabharfaidh buntáiste mór i gcomparáid le dlínsí eile. Dá bhféadfaí cuideachtaí 28ú córas a ionchorprú ar bhealach inacmhainne tapa, spreagfaí bunaitheoirí Eorpacha chun a gcuideachtaí a chur ar bun san Aontas agus chuirfeadh an togra le tarraingteacht an Aontais mar áit chun cuideachtaí a mhéadú agus a fhágáil, agus chun fostaithe a mhealladh agus a choinneáil, mar rogha mhalartach inmharthana ar dhlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad. Ba cheart tionchar dearfach a bheith ag cineálacha cur chuige níos éifeachtúla maidir le cuideachtaí sócmhainneacha agus dócmhainneacha a dhúnadh ar an iomaíochas toisc gur cheart dóibh na costais a bhaineann le dúnadh a laghdú, costais a mheastar a bheith níos airde san Aontas faoi láthair i gcomparáid le dlínsí eile.

Cuirtear chun cinn leis an togra seo creat dlíthiúil corparáideach 'digiteach mar réamhshocrú' ina mbeidh rialacha agus próisis 'dhigiteacha amháin' is infheidhme ar feadh shaolré cuideachta cuideachtaí EU Inc., gan roghanna malartacha páipéarbhunaithe. Go háirithe, déantar foráil ann maidir le cuideachtaí EU Inc. a chlárú go hiomlán ar líne, trí chomhéadan lárnach AE atá le cruthú trí BRIS, le teimpléid dhigiteacha; uirlisí digiteacha atá tábhachtach d'oibriúcháin cuideachtaí EU Inc., lena n-áirítear féidearthacht do chruinnithe scairshealbhóirí agus boird stiúrthóirí ar líne; agus nósanna imeachta lándigiteacha chun creat cumasúcháin a chruthú chun infheistíocht a dhéanamh, lena n-áirítear le haghaidh méaduithe caipitil, eisiúint scaireanna agus aistrithe scaireanna. Tugtar isteach leis an togra freisin cur isteach faisnéise 'aonuaire' agus ina dhiaidh sin tarchur digiteach faisnéise cuideachta ó chlár ghnó chuig údarais ábhartha eile, e.g. údarais atá i gceannas ar UAC agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint, údarais slándála sóisialta agus clár úinéireachta tairbhiúla i gcomhthéacs chlárú cuideachtaí EU Inc., rud a fhágfaidh go mbeidh próisis chorparáideacha níos éifeachtúla agus níos sláine ann agus a rannchuideoidh le dul i ngleic le mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann trína áirithiú go n-úsáidfidh na húdarais sin an fhaisnéis chuideachta fhíoraithe chéanna ó chlár ghnó. Thairis sin, tugtar isteach leis an togra dualgas foriomlán ar údarais phoiblí féachaint ar fhaisnéis cuideachta EU Inc. atá ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, go háirithe trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó i nósanna imeachta trasteorann. Is gné thábhachtach é an digiteáil freisin de nósanna imeachta chun cuideachtaí a dhúnadh, i gcás leachtú cuideachtaí EU Inc. sócmhainneacha agus a mhéid a bhaineann le himeachtaí dócmhainneachta araon.

Freagraíonn an cur chuige sin do riachtanais cuideachtaí, agus go háirithe gnólachtaí nuathionscanta digiteacha agus gnólachtaí digiteacha atá ag méadú, inar dheimhnigh tromlach mór na bpáirtithe leasmhara le linn na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin gurbh fhearr leo próisis dhigiteacha amháin. Ag an am céanna, fágann an togra solúbthacht do chuideachtaí cineálacha eile cur chuige a roghnú, e.g. le haghaidh cruinnithe hibrideacha scairshealbhóirí agus bord stiúrthóirí, de réir a riachtanas.

- **Ceartha bunúsacha**

Tríd an gcreat rialála a shimpliú agus an ilroinnt a laghdú trí shraith chomhchuibhithe rialacha corparáideacha a thabhairt isteach, éascófar leis an togra seo cur chun feidhme Airteagal 15(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus beidh tionchar dearfach aige ar an tsaoirse chun gnó a dhéanamh a leagtar amach in Airteagal 16 den Chairt. Ceanglófar leis an togra próiseáil áirithe a chuirfidh isteach ar an gceart go ndéanfar an saol pearsanta a chosaint mar a leagtar síos in Airteagal 7 agus ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, ceanglófar leis an togra faisnéis áirithe a nochtadh go poiblí agus rochtain trasteorann a fháil uirthi i ndáil le cuideachtaí EU Inc. i gclár ghnó náisiúnta agus trí BRIS. Thairis sin, cuirtear sonraí comhchosúla ar fáil go poiblí cheana féin do chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta atá ann cheana sna Ballstáit agus trí BRIS. Ina theannta sin, leis an gcomhéadan lárnach AE le haghaidh clárú cuideachtaí EU Inc. agus comhdú doiciméid agus faisnéise acu, baileofar sonraí a bhaineann le cuideachtaí agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an gclár gnó náisiúnta gan iad a stóráil go buan ar leibhéal an Aontais. Mar atá faoi láthair freisin, beidh sé de cheangal ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cosaint sonraí pearsanta a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chairt agus le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear an cásdlí ábhartha. Ar an gcaoi chéanna, ceanglófar ar na húdaráis atá i gceannas ar an UAC agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint, ar údaráis slándála sóisialta, ar údaráis ábhartha eile agus ar chlár úinéireachta tairbhiúla a áirithiú go gcosnófar sonraí pearsanta a fhaightear i gcomhthéacs cuideachta EU Inc. nó a brainse trasteorann a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chairt agus le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí lena n-áirítear an cásdlí ábhartha. Ar deireadh, ós rud é go gceanglaítear leis an togra ar chuideachtaí EU Inc. clár digiteach scaireanna a bhunú, éascófar leis comhlíonadh na Cairte agus rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí trína cheangal go n-áireofar sna hairteagail chomhlachais croíghnéithe de chosaint sonraí a bhaineann le clár scaireanna den sórt sin.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Meastar go mbeidh impleachtaí buiséadacha ag an togra ar na Ballstáit, tionchar a measadh sa mheasúnú tionchair don togra seo agus a bhfuil tuairisc air sa roinn thuas faoin measúnú tionchair.

A mhéid a bhaineann leis an tionchar ar bhuiséad an Aontais, leathnaítear leis an togra seo raon feidhme chóras BRIS, lena n-áirítear malartuithe nua faisnéise idir clár ghnó agus comhéadan lárnach AE a bhunú, chun cuideachtaí EU Inc. a fhoirmiú agus chun doiciméid agus faisnéis uathu a chomhdú le linn a saolré, comhéadan a fhorbrófar a thuilleadh i dtreo clár digiteach lárnach do chuideachtaí EU Inc.

Chuipe sin, beidh gá leis na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla atá ann cheana maidir le BRIS a fhorbairt a thuilleadh, le leithdháileadh crua-earraí breise agus le hobair forbartha bogearraí ar an gcóras TF agus le comhordú na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta chun na forbairtí TF is gá a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.

Chun na cúraimí sin a dhéanamh, beidh sé riachtanach na hacmhainní reatha sa Choimisiún atá ag obair ar BRIS a mhéadú ó thaobh acmhainní airgeadais agus daonna de. Ní mór na cistí a chuirtear ar fáil faoi láthair chun cothabháil tráthrialta a dhéanamh ar chóras BRIS a mhéadú tríd an gcéad timthriall airgeadais eile chun BRIS a fhorbairt a thuilleadh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear comhéadan lárnach AE a bhunú bunaithe ar BRIS, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chlár digiteach lárnach agus malartú leathnaithe faisnéise idir clár ghnó (lena n-áirítear staidéir, obair ullmhúcháin, forbairt agus tástáil, chomh maith le leithdháileadh crua-earraí nua).

5. EILIMINTÍ EILE

• **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht ar fáil de réir mar is gá (trí dhlúthchomhar le saineolaithe náisiúnta ar dhlí na gcuideachtaí sa Sainghrúpa maidir le Dlí na gCuideachtaí, comhairle dhéthaobhach) chun tacú leis na Ballstáit creat dlíthiúil corparáideach EU Inc. a chur chun feidhme go héifeachtúil sa chleachtas ar fud an Aontais. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit freisin maidir le forbairt bhreise BRIS is gá le haghaidh an togra seo.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur i bhfeidhm an togra seo chun a mheas an bhfuil a chuspóirí á gcomhlíonadh aige. I measc nithe eile, áireofar leis an bhfaireachán anailís a dhéanamh ar ghlacadh na foirme dlíthiúla nua EU Inc., ar an gcaoi ar bunaíodh na cuideachtaí EU Inc. agus ar an líon cuideachtaí a cruthaíodh tríd an gcomhéadan lárnach AE agus le teimpléid chomhchuibhithe. Déanfar anailís freisin ar thionchair na mbeart maidir le céimeanna éagsúla de shaolré cuideachtaí EU Inc., mar shampla an úsáid a bhaintear as cruinnithe ginearálta ar líne i gcuideachta EU Inc., sciar na gcuideachtaí EU Inc. a chuireann SRF-AE chun feidhme, babhtáí infheistíochta rathúla cuideachtaí EU Inc. nó an úsáid a bhaintear as nósanna imeachta simplithe leachtaithe sócmhainneachta. Bhaileofaí an fhaisnéis ábhartha, i measc nithe eile, trí shonraí in BRIS agus i gcláir ghnó, ó údarais náisiúnta a bhfuil baint acu leis na nósanna imeachta faoi chreat dlíthiúil corparáideach EU Inc., trí theagmhálacha spriocdhírthe le páirtithe leasmhara ábhartha, agus trí shuirbhéanna nó staidéir spriocdhírthe más gá.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus breisluach AE an togra seo tráth nach luaithe ná 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm chun an tréimhse is gá a cheadú chun é a chur chun feidhme agus chun fianaise a bhailiú sna Ballstáit.

• **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Caibidil I: Forálacha ginearálta.

Sainítear sa chéad chaibidil seo ábhar an togra chomh maith le príomhghnéithe na cuideachta comhchuibhithe faoi dhlíteanas teoranta (EU Inc.), dá leagtar síos rialacha sa togra seo. Liostaítear na príomh-shainmhínithe ann freisin.

Is cuideachtaí faoi dhlíteanas teoranta iad cuideachtaí EU Inc. ar féidir le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó iad a fhoirmiú, ón tús nó trí thiontuíthe, cumaisc nó deighiltí intíre nó trasteorann. Faigheann na cuideachtaí sin pearsantacht dlítheanach de bhua clárú i gclár gnó an Bhallstáit ina bhfuil a n-oifig chláraithe acu agus ina n-aithníonn gach Ballstát iad. Tá saoirse ag bunaitheoirí an áit a roghnú ina gcorprófar an chuideachta laistigh den Aontas.

Rialaítear cuideachtaí EU Inc. leis an Rialachán seo, lena airteagail chomhlachais agus le haghaidh ábhair eile, leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear na forálacha lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, a bhfuil feidhm aige maidir le foirmeacha dlíthiúla náisiúnta ábhartha sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gcuideachta EU Inc.

Ceanglaítear leis an Rialachán go mbeidh ainm ar leith agus soiléir ar chuideachta EU Inc., agus an tagairt ‘EU Inc.’ luaite ina dhiaidh sin agus tá feidhm ag na prionsabail chéanna maidir le hainmneacha bhraintí na cuideachta EU Inc.

Leagtar amach sa Rialachán na ceanglais maidir le hairteagail chomhlachais cuideachta EU Inc., lena n-áirítear an t-íosmhéid inneachair a leagtar síos san Iarscríbhinn. Ní mór do na

hairteagail chomhlachais a bheith maisín-inléite agus faisnéis a stóráil i sonraí struchtúrtha. Ní mór iad a tharraingt suas i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla Bhallstát an chhlárúcháin agus i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta. Is féidir na hairteagail chomhlachais a chaighdeánú nó a shaincheapadh.

Is airteagail chomhlachais chaighdeánacha (samhla) iad teimpléid an Aontais, agus nuair a úsáidtear iad mar chuid den nós imeachta foirmithe, meastar go gcomhlíontar aon cheanglas náisiúnta maidir le hairteagail chomhlachais chuideachta a tharraingt suas agus a dheimhniú i bhfoirm dhlíthiúil chuí.

Ní mór do chuideachta EU Inc. a hoifig chláraithe a bheith aici i mBallstát agus ceanglaítear uirthi a riarachán lárnach nó a príomháiit ghnó a bheith aici san Aontas freisin.

Foráiltear leis an Rialachán prionsabal na nósanna imeachta digiteacha amháin do chuideachtaí EU Inc., trína bhfuil siad i dteideal gach nós imeachta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin a dhéanamh go hiomlán ar líne. Ní féidir le húdarás poiblí láithreach fhisiciúil a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo le haghaidh cuspóir dlisteanach, amhail mí-úsáid chéannachta a chosc nó comhlíonadh na rialacha maidir le hinniúlacht dhlíthiúil a áirithiú. Ba cheart, i bprionsabal, an chumarsáid idir an chuideachta EU Inc. agus a scairshealbhóirí, lena n-áirítear síntiúsóirí agus ceannaitheoirí scaireanna, a dhéanamh go hiomlán ar líne freisin.

Gach nós imeachta maidir le dlí na gcuideachtaí a bhfuil feidhm aige i ndáil le cuideachta EU Inc. le linn a saolré, lena n-áirítear íocaíochtaí is gá le haghaidh na nósanna imeachta sin, tá siad ceaptha lena gcur i gcrích go hiomlán ar líne, gan gá le láithreach fhisiciúil, ach amháin in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo.

Tá an chuideachta EU Inc. faoi réir na rialacha maidir le rannpháirtíocht fostaithe is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a hoifig chláraithe aici. I gcás ina gcruthaítear é trí thiontú, deighilt nó cumasc trasteorann nó ina ndéanann sé oibríocht den sórt sin, tá sé faoi réir na nósanna imeachta, lena n-áirítear coimircí maidir le rannpháirtíocht fostaithe, a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/1132.

Caibidil II: An comhéadan lárnach AE, foirmiú agus comhdú.

Cumhdaítear sa chaibidil seo an nós imeachta chun chuideachta EU Inc. a fhoirmiú, trí chomhéadan lárnach AE ar líne, bunaithe ar BRIS, lena gceadaítear nós imeachta foirmithe ‘mear’ laistigh de 48 n-uaire an chloig agus ar uaschostas EUR 100, nó trí fhoirmiú go hiomlán ar líne leis an gclár gnó náisiúnta. Sa dá chás, ní mór foirm iarratais a chur isteach. Tá airteagail chomhlachais chaighdeánaithe éigeantach don nós imeachta foirmithe ‘mear’. I gcásanna eile, is féidir airteagail chomhlachais chaighdeánaithe nó shaincheaptha a úsáid. Beidh sainaithint na mbunaitheoirí, agus a síniú i gcomhréir le Rialachán eIDAS. Áirítear sna rialacha rialú coisctheach agus foráil nach féidir le stiúrthóir atá dícháilithe i gceann de na Ballstáit a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta EU Inc.

Beidh teimpléid an Aontais, an fhoirm iarratais agus treoraíocht mhionsonraithe ábhartha céim ar chéim maidir le foirmiú cuideachta EU Inc. agus comhdú doiciméad aici le fáil ar chomhéadan lárnach an Aontais i dteangacha uile an Aontais. Ar an gcomhéadan lárnach AE cuirfear cros-seiceálacha uathoibríocha ar fáil freisin le hainmneacha cuideachtaí atá cláraithe cheana i gclár ghnó náisiúnta agus le trádmharcanna, trí nasc idir BRIS agus na huirlisí TF arna bhforbairt ag bunachar sonraí lárnach Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) le haghaidh trádmharcanna cláraithe.

Is féidir fochuideachta EU Inc. i mBallstát eile a bhunú freisin tríd an gcomhéadan lárnach AE nó go hiomlán ar líne le clár gnó náisiúnta. Ní iarrfar ar an gcuideachta a bhfuil an fhochuideachta EU Inc. á foirmiú aici aon doiciméad ná faisnéis atá ar fáil in BRIS a

sholáthar. Ina ionad sin, déanfaidh an clár gnó a chláraíonn an fhochuideachta an fhaisnéis agus na doiciméid faoin gcuideachta atá mar chuid den fhochuideachta a aisghabháil go huathoibríoch ó BRIS, agus ar bhonn an Aitheantóra Uathúil Eorpaigh.

An fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc., lena n-áirítear an tAitheantóir Uathúil Eorpach, chomh maith leis na sonraí sonracha chun an uimhir aitheantais chánach (UAC) agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint agus le haghaidh an chlár úinéireachta tairbhiúla a chuirtear isteach mar chuid den fhoirm iarratais, déanfaidh clár gnó an chlárúcháin í a mhalartú go digiteach leis na húdaráis atá i gceannas ar na UACanna agus na huimhreacha aitheantais CBL a eisiúint, le húdaráis slándála sóisialta agus leis an gclár úinéireachta tairbhiúla i mBallstát an chlárúcháin. Gheobhaidh cuideachtaí EU Inc. na huimhreacha aitheantais cánach (UAC) agus uimhreacha aitheantais CBL mar chuid den mhalartú leictreonach gan iarraidh orthu iarratas ar leithligh a chur faoi bhráid na n-údarás sin ná faisnéis bhreise a sholáthar mura rud é, chun an uimhir aitheantais CBL a eisiúint, nach féidir faisnéis bhreise a aisghabháil in áit eile agus go bhfuil fíorghá léi.

Caibidil III: Inrochtaineacht agus úsáid trasteorann faisnéise EU Inc.

Leis an Rialachán, comhchuihbítear an phríomhfaisnéis agus na príomhdoiciméid a bhaineann le cuideachta EU Inc., chomh maith le hathruithe orthu sin, nach mór don chlár gnó ina bhfuil an chuideachta EU Inc. cláraithe a chur ar fáil go poiblí. Déantar idirdhealú sa Rialachán idir doiciméid agus faisnéis atá le comhdú ag bunaitheoirí nó stiúrthóirí na cuideachta EU Inc. amhail, mar shampla, an t-ainm agus an fhoirm dhlíthiúil, an oifig chláraithe nó na hairteagail chomhlachais; iad siúd atá le comhdú ag cúirteanna inniúla agus ag údaráis phoiblí ábhartha eile, lena n-áirítear, mar shampla, aon dearbhú neamhnithe; agus iad siúd a leithdháiltear leis an gclár gnó, amhail an tAitheantóir Uathúil Eorpach nó stádas na cuideachta EU Inc. Leagtar amach sa Rialachán freisin cé na doiciméid agus an fhaisnéis ba cheart a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó, agus cé acu díobh ba cheart a chur ar fáil saor in aisce.

Déantar foráil sa Rialachán maidir le faisnéis agus doiciméid a chomhdú go hiomlán ar líne tríd an gcomhéadan lárnach AE nó go díreach chuig cláir ghnó náisiúnta. Leagtar amach ann freisin sprioc-amanna le haghaidh comhdú ag cuideachtaí EU Inc. chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid a stóráiltear i gcláir ghnó cothrom le dáta. Bíonn na sprioc-amanna éagsúil ag brath ar an gcineál doiciméid atá le comhdú agus ar an mbealach a chomhdaítear iad; i gcás leasuithe laistigh de struchtúr teimpléid an Aontais a chomhdaítear tríd an gcomhéadan lárnach AE, bheadh feidhm ag sprioc-amanna agus teorainn chostais an nós imeachta clárúcháin mhear.

Chun feabhas a chur ar úsáid trasteorann shonraí EU Inc., leagtar amach sa Rialachán prionsabal foriomlán na haonuaire nár cheart gur ghá do chuideachta EU Inc. a faisnéis a chur isteach arís i nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha i gcás inar féidir leis na húdaráis fhreagracha an fhaisnéis shonrach sin a cheadú trí BRIS nó sa chlár gnó ábhartha.

Ní mór do chuideachta EU Inc. a gcéannacht a nochtadh trína gcumarsáid ghnó oifigiúil agus trína láithreach leictreonach, agus liostaítear sa Rialachán an fhaisnéis is ábhartha is gá sa chomhthéacs sin. Déantar foráil sa chaibidil seo freisin maidir le clár digiteach lárnach a fhorbairt.

Ar an gcaoi chéanna le cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta de chuid an Aontais, beidh cuideachtaí EU Inc. in ann Deimhniú Cuideachta AE a úsáid, arna eisiúint agus arna dheimhniú ag cláir ghnó agus lena n-áirítear faisnéis bhunriachtanach faoin gcuideachta EU Inc., agus cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais mar bhealach chun duine a údarú chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta EU Inc. i nósanna imeachta trasteorann sonracha.

Déantar foráil sa Rialachán maidir le comhoiriúnacht na n-uirlisí sin le Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití ón Aontas agus leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó atá ar na bacáin. Díolmhaítear leis an Rialachán freisin cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid agus d'fhaisnéis a bhaineann le cuideachta EU Inc. a fhaightear ó chlár ghnó ó dhlísteánú nó ó fhoirmiúlachtaí comhchosúla, lena n-áirítear apastail. Ar an gcaoi chéanna, díolmhaítear leis an Rialachán freisin ionstraimí nótaire nó doiciméid riaracháin agus maidir le doiciméid agus faisnéis a mhalartaítear trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó, amhail deimhnithe réamhoibríochta ó dhlísteánú nó ó fhoirmiúlachtaí comhchosúla, lena n-áirítear apastail. An tráth céanna, cuireann sé coimircí ar fáil, atá ar fáil freisin do chuideachtaí eile faoi dhlíteanas teoranta de chuid an Aontais, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ar údarais i mBallstát eile maidir le tionscnamh nó barántúlacht an doiciméid nó na faisnéise a chuirtear i láthair. Cuireann sé teorainn freisin leis na ceanglais maidir le haistriúcháin ar chóipeanna nó sleachta de dhoiciméid a bhaineann le cuideachta EU Inc., go háirithe doiciméid dheimhnithe.

Leagtar amach sa Rialachán seo freisin forálacha atá ábhartha do BRIS agus liostaítear ann na saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu sa ghníomh cur chun feidhme a bheidh ann amach anseo a ghabhann leis an Rialachán seo.

Caibidil IV: Brainsí trasteorann.

Tá cead ag cuideachtaí EU Inc. brainsí a oscailt i mBallstáit eile seachas an Ballstát ina bhfuil an chuideachta EU Inc. cláraithe, tríd an gcomhéadan lárnach AE nó go hiomlán ar líne leis an gclár gnó náisiúnta le foirm iarratais, ar cheart di a bheith go hiomlán digiteach agus faisnéis a bhailiú mar shonraí struchtúrtha. Ní mór don chlár gnó a chláraíonn an brainse, de réir phrionsabal na haonuaire, an fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc. a aisghabháil go huathoibríoch trí BRIS agus ar bhonn an Aitheantóra Uathúil Eorpaigh, gan gá don chuideachta EU Inc. an fhaisnéis sin a chur isteach chun críoch chlárú an bhrainse arís.

De réir an phrionsabail chéanna a bhaineann le cuideachtaí EU Inc. a chlárú, ba cheart don chlár gnó sin an fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc. agus faoin mbrainse a fuarthas mar chuid den fhoirm iarratais, agus faisnéis ábhartha eile atá ar fáil sa chlár gnó sin agus trí BRIS, amhail an tAitheantóir Uathúil Eorpach (EUID), a mhalartú go leictreonach leis na húdarais atá i gceannas ar na huimhreacha aitheantais cánach (UAC) agus uimhreacha aitheantais CBL a eisiúint, le húdarais slándála sóisialta agus leis an gclár úinéireachta tairbhiúla. Gheobhaidh an brainse den chuideachta EU Inc. an uimhir aitheantais chánach (UAC) agus an uimhir aitheantais CBL mar chuid den mhalartú leictreonach sin. Níor cheart a cheangal ar an gcuideachta EU Inc. ná ar a bhrainse iarratas ar leithligh a chur faoi bhráid na n-údarás sin ná faisnéis bhreise a sholáthar, mura rud é, chun an uimhir aitheantais CBL a eisiúint, nach féidir faisnéis bhreise a aisghabháil in áit eile agus go bhfuil fíorghá léi.

Caibidil V: Eagraíocht.

Tá an eagraíocht agus na coinníollacha faoina ndéantar an chuideachta EU Inc. a bhainistiú faoi rialú ag na hairteagail chomhlachais. Tá an chuideachta EU Inc. á bainistiú ag bord stiúrthóirí, ar féidir stiúrthóirí amháin nó níos mó a bheith air. Ní mór cónaitheoir san Aontas a bheith i gceann amháin acu ar a laghad. Is é an cruinniú ginearálta a cheapann na stiúrthóirí, agus féadfaidh sé teoracha ceangailteacha a thabhairt dóibh freisin.

Is iad na stiúrthóirí atá i gceannas ar ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta. Tá siad faoi réir sraith dualgas, lena n-áirítear an dualgas chun gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta agus i gcomhréir leis na hairteagail chomhlachais. Tá siad faoi dhlíteanas don chuideachta freisin as aon sárú dualgais is cúis le caillteanas nó damáiste don chuideachta. I gcás ina ndéanann stiúrthóirí cinntí gnó de mheon macánta agus le cúram réasúnach, cosnaítear iad ar dhlíteanas le riail an bhreithiúnais ghnó. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir leis

an gcuideachta stiúrthóirí a chur faoi dhliteanas i gcás ina ngníomhaíonn siad ar réiteach dleathach ar an gcruinniú ginearálta.

Go ginearálta, ní mór do stiúrthóirí i gcuideachta EU Inc. an chuideachta a chur ar an eolas faoi choinbhleacht leasa agus staonadh ó pháirt a ghlacadh i gcinntí maidir le hábhair ina bhfuil coinbhleacht den sórt sin acu. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais idirbhearta idir an chuideachta agus stiúrthóirí nó páirtithe gaolmhara eile a chur faoi réir ceanglais shonracha maidir le nochtadh agus formheas.

Féadfar cruinnithe ginearálta, cruinnithe den bhord stiúrthóirí agus nósanna imeachta vótála a eagrú agus a reáchtáil go hiomlán nó go páirteach ar líne. Maidir le cinntí na scairsealbhóirí, is leor tromlach simplí go ginearálta chun iad a ghlacadh. A mhéid a bhaineann le leasuithe ar na hairteagail chomhlachais agus cinntí a dhéanann difear do chearta aicme, déantar foráil sa Rialachán maidir le ceanglais shonracha tromlaigh nó formheasa.

Chun scairsealbhóirí mionlaigh a chosaint ar chásanna tromchúiseacha de dhochar éagórach, tugtar an ceart do scairsealbhóirí leis an Rialachán iarratas a dhéanamh ar an gcúirt chun iad a tharraingt siar ón gcuideachta EU Inc.

Caibidil VI: An clár digiteach, scaireanna agus aistrithe scaireanna.

Tugtar aghaidh sa chaibidil seo ar an gcaoi a ndéanann an chuideachta scaireanna cuideachta EU Inc., a bhíonn dí-ábharaithe i gcónaí, a chlárú go digiteach agus a aistriú. Ba cheart an fhaisnéis ábhartha uile faoi scaireanna na cuideachta EU Inc. agus faisnéis faoi aon athrú ar a n-úinéireacht a áireamh i gclár digiteach na scaireanna. Ar bhonn na sonraí sin, tá an chuideachta in ann deimhniú digiteach a sholáthar do gach scairsealbhóir. Tá éifeacht bhunaitheach ag clárú scaireanna agus cuireann sé ar chumas scairsealbhóirí a gcearta a fheidhmiú.

Tá na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann le scair comhionann le haghaidh na scaireanna uile mura bhforáiltear a mhalairt leis na hairteagail chomhlachais. Is féidir leis na hairteagail chomhlachais aicmí iomadúla scaireanna a bhunú ag a bhfuil cearta agus oibleagáidí éagsúla a ghabhann le scaireanna gach aicme. Go háirithe, féadfar foráil a dhéanamh sna hairteagail chomhlachais maidir le scaireanna a bhfuil ilchearta vótála acu nó nach bhfuil aon cheart vótála acu.

Déantar foráil sa Rialachán maidir le hinaistritheacht shaor scaireanna cuideachta EU Inc. mura ndéantar foráil sna hairteagail chomhlachais maidir le srianta, amhail cearta réamhcheannaigh scairsealbhóirí atá ann cheana nó an ceanglas formheas na cuideachta a lorg sula ndéantar aistriú. Is féidir aistriú a dhéanamh go hiomlán ar líne, trí chomhaontuithe ríomhshínithe, trí fhógra leictreonach a thabhairt don chuideachta agus tríd an athrú úinéireachta a chlárú i gclár digiteach na scaireanna.

Féadfaidh cuideachtaí EU Inc., i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais uile is infheidhme faoi dhlíthe an Aontais agus faoi dhlíthe náisiúnta, a iarraidh go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar shaoráidí trádála iltaobhacha amhail Margaí Fáis FBManna agus féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt dóibh freisin a iarraidh go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais uile is infheidhme.

Caibidil VII: Maoiniú.

Bunaítear le forálacha na caibidle seo creat maoiniúcháin solúbtha do EU Inc.

Níl aon luach ainmniúil ag scaireanna cuideachta EU Inc. mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais. Dá réir sin, ní codán de chaipiteal na cuideachta iad. Ní cheanglaítear ar chuideachta EU Inc. íosmhéid caipitil a bheith aici ach oiread, agus níl feidhm ag gnáthrialacha cothabhála caipitil ach amháin a mhéid a roghnaíonn an chuideachta

caipiteal a thiomargadh. Mar sin féin, tá gach dáileachán faoi réir tástáil ar an gclár comhardaithe agus tástáil sócmhainneachta lena n-áirithítear go leanfaidh an chuideachta de bheith inmharthana agus in ann éilimh creidiúnaithe a shásamh. Éilítear an dá thástáil freisin le haghaidh éadail scaireanna dílse ag an gcuideachta agus le haghaidh fuascailt scaireanna.

I gcás nach bhfuil aon luach ainmniúil ag scaireanna cuideachta EU Inc., is féidir an chomaoin iomchuí le haghaidh scaire a chinneadh gan bhac in eisiúint scaireanna agus is féidir a chinneadh gan bhac freisin an gá ranníocaíocht a dhéanamh le caipiteal nó nach gá. Ina theannta sin, ní chuirtear srian leis an Rialachán ar an gcineál comaoine is féidir a sholáthar le haghaidh scaire, rud a cheadaíonn *inter alia* do bhreithnithe comhchineáil i bhfoirm gnóthas chun obair agus seirbhísí a dhéanamh.

Dearbhaítear suibscríobh na gcéad scaireanna in airteagail chomhlachais na cuideachta, agus is féidir scaireanna nua a eisiúint ar chinntí ón gcrúinniú ginearálta, agus is féidir leo a údarú don bhord stiúthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cinneadh a dhéanamh maidir le heisiúint scaireanna. Ina theannta sin, is féidir leis an gcrúinniú ginearálta cinneadh a dhéanamh nó comhlacht cuideachta eile a údarú chun cinneadh a dhéanamh maidir le heisiúint ionstraimí a bheidh i dteideal scaireanna nua amhail ionstraimí in-chomhshóite agus barántais. Go ginearálta, bíonn cearta réamhcheannaigh ag scairshealbhóirí atá ann cheana ar scaireanna nua arna n-eisiúint ar chomaoin airgid agus ar ionstraimí a thugann teideal do scaireanna nua, rud a chuireann ar a gcumas a scair a choinneáil sa chuideachta.

Cé nach gceanglaítear ar chuideachtaí EU Inc. caipiteal íosta a bheith acu, tugtar deis leis an Rialachán don chuideachta EU Inc. a mhéid caipitil a mhéadú tráth ar bith, trí eisiúint scaireanna in aghaidh comaoine i bhfoirm ranníocaíocht chaipitil nó trí chúlchistí a chomhshó ina gcaipiteal. Chun laghduithe caipitil a dhéanamh, tá gá le tástáil mhodhnaithe ar an gclár comhardaithe, tástáil sócmhainneachta agus tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách.

Caibidil VIII: Plean scair-rogha fostaithe AE.

Leis an gcaibidil seo, tugtar an deis do chuideachtaí EU Inc. plean scair-rogha fostaithe AE (SRF-AE) a bhunú faoina n-eisíonn siad barántais do dhaoine incháilithe, amhail fostaithe agus comhaltaí boird na cuideachta EU Inc. agus a fochuideachtaí. Ag deireadh tréimhse feithimh éigeantach, arna cinneadh ag an gcrúinniú ginearálta agus an plean á bhunú, is féidir le sealbhóirí na mbarántas sin a gcearta a fheidhmiú chun scaireanna a fháil sa chuideachta EU Inc.

Déantar cánachas ar aon ioncam a dhíorthaítear ó bharántais faoi SRF-AE a chur siar go dtí an t-am a dhiúscaítear na scaireanna a fhaightear trí na barántais a fheidhmiú.

Caibidil IX: Cuideachtaí EU Inc. sócmhainneacha a dhúnadh.

Leagtar amach sa chaibidil seo forálacha, lena n-áirítear nósanna imeachta digiteacha, i ndáil le díscáileadh agus leachtú. Déantar foráil ann maidir le comhdú go hiomlán ar líne le haghaidh díscáilte ag cuideachta EU Inc. shócmhainneach chuig an gclár gnó agus cuirtear d'oibleagáid ar an gclár gnó stádas na cuideachta a thabhairt cothrom le dáta láithreach. A mhéid a bhaineann le neamhniú cuideachta EU Inc. a bhfuil leachtú mar thoradh uirthi, leagtar amach sa Rialachán liosta eisiach foras chun go bhfógróidh cúirt neamhniú.

Leagtar amach sa Rialachán tíolacadh aonuaire sonraí chun críche leachtaithe, trína dtarchuirfeadh clár gnó clárúcháin cuideachta EU Inc. an fhaisnéis ábhartha chuig na húdaráis náisiúnta inniúla, nach bhféadfadh a iarraidh ar an gcuideachta í a sholáthar ar leithligh. Déantar foráil sa Rialachán freisin maidir le comhdú digiteach leis an gclár gnó agus maidir le cumarsáid dhigiteach idir na creidiúnaithe agus an chuideachta EU Inc. nó an leachtaitheoir.

Nuair atá cuideachta EU Inc. tar éis scor dá gníomhaíocht eacnamaíoch agus nuair nach bhfuil aon sócmhainní aici, nach bhfuil aon fhiacha uirthi nó nuair atá a dtoiliú tugtha ag a creidiúnaithe, agus i gcás nach bhfuil aon imeachtaí breithiúnacha ná riaracháin ar feitheamh, foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaí nós imeachta leachtaithe mear a bheith ann. Sa chás sin, tá feidhm ag sprioc-amanna gearra ach is féidir le creidiúnaithe agóid a dhéanamh fós i gcoinne an nós imeachta mhear agus is féidir le riaracháin chánach cur ina choinne. Laistigh de thart ar 3 mhí, is féidir an leachtú a chur i gcrích tríd an gcuideachta a bhaint den chlár. Coinnítear na leabhair agus na taifid fós ar feadh 6 bliana tar éis do dhuine ceaptha iad a bhaint agus tá stiúirthóirí faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith éilimh atá fós á mbreithniú tar éis iad a chur isteach nó nár cuireadh isteach iad go fóill le linn an nós imeachta mhear.

Caibidil X: Cuideachtaí dócmhainneacha a fhoirceannadh.

Tá rialacha sa chaibidil seo maidir le himeachtaí foirceanta simplithe do chuideachtaí EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad. Ní bhíonn creataí dócmhainneacha náisiúnta oiriúnach i gcónaí chun déileáil le cuideachtaí EU Inc. dócmhainneacha ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad i gceart agus go comhréireach. Is é cuspóir an togra, dá bhrí sin, a áirithiú go ndéanfar cuideachtaí EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad a fhoirceannadh ar bhealach ordúil, trí úsáid a bhaint as imeacht tapa agus costéifeachtach. Is é príomhaidhm na bhforálacha sa chaibidil seo an nós imeachta a shimpliú agus na costais riaracháin ghaolmhara a laghdú. I bprionsabal, ba cheart sócmhainní agus gnóthaí an ghnólachta a bheith i seilbh an fhéichiúnaí le linn na n-imeachtaí foirceanta simplithe.

Ba cheart do na Ballstáit úsáid modhanna leictreonacha cumarsáide a chumasú le haghaidh gach cumarsáide idir an t-údarás inniúil agus, i gcás inarb ábhartha, an cleachtóir dócmhainneachta, agus na páirtithe sna himeachtaí foirceanta simplithe. Féadfar tús a chur le himeachtaí foirceanta simplithe arna iarraidh sin don fhéichiúnaí nó arna iarraidh sin do chreidiúnaí. Chun an nós imeachta comhdúcháin a shimpliú, cruthófar foirm chaighdeánach faoi ghníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún. Le linn na n-imeachtaí foirceanta simplithe, ba cheart rochtain a bheith ag an bhféichiúnaí ar bhac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair.

Agus éilimh á dtaisceadh agus á ligean isteach ag creidiúnaithe in imeacht foirceanta simplithe, glactar leis gur ar bhonn ráiteas i scríbhinn arna chur isteach ag an bhféichiúnaí a thaisctear formhór na n-éileamh. I dteannta na n-éileamh a áirítear sa ráiteas sin, féadfaidh creidiúnaithe éilimh bhreise a thaisceadh. Chun an nós imeachta um chead isteach a shimpliú, meastar éilimh atá liostaithe i ráiteas an fhéichiúnaí a bheith ceadaithe, ach amháin má dhéanann an creidiúnaí agóid ina n-aghaidh go sonrach. Tar éis bhunú an eastáit dócmhainneachta, cinneann an t-údarás inniúil an dtéann sé ar aghaidh le réadú na sócmhainní, nó an ndúnann sé na himeachtaí foirceanta simplithe láithreach toisc go bhfágann luach na sócmhainní go bhfuil an réadú míréasúnta.

Fachtóir maolaithe costais eile is ea an fhéidearthacht don chúirt dul ar aghaidh le réadú na sócmhainní trí chóras ríomhcheantála, ar cheart do gach Ballstát é a chur ar bun mar chuid dá n-imeachtaí simplithe do chuideachtaí EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad ar a laghad. Ba cheart sócmhainní an fhéichiúnaí a réadú trí cheant poiblí leictreonach, ach amháin má mheasann an t-údarás inniúil go bhfuil sé níos iomchuí modhanna eile a úsáid chun na sócmhainní a dhíol i bhfianaise chineál na sócmhainní nó imthosca na n-imeachtaí.

Leis an Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit ardán ríomhcheantála amháin nó níos mó a bhunú agus a oibriú chun sócmhainní an eastáit dócmhainneachta a réadú in imeachtaí dócmhainneachta cuideachtaí EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad ar a laghad. De réir an tsampla de thionscadail eile de chuid an Aontais lena ndéantar cláir leictreonacha

dhílraithe a idirascadh, e.g. BRIS agus Córas Idirasctha na gClár Dócmhainneachta (IRI), ceanglaítear ar an gCoimisiún córas a bhunú lena n-idirascstar na córais ríomhcheantála náisiúnta tríd an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais, ar cheart dó a bheith ina lárphointe rochtana leictreonaí. Is é an breisluach a bhaineann le córas idirasctha den sórt sin inrochtaineacht na gceantanna uile trí ardán aonair atá ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Cinnfear sonraíochtaí teicniúla an chórais idirnaisc sin trí bhíthin gnímh cur chun feidhme/gníomhartha cur chun feidhme.

Caibidil XI: Liosta de cheanglais thoirmisce.

Leagtar amach sa chaibidil seo liosta de cheanglais thoirmisce chun a áirithiú go gcaitheann na Ballstáit le cuideachtaí EU Inc. sa dlí agus i bhfóras ar bhealach neamh-idirdhealaitheach i leith foirmeacha dlíthiúla eile a mhéid a bhaineann le gnéithe inchomparáide, mura féidir a léiriú go bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis an gcóir dhifreálach agus go bhfuil sí comhréireach.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis AN 28ú CÓRAS DEN CHREAT DLÍTHIÚIL CORPARÁIDEACH – ‘EU INC.’

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 dar teideal ‘Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach’²², moladh an 28ú córas chun go mbeidh cuideachtaí nuálacha in ann tairbhe a bhaint as tacar aonair comhchuibhithe rialacha cibé áit a n-infheistíonn siad agus a n-oibríonn siad sa mhargadh inmheánach. I dTeachtaireachtaí ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 dar teideal ‘An Margadh Aonair: ár margadh baile Eorpach i ndomhan éiginnte. Le Straitéis chun an Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir’²³ agus an 28 Bealtaine 2025 dar teideal ‘Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú Roghnaigh an Eoraip chun dul i mbun gnó agus méadú’²⁴ fógraíodh a thuilleadh go n-áireofaí sa 28ú córas creat dlíthiúil corparáideach de chuid an Aontais bunaithe ar réitigh dhigiteacha mar réamhshocrú.
- (2) D’iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, i mí an Mhárta agus i mí Dheireadh Fómhair 2025, an 28ú córas roghnach maidir le dlí na gcuideachtaí a mholadh gan mhoill i gcomhréir leis na hinniúlachtaí faoi seach faoi na Conarthaí, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí nuálacha méadú a dhéanamh. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa ‘An 28ú córas: creat dlíthiúil nua le haghaidh cuideachtaí nuálacha’ an 20 Eanáir 2026, iarradh togra uailmhianach lena ndíreofaí ar rialacha dhlí na gcuideachtaí agus lena dtabharfaí isteach foirm chorparáideach nua i ndlíthe náisiúnta le haghaidh cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta nach liostaítear ar an stocmhargadh, agus béim á leagan freisin, i measc nithe eile, ar an ngá atá le bearta chun úinéireacht stoic

²¹ IO C, lch. .

²² [Compás Iomaíoch](#), Eanáir 2025

²³ [Teachtaireacht maidir leis an Margadh Aonair](#), Bealtaine 2025

²⁴ [Teachtaireacht maidir le Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú](#), Bealtaine 2025

fostaithe a éascú, chun réiteach díospóidí níos éifeachtúla a áirithiú agus chun coimircí láidre a chur ar fáil chun cearta rannpháirtíochta fostaithe a chosaint.

- (3) Leis na 27 gcóras dlí náisiúnta a bhfuil rialacha, nósanna imeachta agus foirmeacha dlíthiúla náisiúnta ar leith acu le haghaidh cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, cruthaítear tírdhreach corparáideach ilroinnte casta san Aontas, rud a fhágann go bhfuil éiginnteacht dhlíthiúil agus costais ann do bhunaitheoirí, do chuideachtaí agus d'infheisteoirí de chuid an Aontais agus tríú tíortha. Dá bhrí sin, chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, is gá an creat rialála a shimpliú agus ilroinnt a laghdú trí dhlíthe a chomhfhogasú, go háirithe trí shraith chomhchuibhithe rialacha corparáideacha a thabhairt isteach, lena n-áirítear foirm dhlíthiúil náisiúnta chomhchuibhithe nua lena gcumhdaítear saolré cuideachta, lena n-áirítear leachtú agus dócmhainneacht. Tá gá le rialacha comhchuibhithe freisin chun a chur ar chumas cuideachtaí infheistíocht phríobháideach a mhealladh trí rialacha agus nósanna imeachta coiteanna atá tapa, digiteach agus costéifeachtach, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos éasca do chuideachtaí ardfháis méadú sa mhargadh inmheánach agus a chuirfeadh ar chumas infheisteoirí an Aontais agus infheisteoirí tríú tír araon infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí chomh maith le roghanna scoir níos solúbtha a thairiscint d'infheisteoirí den sórt sin chun a n-infheistíocht a leachtú.
- (4) Ba cheart creat corparáideach comhchuibhithe a leagan amach le foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe nua do chuideachta faoi dhliteanas teoranta 'EU Inc.'. Ba cheart an fhoirm dhlíthiúil nua chuideachta sin a thabhairt isteach i ndlíchórais náisiúnta na mBallstát uile. Bainneann creat agus gnéithe sonracha na foirme dlíthiúla náisiúnta nua leas as éagsúlacht na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta agus comhchuibhítear na rialacha agus na nósanna imeachta sin chun freastal ar riachtanais cuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus a n-infheisteoirí de chuid an Aontais agus tríú tíortha. Mar aon le foirmeacha dlíthiúla náisiúnta eile, ba cheart an chuideachta EU Inc. a chorprú i mBallstát agus a rialú go ginearálta le dlí Bhallstát an chlárúcháin. Ag an am céanna, ba cheart go mbainfeadh sé tairbhe as sraith chomhchuibhithe rialacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo. Le comhchuibhiú den sórt sin, d'éascófaí gnó trasteorann sa mhargadh inmheánach agus infheistíocht ag infheisteoirí de chuid an Aontais agus infheisteoirí tríú tír sna cuideachtaí sin agus d'áiritheofaí go laghdófaí an t-ualach riaracháin agus na costais do bhunaitheoirí agus do chuideachtaí agus d'infheisteoirí mar thoradh ar na rialacha agus na nósanna imeachta sin.
- (5) Freagraíonn an creat cuideachta EU Inc. a leagtar amach sa Rialachán seo go háirithe do riachtanais cuideachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí atá ag méadú ach ba cheart é a bheith oscailte go dlíthiúil do gach bunaitheoir agus cuideachta a mheasann go bhfuil sé oiriúnach dá samhail ghnó. Ba cheart do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha araon a bheith in ann cuideachta EU Inc. a bhunú. Ba cheart go bhféadfaí cuideachta EU Inc. a chruthú *ex nihilo* agus ba cheart go mbeadh cuideachtaí atá ann cheana in ann tiontú ina gcuideachtaí EU Inc. freisin. Ina theannta sin, ba cheart do chuideachtaí atá ann cheana, lena n-áirítear cuideachtaí EU Inc. a bheith in ann fochuideachtaí EU Inc. a bhunú, rud a chuirfeadh foirm dhlíthiúil na cuideachta EU Inc. ar fáil do ghrúpaí cuideachtaí. Ina theannta sin, go háirithe chun a áirithiú go bhféadfadh gnólachtaí atá ag méadú tairbhe a bhaint as creat na gcuideachtaí EU Inc., ba cheart é a bheith indéanta cuideachta EU Inc. a chruthú trí dheighilt nó cumasc intíre, nó trí chomhshó, cumasc nó deighilt trasteorann a

dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a comhchuibhíodh cheana le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵.

- (6) Chun creat dlíthiúil corparáideach comhchoiteann agus aontaithe a áirithiú d'fhoirmeacha cuideachta EU Inc. gan beann ar an mBallstát ina bhfuil siad corpraithe, ba cheart gnéithe a bhaineann le hábhair chorparáideacha a rialú go ginearálta leis an Rialachán seo nó le hairteagail chomhlachais fhoirmeacha cuideachta EU Inc. Ba cheart feidhm a bheith ag an dlí náisiúnta maidir le gach ábhar dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus maidir le hábhair nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo.
- (7) Ba cheart cuideachtaí EU Inc. a bunaíodh i mBallstát an chlárcháin agus atá ag feidhmiú ar fud an Aontais i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo a aithint i ngach Ballstát. Chuige sin, ba cheart do na cuideachtaí sin an ainmníocht choiteann, shainiúil agus shoiléir 'EU Inc.' a chur lena n-ainm. Ba cheart an ainmníocht sin a úsáid gan athrú agus níor cheart í a aistriú. Mhéadódh an ainmníocht 'EU Inc.' trédhearcacht agus neartódh sí muinín trína áirithiú go mbeadh a fhios ag comhpháirtithe gnó, infheisteoirí, páirtithe leasmhara agus tomhaltóirí eile chomh maith le húdaráis phoiblí go bhfuil siad ag déileáil le cuideachta a bhfuil na gnéithe comhchuibhithe céanna aici ar fud an Aontais. Ó thráth an chláraithe, gheobhadh cuideachta EU Inc. pearsantacht dhlítheanach, ós rud é gur comhlacht corpraithe í ar a bhfuil an t-ainm atá ina hairteagail chomhlachais agus a bhfuil comharbas suthain aici.
- (8) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an ainmníocht choiteann 'EU Inc.' á húsáid ar fud an mhargaidh inmheánaigh, tá sé tábhachtach nach n-oibríonn níos mó ná cuideachta amháin faoin ainm céanna. Dá bhrí sin, ba cheart ainm na cuideachta leis an ainmníocht 'EU Inc.' a bheith faoi réir rialacha sonracha chun a áirithiú go bhfuil an t-ainm oiriúnach dá úsáid agus go bhfuil sé uathúil do gach cuideachta. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart ainmneacha in-idirdhealaithe a bheith ag fochuideachtaí laistigh de ghrúpa, agus ba cheart ainm uathúil na cuideachta EU Inc. ar cuid di iad a áireamh in ainmneacha brainse. Ainmneacha atá míthreorach, mar shampla i gcás ina dtagraíonn ainm na cuideachta d'fheidhm phoiblí nó d'úinéireacht nach ann di nó lena dtugtar le fios cuspóir nó cuspóir de chuid na cuideachta nach bhfuil i gcomhréir lena hairteagail chomhlachais, ba cheart iad a thoirmeasc. Leis an bhfíorú uathoibríoch atá bunaithe ar nasc idir Córas Idirnasetha na gClár Gnó (BRIS) agus na huirlisí TF arna bhforbairt ag bunachar sonraí lárnach Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) le haghaidh trádmharcanna cláraithe, ba cheart go mbeadh sé níos éasca a sheiceáil nach bhfuil an t-ainm atá beartaithe ar an gcuideachta EU Inc. ag teacht salach ar thrádmharc atá cláraithe cheana féin. Ba cheart nasc den sórt sin a úsáid freisin chun críoch tascach do EUIPO chun iarratasóirí ar thrádmharc a chur ar an eolas an bhfuil trádmharc comhionann nó cosúil le hainm cuideachta EU Inc. atá ann cheana.
- (9) Is iad na hairteagail chomhlachais creat dlíthiúil bunúsach cuideachta, lena sainítear a heagrú inmheánach. Mar sin féin, tá rialacha éagsúla ag na Ballstáit ina leith sin. I roinnt Ballstát, ní mór dhá dhoiciméad ar leith a bheith ag cuideachtaí, eadhon ionstraim an bhunaithe agus na reachtanna (airteagail chomhlachais) agus i mBallstáit eile tá gá le doiciméad amháin. Maidir le EU Inc., is gá na rialacha sin a

²⁵ Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj>

chomhchuibhiú. Dá réir sin, gan beann ar Bhallstát an chláraithe, ba cheart na hairteagail chomhlachais le haghaidh na cuideachta EU Inc. a leagan síos in aon doiciméad aonair amháin agus ba cheart íosmhéid ábhair áirithe a áireamh iontu. I bhfianaise thábhacht bhunúsach na n-airteagal comhlachais do chomhpháirtithe gnó, d'údarais phoiblí, do chreidiúnaithe, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile, agus go háirithe d'infheisteoirí an Aontais agus tríú tíortha, ba cheart iad a bheith ann i dteanga náisiúnta nó i dteangacha náisiúnta Bhallstát cláraithe na cuideachta EU Inc. agus i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta. Dá mbeadh na hairteagail chomhlachais ar fáil i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta, d'áiríteofaí gur féidir le páirtithe leasmhara ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus le hinfeisteoirí tríú tír freisin, faisnéis faoi chuideachta EU Inc. a rochtain agus a thuiscint go héasca.

- (10) Cé gur cheart go mbeadh na bunaitheoirí in ann cuideachta EU Inc. a bhunú le hairteagail chomhlachais shaincheaptha, ba cheart teimpléid chomhchuibhithe ilteangacha de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh airteagail chomhlachais do chuideachtaí EU Inc. Murach sin, dá mbeadh 27 dteimpléad náisiúnta éagsúla ann le haghaidh airteagail chomhlachais, chaomhnófaí ilroinnt agus costais bhreise do bhunaitheoirí agus do chuideachtaí. Le teimpléid chomhchuibhithe an Aontais, trí airteagail chomhlachais eiseamláireacha a sholáthar ar fud an Aontais, d'fhéadfaí próiseas clárúcháin láraithe tapa a dhéanamh agus a áirithiú ag an am céanna go gcomhlíonfar aon cheanglas foirmiúil a bhaineann leis na hairteagail chomhlachais.
- (11) Ba cheart gach cuideachta EU Inc., cosúil le haon chuideachta eile de chuid an Aontais, a bheith faoi réir na saoirsí bunúsacha lena n-áirítear cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, féadfar cuideachta EU Inc. a bhunú in aon Bhallstát agus a roghnú cén áit a ndéanann sí a príomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh bunaitheoirí cuideachta EU Inc. in ann a roghnú cén Ballstát ina gcorprófaí cuideachta EU Inc., agus dá bhrí sin, cén Ballstát ina mbeadh a hoifig chláraithe aici. Ní féidir a cheangal ar chuideachta EU Inc. a riarachán lárnach nó a príomháiit ghnó a bheith aici sa Bhallstát céanna lena hoifig chláraithe. Ba cheart do na Ballstáit uile aitheantas a thabhairt don inniúlacht dhlíthiúil atá ag cuideachta EU Inc. atá corpraithe go dleathach i mBallstát eile.
- (12) Tá gá le nósanna imeachta lándigiteacha chun bunú cuideachtaí, oibríochtaí agus nósanna imeachta infheistíochta atá éifeachtúil agus iomaíoch i ndáiríre a chumasú ar féidir leo bunaitheoirí agus infheisteoirí araon a mhealladh. Dá bhrí sin, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta cheana féin maidir le digitiú dhlí cuideachtaí an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear trí Threoracha (AE) 2019/1151²⁶ agus (AE) 2025/25 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷, ba cheart dul níos faide leis an gcreat dlíthiúil corparáideach le haghaidh cuideachta EU Inc. maidir le rialacha agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú trí rialacha agus próisis 'dhigiteacha

²⁶ Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí (IO L 186, 11.7.2019, lch. 80), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1151/oj>

²⁷ Treoir (AE) 2025/25 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leasaítear Treoracha 2009/102/CE agus (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh (IO L, 2025/25, 10.1.2025), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/25/oj>

amháin' is infheidhme ar feadh shaolré na cuideachta a sholáthar, lena n-áirítear maidir le cumarsáid agus nósanna imeachta a bhaineann le hinfheistíocht. Ba cheart feidhm a bheith ag nósanna imeachta atá lándigiteach freisin i gcás ina bhfuil gá le híocaíocht chun nós imeachta a chur i gcrích. I ndáil leis sin, is iomchuí a áirithiú gur féidir íocaíocht den sórt sin a dhéanamh trí bhíthin seirbhísí íocaíochta trasteorann atá ar fáil go forleathan, amhail cártaí creidmheasa, aistrithe bainc agus aon ionstraim íocaíochta eile a úsáidtear go coitianta.

- (13) Nuair a ghlacfar iad, maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa [*Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú*], tacóidh siad le cuideachtaí i gcumarsáid gnólacht le gnólacht agus gnólacht le rialtas. Ba cheart cuideachta EU Inc. amhail cuideachtaí eile, a luaithe a fhoirmítear agus a chláraítear iad sa chlár gnó, a bheith in ann é a cheannach chun doiciméid a fhíordheimhniú, a stóráil agus a chomhroinnt go slán. Áirithítear leis an Rialachán seo comhoiriúnacht idir Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa agus príomhuirlisí digiteacha, amhail Deimhniú Cuideachta AE agus cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais, chun go mbainfidh cuideachtaí EU Inc. leas iomlán as cumais na dTiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa. Ba cheart na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, in éineacht le seirbhísí iontaoibhe, a bheith ar cheann de na roghanna atá ag cuideachtaí EU Inc. chun foirmeacha a shíniú agus brainse á chlárú acu nó fochuideachta á bunú acu.
- (14) I Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸, lena mbunaítear an Tairseach Aonair Dhigiteach, déantar foráil maidir le rialacha ginearálta a bhaineann le faisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh atá ábhartha i leith feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar ar líne. Cumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/1724 raon leathan nósanna imeachta riaracháin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, a mbeidh na cuideachtaí EU Inc., amhail cuideachtaí eile, in ann tairbhe a bhaint astu. An tráth céanna, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, déantar dlí na gcuideachtaí agus na nósanna imeachta dócmhainneachta do gach cuideachta, lena n-áirítear, dá bhrí sin, nósanna imeachta do chuideachtaí EU Inc. a leagtar síos sa Rialachán seo, a eisiaimh óna raon feidhme.
- (15) Leis an tairseach An Eoraip Agatsa, soláthraítear rochtain ar líne do ghnólachtaí agus do shaoránaigh ar fhaisnéis faoi rialacha agus nósanna imeachta a eascraíonn as dlí an Aontais agus as an dlí náisiúnta, sna réimsí a shonraítear i Rialachán (AE) 2018/1724, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le gnólacht a thosú, a réachtáil agus a dhúnadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart faisnéis faoi fhoirm dhlíthiúil agus nósanna imeachta cuideachta EU Inc. maidir le cuideachta EU Inc. a thosú, a réachtáil agus a dhúnadh, lena n-áirítear naisc chuig faisnéis atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin clárúcháin náisiúnta, a bheith ar fáil go poiblí tríd an tairseach An Eoraip Agatsa, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (16) Tá sé tábhachtach a áirithiú go soláthrófar leis an gcreat dlíthiúil corparáideach cuideachta EU Inc. foirm dhlíthiúil atá so-aitheanta ach iontaofa agus inmhuiníne

²⁸ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj>

freisin do bhunaitheoirí, do chuideachtaí, d'infheisteoirí agus do pháirtithe leasmhara eile agus nach féidir an fhoirm dhlíthiúil sin a úsáid chun dul timpeall ar chearta, lena n-áirítear go háirithe cearta fostaithe chun páirt a ghlacadh i mboird cuideachtaí. Dá bhrí sin, i gcás inarb ann do rialacha rannpháirtíochta fostaithe sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag cuideachta EU Inc., tá feidhm ag na rialacha sin maidir leis an gcuideachta sin. Áirithítear leis sin cóir chomhionann idir cuideachtaí EU Inc. agus foirmeacha cuideachta náisiúnta inchomparáide agus cosnaítear leis cosaintí náisiúnta atá ann cheana agus cearta faighte fostaithe. Meabhraítear leis seo freisin go bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹ maidir le caidrimh fostaíochta aonair a bhaineann le cuideachta EU Inc.

- (17) I gcás ina gcruthaítear cuideachta EU Inc. trí thiontú, cumasc nó deighilt trasteorann nó ina ndéanann sí comhshó, cumasc nó deighilt trasteorann, ba cheart d'oibríochtaí den sórt sin na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach i dTeideal II de Threoir (AE) 2017/1132 a leanúint. Dá bhrí sin, mar shampla i gcás ina ndéanann cuideachta EU Inc. tiontú trasteorann, dhéanfaidh sé é a thiontú ina chuideachta EU Inc. de chuid an Bhallstáit cinn scríbe. Ar an iomlán, is é is aidhm do na rialacha agus na nósanna imeachta sin i dTreoir (AE) 2017/1132 an tsoghluaisteacht trasteorann a éascú agus coimircí éifeachtacha a sholáthar d'fhostaithe, do scairshealbhóirí mionlaigh agus do chreidiúnaithe an tráth céanna. D'fhoill cearta rannpháirtíochta fostaithe atá ann cheana a chaomhnú, i gcás inarb infheidhme, foráiltear leis an Treoir gur cheart don chuideachta a bhfuil oibríocht trasteorann den sórt sin á déanamh aici dul i mbun caibidlíochta lena fostaithe nó lena hionadaithe a luaitear a chomhlíonfar tairseach a shonraítear sa Treoir, d'fhoill teacht ar réiteach cairdiúil a réitíonn ceart na cuideachta oibríocht trasteorann a dhéanamh le cearta rannpháirtíochta na bhfostaithe.
- (18) Maidir le cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta, ba cheart feidhm a bheith ag creat dlíthiúil an Aontais maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, lena n-áirítear Treoir 2002/14/CE³⁰ agus Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, chomh maith le Treoir 2001/23/CE³² ón gComhairle agus Treoir 98/59/CE ón gComhairle³³, maidir le cuideachtaí EU Inc. i gcás inarb iomchuí.
- (19) Tá cruthú cuideachta EU Inc. trí chumasc intíre nó trasteorann gan dochar do chur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais, ar leibhéal

²⁹ Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha, An Róimh I (IO L 177, 4.7.2008, lgh. 6–16), ELI: [Rialachán – 593/2008 – GA – Rialachán na Róimhe I – EUR-Lex](#)

³⁰ Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta maidir le fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo - Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO L 80, 23.3.2002, lgh. 29–34).

³¹ Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach nó nós imeachta a bhunú i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (Athmhúnlú) (IO L 122, 16.5.2009, lgh. 28–44).

³² Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cearta fostaithe a choimirciú i gcás aistriú gnóthas nó gnólachtaí nó codanna de gnóthais nó de ghnólachtaí (IO L 82, 22.3.2001, lgh. 16–20).

³³ Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lgh. 16–21).

an Aontais, le Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle³⁴, agus ar leibhéal na mBallstát araon.

- (20) Ba cheart d'fhoirmiú cuideachta EU Inc. agus go háirithe na hairteagail chomhlachais, agus aon leasuithe orthu, a bheith faoi réir rialú coisctheach riaracháin, breithiúnach nó nótaire agus seiceáil dlíthiúlachta, mar a leagtar amach sa Rialachán seo, chun a n-iontaofacht a áirithiú agus chun a n-úsáid a éascú go háirithe i gcásanna trasteorann. Mar is amhlaidh le haon fhoirm chuideachta eile, tá an rialú coisctheach fíor-riachtanach chun cosc a chur ar chuideachtaí caocha mí-úsáideacha nó calaoiseacha atá nasctha le himghabháil cánach nó sciúradh airgid. An tráth céanna, tá rialú coisctheach comhchuibhithe agus éifeachtúil rithabhachtach freisin chun foirmiúlachtaí riaracháin a laghdú maidir le faisnéis chuideachta a bheith á húsáid ag cuideachtaí, mar shampla comhpháirtithe gnó, creidiúnaithe agus údaráis phoiblí, agus chun aitheantas frithpháirteach a áirithiú, agus dá bhrí sin, chun cur i bhfeidhm éifeachtúil phrionsabal na haonuaire a áirithiú.
- (21) Chun go mbeidh bunaitheoirí in ann cuideachta EU Inc. a chur ar bun go héasca trí bhonneagar láraithe ar leibhéal an Aontais gan beann ar an mBallstát inar mian leo cuideachta EU Inc. a chur ar bun, ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le 'comhéadan lárnach AE' láraithe soláimhsithe lenar cheart go bhféadfaí na nósanna imeachta ábhartha a chur i gcrích gan 27 geinn náisiúnta éagsúla a úsáid. Ba cheart an gcomhéadan lárnach AE a thógáil mar chuid de chóras idirnasctha na gclár gnó (BRIS), lena nasctar cláir ghnó na mBallstát uile agus lena soláthraítear modhanna chun malartuithe slána trasteorann a dhéanamh idir cláir ghnó tríd an ardán. Ba cheart don chomhéadan lárnach AE an fhaisnéis agus na doiciméid a tharchur go slán chuig clár gnó an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta EU Inc. le clárú agus ba cheart do na cláir ghnó an fhaisnéis ábhartha a mhalartú go huathoibríoch leis na húdaráis rialaithe choiscthe. Ba cheart go gcuirfeadh an comhéadan ar chumas bunaitheoirí, nó a n-ionadaithe údaráithe, stádas chlárú na cuideachta EU Inc. a rianú i bhfíor-am.
- (22) Leis an gcomhéadan lárnach AE, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta 'mear' chun cuideachtaí a fhoirmiú, lena n-áirítear rialú coisctheach riaracháin, breithiúnach nó nótaire laistigh de 48 n-uair an chloig agus ar uaschostas EUR 100 i gcás ina mbunaítear an chuideachta EU Inc. tríd an bhfoirm iarratais chomhchuibhithe agus teimpléid an Aontais a úsáid le haghaidh airteagail chomhlachais. Ba cheart an fhoirm iarratais agus teimpléid an Aontais a chur ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite agus inchuadaithe chun idir-inoibritheacht trasteorann a chothú agus chun uathmhalartú sonraí idir údaráis phoiblí a éascú agus ba cheart iad a bheith ar fáil ar an gcomhéadan lárnach AE. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do chuideachtaí atá ann cheana, lena n-áirítear cuideachta EU Inc., a bheith in ann fochuideachta a bhunú tríd an nós imeachta céanna. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don chlár gnó ina bhfuil an fhochuideachta le clárú an fhaisnéis faoin gcuideachta a bhfuil an fhochuideachta á bunú aici a aisghabháil go huathoibríoch ó BRIS. Ina theannta sin, ba cheart an deis a bheith ag bunaitheoirí agus ag cuideachtaí cuideachta a fhoirmiú a bhfuil airteagail chomhlachais shaincheaptha aici nó cuideachta a bhunú go díreach le cláir ghnó náisiúnta.
- (23) Chun an clárú digiteach agus an comhdú digiteach a shimpliú agus a chuíchóiriú a thuilleadh chomh maith le foirmeacha agus samhlacha treoraithe roghnacha a chur ar

³⁴ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán CE um Chumaisc) (IO L 24, 29.1.2004, lgh. 1–22).

fáil do chuideachtaí EU Inc., ba cheart don Choimisiún an comhéadan lárnach AE a fhorbairt a thuilleadh i dtreo clár lárnach digiteach do chuideachta EU Inc., ag tógáil ar fheidhmiúlachtaí chláir na mBallstát agus ar an mbonneagar idirnáisc atá ann cheana.

- (24) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do reachtaíocht eanála an Aontais ná don reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha gnó. Mar sin féin, chun go bhféadfar cuideachta EU Inc. a fhoirmiú ar líne nó brainse de chuideachta EU Inc. a chlárú ar líne go tráthúil, níor cheart do na Ballstáit é a chur de choinníoll le foirmiú cuideachta nó clárú brainse ar líne go bhfaighfear aon cheadúnas nó údarú sula bhféadfar foirmiú cuideachta nó clárú brainse a chur i gcrích, ach amháin i gcás ina leagtar síos é sa dlí náisiúnta chun rialú cuí gníomhaíochtaí áirithe a áirithiú.
- (25) I gcomhthéacs cuideachta a bhunú, is minic a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta ar bhunaitheoirí faisnéis faoin gcuideachta a chur faoi bhráid roinnt údaráis phoiblí ar leithligh chun críoch cánach, slándála sóisialta nó frithsciúrtha airgid. Fágann sé sin go mbíonn moilleanna agus costais bhreise ann chun tús a chur le reáchtáil an ghnólachta nua. Dá bhrí sin, chun an t-ualach riaracháin agus na costais a laghdú agus chun a áirithiú go gcuirfear na nósanna imeachta i gcrích go tapa, ba cheart na rialacha agus na nósanna imeachta sin a chomhchuihbhiú trína áirithiú go ndéanfar malartú sonraí ‘aonuaire’ idir clár gnó clárúcháin cuideachta EU Inc. agus na húdaráis náisiúnta ábhartha. Chuideodh cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire maidir le húdaráis chánach, údaráis slándála sóisialta agus na cláir úinéireachta tairbhiúla freisin le dul i ngleic le mí-úsáid a d’fhéadfadh a bheith ann trína áirithiú go gcomhroinnfidh cláir ghnó sonraí le húdaráis eile chomh maith leis an gclár úinéireachta tairbhiúla, agus go n-úsáidfí siad uile an fhaisnéis chuideachta chéanna.
- (26) I gcás faisnéis den sórt sin a chuirtear isteach uair amháin, ba cheart do chlár gnó clárúcháin na cuideachta EU Inc. sonraí ábhartha na cuideachta a aistriú go huathoibríoch, lena n-áirítear an tAitheantóir Uathúil Eorpach (EUID), chuig na húdaráis atá freagrach as an uimhir aitheantais chánach (UAC) agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint, chuig údaráis slándála sóisialta, agus chuig an gclár úinéireachta tairbhiúla, gan iallach a bheith ar bhunaitheoirí ná ar chuideachtaí an fhaisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás sin arís. Na sonraí sonracha is gá chun an uimhir aitheantais chánach (UAC) agus an uimhir aitheantais CBL a fháil agus a cheanglaítear leis an gclár úinéireachta tairbhiúla, arna gcur isteach san fhoirm iarratais, ba cheart iad a bheith mar chuid den aistriú uathoibríoch freisin. Ina theannta sin, ba cheart an chuideachta EU Inc. an uimhir aitheantais chánach (UAC) agus an uimhir aitheantais CBL a fháil tríd an malartú digiteach sin gan gá le hiarratas ar leithligh a chur isteach, ach amháin i gcásanna teoranta a bhfuil údar cuí leo ina n-éilíonn na húdaráis atá i gceannas ar an uimhir aitheantais CBL a eisiúint faisnéis bhreise chás-sonrach.
- (27) Chun muinín as cuideachtaí EU Inc. agus trédhearcacht fúthu a mhéadú, chun faisnéis iontaofa a chur ar fáil do thríú páirtithe agus chun oibríochtaí agus gníomhaíochtaí chuideachtaí EU Inc. sa mhargadh inmheánach a éascú, tá sé rithábachtach rochtain éasca ar fhaisnéis faoi chuideachtaí EU Inc. a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart tacar comhchuibhithe faisnéise faoi chuideachta EU Inc. a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais trí BRIS ar an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais a bhuí le húsáid lipéad ilteangach, agus sna cláir ghnó náisiúnta freisin, mar is amhlaidh i gcás faisnéis faoi chuideachtaí eile de chuid an Aontais. Ina theannta

sin, chun cumarsáid le páirtithe leasmhara a éascú, ba cheart d'fhoirmeacha cuideachta EU Inc. a gcéannacht a nochtadh trína gcumarsáid ghnó oifigiúil agus trína láithreach leictreonach, rud a chuirfidh ar chumas páirtithe leasmhara an chuideachta a shainaithint go héasca agus teagmháil a dhéanamh léi, agus a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis is ábhartha faoi fhoirmeacha cuideachta EU Inc., lena n-áirítear a nAitheantóir Uathúil Eorpach (EUID). Ní mór do na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear cuideachtaí, údaráis agus an pobal i gcoitinne, a bheith in ann brath ar fhaisnéis chuideachta chun críoch gnó nó i nósanna imeachta riaracháin amhail nósanna imeachta cánach nó nósanna imeachta a bhaineann le saothar lena n-áirítear oibrithe a phostú nó imeachtaí breithiúnacha. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh faisnéis faoi chuideachta EU Inc. atá ar fáil go poiblí trí BRIS agus sna cláir ghnó náisiúnta iontaofa agus go gcoimeádfar cothrom le dáta í mar is amhlaidh i gcás faisnéis faoi chuideachtaí eile de chuid an Aontais. Cuidíonn faisnéis iontaofa agus cothrom le dáta freisin leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus na mí-úsáide agus áirithítear léi go n-úsáidfear í gan foirmiúlachtaí breise i gcásanna trasteorann.

- (28) Leis an bhfaisnéis iontaofa agus cothrom le dáta faoi chuideachtaí EU Inc. ar leibhéal an Aontais trí BRIS agus sna cláir ghnó náisiúnta, ba cheart faisnéis a chumhdach ar feadh shaolré na cuideachta, lena n-áirítear leachtú na cuideachta. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis phoiblí náisiúnta a bheith in ann tairbhe iomlán a bhaint as an bhfaisnéis sin. An tráth céanna, ba cheart a cheangal orthu rochtain a fháil air agus é a cheadú gan iarraidh ar chuideachtaí EU Inc. faisnéis a sholáthar ar leithligh mura bhfuil gá le faisnéis agus doiciméid chun ceanglais shonracha nós imeachta a chomhlíonadh amhail an dearbhú cánach ábhartha a chomhlánú nó tairiscint a chruthú i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí. Chun rochtain ar fhaisnéis den sórt sin a éascú a thuilleadh, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis náisiúnta nascadh go díreach le BRIS trí phointí rochtana roghnacha náisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh an Coimisiún pointí rochtana roghnacha a bhunú ar chórais arna bhforbairt agus arna n-oibriú ag an gCoimisiún nó ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun a bhfeidhmeanna riaracháin a chomhlíonadh nó chun forálacha dhlí an Aontais a chomhlíonadh amhail an pointe rochtana roghnach a d'oscail an tÚdarás Baincéireachta Eorpach i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵.
- (29) Chun a gníomhaíochtaí trasteorann sa mhargadh inmheánach a éascú, ba cheart don chuideachta EU Inc. a bheith in ann a chruthú go bhfuil sí corpraithe go dlíthiúil i mBallstát trí mhodhanna simplí iontaofa, ar cheart a cheangal ar Bhallstáit eile iad a aithint. Dá bhrí sin, ba cheart cuideachtaí EU Inc., amhail cuideachtaí eile de chuid an Aontais, a bheith in ann Deimhniú Cuideachta AE comhchuibhithe a úsáid, a tugadh isteach le Treoir (AE) 2025/25, chun críoch éagsúil, lena n-áirítear i nósanna imeachta riaracháin os comhair údaráis náisiúnta nó institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais agus in imeachtaí breithiúnacha i mBallstáit eile. Áirítear sa Deimhniú Cuideachta AE faisnéis bhunriachtanach chuideachta faoi chuideachta EU Inc agus eisítear agus deimhnítear í le cláir ghnó náisiúnta agus tá sí ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart cuideachta EU Inc. a bheith in ann cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a úsáid, amhail cuideachtaí

³⁵ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibriochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lgh. 1–79), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>

eile de chuid an Aontais, a tugadh isteach freisin le Treoir (AE) 2025/25, chun duine a údarú chun ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta i nósanna imeachta sonracha a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Ba cheart glacadh le cumhacht atur nae dhigiteach an Aontais mar fhianaise ar theidlíocht an duine údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta EU Inc.

- (30) Chun nósanna imeachta trasteorann a éascú tuilleadh agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart do chuideachta EU Inc. a bheith in ann a faisnéis chuideachta a úsáid i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear agus é ag déileáil le húdaráis inniúla nó in imeachtaí breithiúnacha i mBallstát eile gan foirmiúlachtaí troma. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit a bheith in ann dlisteanú ná aon fhoirmiúlacht chomhchosúil a éileamh, amhail apastail, i leith cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid agus d'fhaisnéis a bhaineann le cuideachtaí EU Inc. a fhaightear ó chlár ghnó. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart dlisteanú ná foirmiúlacht chomhchosúil a bheith ag teastáil le haghaidh gníomhartha nótaire ná doiciméid riaracháin ná le haghaidh doiciméid agus faisnéis a mhalartaítear trí BRIS, amhail deimhnithe réamhoibríochta. An tráth céanna, chun calaois nó brionnú a chosc, ba cheart feidhm a bheith ag na coimircí atá ann cheana a leagtar amach i dTreoir (AE) 2025/25, lena cheart d'údaráis an Bhallstáit ina gcuirtear an doiciméad cuideachta nó an fhaisnéis chuideachta i láthair a bheith in ann, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach orthu maidir lena dtionscnamh nó lena mbarántúlacht, an doiciméad nó an fhaisnéis a fhíorú tríd an gclár eisiúna nó tríd an gclár ina mBallstát féin.
- (31) Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin ag acquis dhlí cuideachtaí an Aontais atá ann cheana, go háirithe Treoir (AE) 2025/25, maidir leis na bacainní teanga i nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí a sháru agus ba cheart do chuideachtaí EU Inc. tairbhe a bhaint astu sin. Tar éis iarrataí ó chuideachtaí, agus go háirithe ó phobal na ngnólachtaí nuathionscanta, na nósanna imeachta chun cuideachtaí a bhunú agus infheistíocht a dhéanamh iontu a chur ar fáil a mhéid is féidir i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta, déantar tuilleadh dul chun cinn leis an Rialachán seo trí fhoirm iarratais dhátheangach agus airteagail chomhlachais chaighdeánaithe a thabhairt isteach, atá ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla Bhallstát an chláirúcháin agus i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta. Le hinfhaighteacht phoiblí an dá leagan teanga de na hairteagail chomhlachais sa chlár gnó agus trí BRIS, tabharfar rochtain d'infheisteoirí, do chreidiúnaithe agus d'údaráis phoiblí ar an doiciméad cuideachta is tábhachtaí i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta. Leis an úsáid a bhaintear as teanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta sa doiciméad fíor-riachtanach seo, laghdaítear go mór freisin an gá atá le haistriúcháin agus, dá bhrí sin, an t-ualach riaracháin agus na costais riaracháin ar chuideachtaí agus ar pháirtithe leasmhara atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach. Sa chomhthéacs sin, níor cheart a cheangal go n-aistreofaí cóipeanna nó sleachta de dhoiciméid a bhaineann le cuideachtaí EU Inc. i gcás inar féidir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis shonrach, e.g. in airteagail chomhlachais na cuideachta EU Inc. nó trí BRIS. Níor cheart aistriúchán deimhnithe a cheangal ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis, mar shampla, i gcás ina bhfuil na doiciméid le cur ar fáil go poiblí i gclár gnó nó i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha.
- (32) Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag cuideachtaí EU Inc. a ngnó a eagrú agus a bhainistiú i gcomhréir lena riachtanais éagsúla ó thaobh a méide, a ngníomhaíochtaí nó riachtanais an mhargaidh de. Dá bhrí sin, ba cheart an tsaoirse a bheith ag scairshealbhóirí eagrú na cuideachta EU Inc. sna hairteagail chomhlachais a

chinneadh agus na ceanglais chomhchuibhithe a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh acu an tráth céanna. Ba cheart bord stiúrthóirí a bheith ag an gcuideachta EU Inc. ag a bhfuil stiúrthóir amháin nó níos mó ar daoine nádúrtha iad agus ba cheart stiúrthóir amháin ar a laghad a bheith ina chónaí san Aontas. D'fhéadfadh comhlachtaí breise a bheith ag an gcuideachta EU Inc. freisin, amhail comhlacht maoirseachta.

- (33) Chun an chuideachta EU Inc. a bhainistiú go héifeachtach, ba cheart don bhord stiúrthóirí a bheith in ann cumhachtaí uile na cuideachta a fheidhmiú, cé is moite d'ábhair thábhachtacha a fhorchoimeádtar don chruinniú ginearálta nó do chomhlacht cuideachta eile, amhail formheas na gcuntas bliantúil. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gcruinniú ginearálta freisin stiúrthóir a cheapadh nó a bhriseadh as a phost tráth ar bith, gan beann ar aon téarmaí oifige arna gcomhaontú idir an chuideachta agus an stiúrthóir. Mar phrionsabal, ba cheart do stiúrthóirí ionadaíocht chomhpháirteach a dhéanamh ar na cuideachta EU Inc. mar 'chomhstiúrthóirí', ach d'fhéadfadh scairshealbhóirí a chinneadh gur féidir le gach stiúrthóir nó stiúrthóirí áirithe ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta ina n-aonar.
- (34) Ba cheart stiúrthóirí fhoirmeacha na cuideachtaí EU Inc. uile a bheith faoi réir sraith chomhchuibhithe de dhualgais na stiúrthóirí ginearálta. Leis na dualgais ghinearálta sin, a leagtar amach sa Rialachán seo, níor cheart aon dualgas breise a bhféadfadh feidhm a bheith aige i gcásanna sonracha a athrú ná a eisiáimh, amhail na dualgais a leagtar amach in Airteagal 19 de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶ i gcás ina bhfuil dóchúlacht dócmhainneachta ann. Agus a sainorduithe á bhfeidhmiú acu, ba cheart do stiúrthóirí cuideachta EU Inc. gníomhú de mheon macánta, le cúram, scil agus dúthracht réasúnta, lena n-áirítear freisin a áirithiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach acu ionas go bhfreastalóidh a gcinntí ar leas na cuideachta. Ba cheart an dualgas a bheith i gceist freisin le gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta coinbhleachtaí leasa a sheachaint trínar cheart do na stiúrthóirí an bord stiúrthóirí nó an cruinniú ginearálta a chur ar an eolas faoi aon choinbhleachtaí leasa agus níor cheart, go ginearálta, iad a bheith mar chuid de chinntí a bhaineann le haon choinbhleachtaí den sórt sin.
- (35) I bhfianaise éagsúlacht na méideanna, na struchtúr bainistíochta agus na struchtúr scairshealbhóirí a d'fhéadfadh a bheith ag cuideachta EU Inc., níor cheart cuideachtaí den sórt sin a bheith faoi réir riail aonfhoirmeach arna forchur ag na Ballstáit chun idirbhearta le páirtithe a bhaineann le cuideachta a láimhseáil. Mar sin féin, chun leasanna scairshealbhóirí áirithe nó na scairshealbhóirí uile a chosaint, ba cheart do chuideachta EU Inc. a bheith in ann a shonrú sna hairteagail chomhlachais nach mór idirbhearta áirithe a thugtar i gcrích go díreach nó go hindíreach le páirtithe áirithe a bhaineann le cuideachta, amhail stiúrthóirí agus scairshealbhóirí, a chur faoi bhráid an chruinnithe ghinearálta nó faoi bhráid comhlacht cuideachta eile lena bhformheas nó lena gcur in iúl dó. Ba cheart do scairshealbhóirí a bheith in ann an cineál nósanna imeachta formheasa nó faisnéise is gá sna hairteagail chomhlachais a oiriúnú dóibh chun go mbeidh siad in oiriúint ar an mbealach is fearr do mhéid agus do struchtúr comparáideach na cuideachta.

³⁶

Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1023/oj>

- (36) Chun an chinnteoireacht i gcuideachtaí EU Inc. a éascú agus chun dlús a chur léi, ba cheart na rialacha maidir le cinnteoireacht a chomhchuibhiú, gan beann ar Bhallstát a gcláraithe. Ba cheart a áirithiú go mbeidh scairshealbhóirí an Aontais agus scairshealbhóirí tríú tír araon in ann páirt a ghlacadh i gcrúinnithe ginearálta, go bhféadfar na cruinnithe sin a thionól go hiomlán ar líne nó i bhfoirm hibrídeach, agus gur féidir na scairshealbhóirí uile a shainaithint go hiontaofa, gur féidir leo páirt a ghlacadh agus vótáil le linn na gcrúinnithe sin. Ar an gcaoi chéanna, chun an chinnteoireacht a dhéanamh níos éifeachtúla, i gcásanna áirithe, ba cheart é a bheith indéanta cinntí a dhéanamh trí rúin i scríbhinn a d'fhéadfaí a ghlacadh freisin trí mheán leictreonach. Ba cheart cinntí a ghlacadh de réir córaim agus bunaithe ar cheanglais tromlaigh, agus tá an tsolúbthacht ag na scairshealbhóirí na cinntí sin sna hairteagail chomhlachais a leasú. Mar gheall ar an tábhacht shuntasach a bhaineann leis na hairteagail chomhlachais don chuideachta, áfach, ba cheart leasuithe orthu a ghlacadh trí thromlach cáilithe chun cosaint a thabhairt do scairshealbhóirí mionlaigh. Ba cheart rialacha comhchuibhithe a leagan amach maidir le gnéithe sonracha i gcás inar cuideachta aonbhaill é cuideachta EU Inc. nó ina ndéantar cuideachta aonbhaill de, lena n-áirítear maidir leis an bhfaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí i gclár ghnó agus trí BRIS chun faisnéis iontaofa a sholáthar do thríú páirtithe. Tá na rialacha sa togra seo i gcomhréir leis na rialacha le haghaidh cuideachtaí aonbhaill eile san Aontas, a leagtar amach i dTreoir 2009/102/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷.
- (37) Chun cothromaíocht a bhaint amach idir tionchar suntasach na scairshealbhóirí tromlaigh agus an bhoird stiúrthóirí, an neamhspleáchas tábhachtach a dheonaítear le hairteagail chomhlachais cuideachta EU Inc. agus an gá atá le cosaint scairshealbhóirí mionlaigh, ba cheart ceart chun tarraingt siar a sholáthar do scairshealbhóirí mionlaigh i gcásanna eisceachtúla ina ndéantar dochar neamhnáireach. D'fhéadfaí a áireamh ar chásanna a d'fhéadfadh údar a thabhairt le tarraingt siar den sórt sin, mar shampla, cásanna inar baineadh sciar suntasach dá sócmhainní den chuideachta, i gcás inar tugadh treoir do stiúrthóirí ag an gcrúinniú ginearálta deis shuntasach ghnó a chailleadh gan toiliú an scairshealbhóra a bheidh ag tarraingt siar nó i gcás ina bhfuil athrú suntasach tagtha ar ghníomhaíochtaí na cuideachta. Mar sin féin, ba cheart an measúnú i dtaobh an bhfuil gnóthaí na cuideachta á ndéanamh ar bhealach leatromach a fhorchoimeád don chúirt inniúil, agus ba cheart imthosca ábhartha uile an cháis aonair a chur san áireamh.
- (38) Ba cheart do gach cuideachta EU Inc. a bheith freagrach as a clár scaireanna digiteacha a bhunú agus a nuashonrú. Ba cheart é a bheith indéanta freisin é a tharmligeán chuig tríú páirtí a bheidh i gceannas air thar ceann na cuideachta. Chun cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua a chur san áireamh, ba cheart a thuiscint go bhfuil na ceanglais a mhéid a bhaineann le scaireanna, clár na scaireanna digiteacha agus an deimhniú digiteach scaireanna neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ar choinníoll go gcomhlíonann an chuideachta EU Inc. na ceanglais maidir le clár na scaireanna digiteacha agus an deimhniú digiteach scaireanna, ba cheart an tsaoirse a bheith aici a roghnú conas an clár a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear an rogha maidir le teicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid chun na críche sin nó gan í a úsáid agus ar cheart deimhnithe digiteacha scaireanna a sholáthar i bhfoirm ceadchomharthaithe nó nár cheart. Is éard atá i gceist leis an gclár digiteach a

³⁷ Treoir 2009/102/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 i réimse dhlí na gcuideachtaí maidir le cuideachtaí príobháideacha teoranta aonbhaill (Leagan códaithe) (IO L 258, 1.10.2009, lch. 20–25), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/102/2013-07-01>

choinneáil cothrom le dáta freisin go dtaifeadtar gach aistriú scaireanna agus go bhfaigheann an scairshealbhóir deimhniú um scaireanna lena ndeimhnítear a stádas mar scairshealbhóir.

- (39) I gcomhréir le saorghluaiseacht chaipitil agus chun a ráthú go mbeidh an tsaoirse is gá ag cuideachtaí chun infheisteoirí nua a mhéadú agus a mhealladh, ba cheart a áirithiú go ndéanfar aistrithe scaireanna gan srian, mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais. Tuigtear go gcuimsítear le haistrithe scaireanna éadálacha agus aistrithe saor in aisce araon, amhail tabhartais, agus d'fhéadfadh baint a bheith acu le húinéireacht iomlán nó le codán di.
- (40) Cé gur cheart cearta agus oibleagáidí comhionanna a bheith ag gach scair, ba cheart cead a bheith ag an gcuideachta EU Inc. a chinneadh freisin go bhfuil cearta éagsúla eacnamaíocha nó vótála ag aicmí scaireanna chun oiriúnú do cheanglais scairshealbhóirí áirithe. Níor cheart do na Ballstáit idirdhealuithe den sórt sin a thoirmeasc ná coinníoll a chur leo leis an dlí náisiúnta. Féadfaidh cearta eacnamaíocha nó vótála éagsúla freastal ar chuspóirí éagsúla. Mar shampla, d'fhéadfaidís ligean do bhunaitheoirí an chuideachta a chosaint ar tháthcheangail naimhdeacha.
- (41) Chun raon leathan roghanna maoiniúcháin a sholáthar do chuideachta EU Inc. agus dá hinfeisteoirí, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar shaorghluaiseacht caipitil laistigh den Aontas agus ó thríú tíortha, níor cheart trádáil urrús cuideachta EU Inc. a theorannú d'ionstraimí fiachais. Ba cheart an deis a bheith ag cuideachta EU Inc. rochtain a fháil ar shaoráidí trádála iltaobhacha amhail margaí fáis FBManna chun a scaireanna a thrádáil agus níor cheart do na Ballstáit rochtain den sórt sin a thoirmeasc. I gcás ina n-iarrann cuideachta EU Inc. go ligfí a scaireanna isteach chun a dtrádála ar na margaí sin, ba cheart di na ceanglais uile is infheidhme faoi dhlíthe an Aontais agus faoin dlí náisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais sin a comhchuibhíodh cheana féin trí Rialachán (AE) Uimh. 596/2014³⁸ maidir le drochúsáid mhargaidh agus Treoir (AE) 2024//2810³⁹ maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a iarrann go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar shaoráid trádála iltaobhach.
- (42) Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghnólachtaí atá ag méadú agus do chuideachtaí EU Inc. níos aibí chun a riachtanais maoinithe cothromais a chomhlíonadh, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do chuideachta EU Inc. a iarraidh go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Ba cheart a cheangal leis an rochtain sin freisin go gcomhlíonfar gach dlí de chuid an Aontais agus gach dlí náisiúnta is infheidhme, mar shampla na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1129⁴⁰ maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a

³⁸ Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 1–61), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/2024-12-04>

³⁹ Treoir (AE) 2024/2810 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a iarrann go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar shaoráid trádála iltaobhach (IO L, 2024/2810, 14.11.2024), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2810/oj>

⁴⁰ Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lgh. 12–82), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/2024-12-04>

thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, Treoir 2007/36/CE⁴¹ maidir le feidhmiú cearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe agus Treoir 2004/109/CE⁴² maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

- (43) Cuireann ilroinnt dhlíthe na mBallstát maidir le maoiniú ghnólachtaí an Aontais srian ar chuideachtaí infheisteoirí a mhealladh, go háirithe ó Bhallstáit eile agus ó thríú tíortha. Díspreagtar infheisteoirí trasteorann amhail caipitlithe fiontair agus aingil ghnó mar gheall ar chostais arda idirbheart, dícheall cuí trasteorann casta, agus struchtúir chorporáideacha náisiúnta nach bhfuil cur amach acu orthu. Chun na bacainní sin a sháru agus chun ailíniú le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 dar teideal ‘Aontas Coigiltis agus Infheistíochta. Straitéis chun Rachmas agus Iomaíochas Eacnamaíoch na Saoránach a Chothú san Aontas Eorpach’, ba cheart an chuideachta EU Inc. a bheith faoi réir creat maoiniúcháin comhchuibhithe. Ba cheart an creat sin a cheapadh go sonrach chun infheistíocht chothromais trasteorann a mhealladh agus a éascú trí shásraí cistiúcháin comhchuibhithe atá an-solúbtha agus atá áirithe ó thaobh an dlí de a sholáthar. Ba cheart an creat sin freisin cothromaíocht a bhaint amach agus freastal ar riachtanais na mbunaitheoirí agus na n-infheisteoirí luathchéime agus fáis chun a áirithiú go mbeidh cuideachtaí EU Inc. an-tarraingteach agus iad in iomaíocht le haghaidh caipiteal fiontair agus infheistíochtaí eile ar scála domhanda.
- (44) Chun coinníollacha solúbtha a chur ar fáil le haghaidh infheistíochta ar fud an Aontais, níor cheart a cheangal go mbeadh luach ainmniúil ag scaireanna cuideachta EU Inc. Mar réamhshocrú, níor cheart na scaireanna a bheith ina gcodán de chaipiteal na cuideachta ach oiread. Níor cheart, dá réir sin, na cearta eacnamaíocha agus rialaithe a ghabhann le scair a bheith ag brath ar ranníocaíocht le caipiteal ach oiread. Ba cheart an deis a bheith ag an gcuideachta EU Inc. na cearta iomchuí a thairiscint agus comaoin a iarraidh i leith scaireanna atá chun leasa na cuideachta agus is fearr a mheallann infheistíocht chothromais inti, gan a bheith srianta ag nasc éigeantach idir a caipiteal agus a scaireanna.
- (45) Tá tábhacht ar leith ag baint le scaireanna gan luach ainmniúil a chumasú chun comhshocrúite maidir le caipiteal fiontair agus maoiniú luathchéime a éascú. I gcórais pharluacha thraidisiúnta, ní féidir scaireanna a eisiúint faoi bhun a luacha ainmniúil, rud a chruthaíonn bacainní struchtúracha le linn cásanna criticiúla ina bhfuil laghdú tagtha ar luacháil cuideachta agus inar gá scaireanna nua a eisiúint i ‘gcothromú anuas’ ar phraghas níos ísle chun cothromas nua a chruinniú. Ina theannta sin, le scaireanna neamh-parluacha éascaítear oibriú rianúil ionstraimí in-chomhshóite amhail Comhaontuithe Simplí maidir le Cothromas Amach Anseo (SAFE – Simple Agreements for Future Equity) agus Urrúis ina gCoinnítear Simplí é (KISS – Keep It Simple Securities). I gcás ina n-éilítear le hionstraimí den sórt sin comhshó ar phraghas luaineach lascainithe, d’fhéadfadh cur i bhfeidhm docht phrionsabal an pharluacha cosc dlíthiúil a chur ar a bhforghníomhú. Trí dheireadh a

⁴¹ Treoir (AE) 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le feidhmiú cearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachta liostaithe (IO L 184, 14.7.2007, lgh. 17–24), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2007/36/2024-01-09>

⁴² Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a n-urrúis chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lgh. 38–57), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/2024-01-09>

chur leis na ceanglais éigeantacha maidir le parluach scaireanna, tá an chuideachta EU Inc. in ann a cothromas a phraghsáil go dinimiciúil, luaineachtaí luachála a ionsú agus socruithe infheistíochta a dhéanamh le téarmaí i gcomhréir le caighdeán an mhargaidh dhomhanda.

- (46) Ba cheart cuideachta EU Inc. a bheith in ann cothromas a chruinniú ar bhealach solúbtha agus ba cheart an tsaoirse a bheith ag bunaitheoirí agus ag scairshealbhóirí na roghanna maoiniúcháin iomchuí a roghnú gan aghaidh a thabhairt ar shrianta dlíthiúla nach bhfuil gá leo a eascraíonn as rialacha náisiúnta éagsúla. Dá bhrí sin, níor cheart méid chaipiteal na cuideachta EU Inc. a cheangal leis an dlí agus d'fhéadfadh sé gur EUR 0 a bheadh ann ar feadh shaolré na cuideachta. In éagmais caipitil, ba cheart coimircí nua-aimseartha agus an-éifeachtacha do chreidiúnaithe a bhaint amach ar bhealaí eile, go háirithe trí thástálacha ar an gclár comhardaithe agus ar an tsócmhainneacht lena rialaítear dáileacháin ar scairshealbhóirí. Níor cheart caipiteal den sórt sin a bheith faoi réir gnáthrialacha cothabhála ach amháin i gcás ina roghnaíonn bunaitheoirí agus scairshealbhóirí caipiteal a thiomargadh.
- (47) Le creat maoiniúcháin na cuideachta EU Inc., is féidir infheistíochtaí cothromais a leithdháileadh ar bhealach an-solúbtha. Agus scaireanna nua á n-eisiúint aici, ba cheart don chuideachta a bheith in ann comaoín a éileamh i leith scaireanna i bhfoirm ranníocaíocht chaipitil nó cothromas a chruinniú nach cuid de chaipiteal dlíthiúil na cuideachta í. Áirithítear leis an struchtúr sin gur féidir le haicmí saincheaptha scaireanna, aischeannach scaireanna, fuascailtí agus sásraí cistiúcháin casta oibriú gan achrainn a chruthú le gnáthrialacha cothabhála caipitil.
- (48) Chun gach cineál infheistíochta cothromais i gcuideachta EU Inc. a éascú, ba cheart aon aistriú luacha eacnamaíoch a cheadú mar chomaoín ar scair sa chuideachta. Mura n-eisítear scaireanna le haghaidh comaoine i bhfoirm ranníocaíocht chaipitil, níor cheart go mbeadh ar chuideachta EU Inc. a cheangal go n-íocfar comaoín láithreach i leith scaireanna. Go háirithe, chun moilleanna ar chlárú a sheachaint mar gheall ar an gceanglas cuntas bainc corparáideach a oscailt le haghaidh chomaoín i leith na gcéad scaireanna, níor cheart go mbeadh gá le comaoín den sórt sin a íoc roimh chlárú. Ba cheart breithnithe comhchineáil a bheith indéanta freisin i bhfoirm oibre agus seirbhísí ach ba cheart a luach a chinneadh i gcónaí. I gcás ina ndéantar áibhéil faoi luach comaoine comhchineáil, ba cheart go mbeadh ar scairshealbhóirí an chuideachta a chúiteamh as an easnamh sa luach a sholáthraítear.
- (49) Cé go ndearbhaítear suibscríobh na gcéad scaireanna ag cuideachta EU Inc. sna hairteagail chomhlachais, ba cheart eisiúint scaireanna breise a bheith faoi réir cinneadh ón gcrúinniú ginearálta go hiondúil. Chun forghníomhú tapa babhtáí maoiniúcháin a éascú, ba cheart do chuideachta EU Inc. a bheith in ann a bhord stiúrthóirí a údarú freisin chun cinneadh a dhéanamh maidir le scaireanna nua den sórt sin a eisiúint. Níor cheart údarú den sórt sin a cheangal ach amháin chun an líon uasta scaireanna údaraithe a leagan amach ach féadfaidh sé a bheith faoi réir aon teorainneacha breise a mheasann na scairshealbhóirí a bheith iomchuí. Chun leibhéal íseal costas idirbheart a áirithiú agus chun bacainní ar infheistíocht trasteorann a bhaint, ba cheart suibscríbhinní le haghaidh scaireanna nua a dhéanamh trí mheán leictreonach agus níor cheart iad a bheith faoi réir foirmiúlachtaí breise arna bhforchur ag na Ballstáit.
- (50) Go ginearálta, ba cheart cearta réamhcheannaigh a bheith ag scairshealbhóirí atá ann cheana i scaireanna nua arna n-eisiúint ar chomaoín airgid chun a chur ar a gcumas a scair sa chuideachta a choinneáil. Mar sin féin, chun iontráil infheisteoirí nua a

éascú, ba cheart an deis a bheith ag an gcrúinniú ginearálta nó, i gcás ina n-údaraítear é sin a dhéanamh, ag an mbord stiúrthóirí, na cearta sin a mhodhnú nó a eisiáimh.

- (51) Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i ndlíthe an Aontais agus i ndlíthe náisiúnta, is féidir le cuideachta EU Inc. aon chineál urrús a eisiúint. Chun infheistíochtaí luathchéime go háirithe a éascú amhail Comhaontuithe Simplí maidir le Cothromas Amach Anseo (SAFE) agus nótaí in-chomhshóite maidir le hUrrús ina gCoinnítear Simplí é (KISS) mar aon le húinéireacht stoic fostaithe i gcuideachta EU Inc., ba cheart solúbthacht leathan a bheith ag an gcuideachta freisin maidir le hionstraimí a eisiúint lena dtugtar teideal dá sealbhóirí ar scaireanna nua. Mar is amhlaidh i gcás eisiúint scaireanna nua, ba cheart eisiúint thapa na n-ionstraimí sin a éascú trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht an bord stiúrthóirí a údarú chun cinneadh a dhéanamh maidir le heisiúint na n-ionstraimí. Ós rud é go n-eisítear scaireanna nua mar thoradh ar ionstraimí den sórt sin ar deireadh, ba cheart cearta réamhcheannaigh a bheith ag scairshealbhóirí atá ann cheana iontu go hiondúil. Maidir le scaireanna nua a eisiúint chun éilimh ó na hionstraimí a chomhlíonadh, níor cheart go mbeadh gá le húdarú breise ón mbord stiúrthóirí don eisiúint sin agus níor cheart go mbeadh cearta réamhcheannaigh sna scaireanna nua ag scairshealbhóirí atá ann cheana.
- (52) Cé nár cheart a cheangal ar chuideachta EU Inc. caipiteal níos mó ná EUR 0 a bheith aici, ba cheart an deis a bheith aici a caipiteal a mhéadú ní hamháin trí scaireanna nua a eisiúint i gcoinne ranníocaíochtaí caipitil ach freisin trí chodanna eile den chothromas a chomhshó ina chaipiteal, mura rud é go bhfuil comhshó den sórt sin ar neamhréir lena gcuspóir.
- (53) Ba cheart dáileacháin ar scairshealbhóirí a bheith faoi réir clár comhardaithe agus tástáil sócmhainneachta, lena n-áirítear go leanfaidh cuideachta EU Inc. de bheith inmharthana agus go gcomhlíonfaidh sé a oibleagáidí i leith creidiúnaithe tar éis dáileacháin. Chun inchreidteacht an chláir comhardaithe agus na tástála sócmhainneachta a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na stiúrthóirí uile toradh an dá thástáil a dheimhniú, agus ba cheart iad a bheith faoi dhliteanas pearsanta i gcás nach ndéantar na tástálacha nó nach ndéantar iad le cúram cuí. Ina theannta sin, ba cheart a cheangal ar scairshealbhóirí dáileacháin neamhdhleathacha a thabhairt ar ais i gcás ina raibh siad ar an eolas faoi na neamhrialtachtaí nó inar cheart dóibh a bheith ar an eolas fúthu.
- (54) Níor cheart cuideachta EU Inc. a bheith in ann a scaireanna féin a shuibscríobh. Chun struchtúr maoiniúcháin solúbtha a éascú, ba cheart dó, áfach, a bheith in ann a scaireanna féin a cheannach ar chinneadh ón gcrúinniú ginearálta nó, i gcás ina n-údaraítear sin, ón mbord stiúrthóirí. Chun inmharthanacht na cuideachta a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na coimircí do dháileacháin maidir le ceannach scaireanna dílse freisin. I gcás inar ceannaíodh scaireanna dílse, ba cheart solúbthacht iomlán a bheith ag an gcuideachta iad a shealbhú sa chisteán lena n-úsáid níos déanaí, iad a aistriú a thuilleadh nó iad a chur ar ceal. Ba cheart an cealú a bheith faoi réir cinneadh ón gcrúinniú ginearálta nó, i gcás ina n-údaraítear é, ón mbord stiúrthóirí.
- (55) Chun infheistíocht i gcuideachtaí EU Inc. a éascú a thuilleadh, lena n-áirítear ó infheisteoirí ar mian leo rogha scoir réamhchinntithe a bheith acu, ba cheart an chuideachta EU Inc. a bheith in ann scaireanna infhuascailte a eisiúint freisin. Tráth fuascailte, ba cheart scaireanna den sórt sin a chealú agus an praghas fuascailte a íoc leis an infheisteoir. Mar sin féin, chun inmharthanacht na cuideachta a áirithiú, níor

cheart a cheangal ar an gcuideachta EU Inc. an praghas fuascailte a íoc ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an íocaíocht sin na coimircí do dháileacháin.

- (56) I gcás ina bhfuil caipiteal carntha ag an gcuideachta, ba cheart go ginearálta go mbeadh aon laghdú air faoi réir clár comhardaithe agus tástáil sócmhainneachta cosúil leis an gceann is gá le haghaidh dáiltí. Chun creidiúnaithe a chosaint a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar an gcaipiteal luaite lena soláthraítear urrús breise dóibh in aghaidh mainneachtana, ba cheart tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách a bheith ag gabháil leis an tástáil sin lena ndeimhnítear go ndearna an saineolaí fiosrú faoi staid ghnóthaí na cuideachta agus nach bhfuil sé nó sí ar an eolas faoi aon ábhair a léireodh go bhfuil an clár comhardaithe agus an tástáil sócmhainneachta míréasúnta. I gcás nach laghdaítear caipiteal ach amháin chun caillteanais a chumhdach nó i gcás ina méadaítear é ag an am céanna le méid an laghdaithe ar a laghad, níl údar le haon chosaint bhreise agus níor cheart, dá bhrí sin, an laghdú a bheith faoi réir na gcoimircí sin.
- (57) Is bealach tábhachtach é cothromas a sholáthar d'fhostaithe agus infheistíocht ina gcuideachta a éascú chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus is bealach tosaíochta é chun leas a sholáthar dóibh i bhfás na cuideachta. Faoi láthair, cuireann ceanglais náisiúnta éagsúla i ndáil leis sin bac ar mhéadú cuideachtaí sa mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbainfeadh cuideachtaí EU Inc. tairbhe as plean scair-rogha fostaithe comhchuibhithe simplí ar féidir leo é a bhunú dá bhfoireann ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart go gcuirfeadh plean den sórt sin, SRF-AE, ar chumas cuideachta EU Inc. barántais a eisiúint chuig grúpa leathan daoine incháilithe lena gcumhdaítear ní hamháin comhaltaí den bhord agus fostaithe na cuideachta EU Inc. ach a fochuideachtaí freisin. I gcomhréir leis na cuspóirí tallann a mhealladh agus a choinneáil agus rannpháirtíocht fostaithe i méadú na cuideachta EU Inc. a dhreasú, ba cheart na barántais a bheith faoi réir íostréimhse dílseacháin agus níor cheart iad a eisiúint do dhaoine a bhfuil leas suntasach acu cheana féin i gcuideachta EU Inc. I gcás ina mbunaítear AE-SRF, ba cheart an bord stiúrthóirí a údarú chun barántais a eisiúint agus na héilimh a eascraíonn as na barántais a chomhlíonadh trí scaireanna nua a eisiúint nó trí scaireanna dílse atá i seilbh státchiste a aistriú, laistigh de theorainneacha an phlean.
- (58) Faoi láthair, faoi dhlíthe na mBallstát, féadfar cáin a ghearradh ar bharántais a dheonaítear d'fhostaithe ag pointí éagsúla ama. Fágann an cás sin go bhfuil na barántais mítharraingteach, go háirithe i gcásanna trasteorann, toisc go n-eascraíonn castacht astu agus go bhféadfadh cánachas ar ioncam neamhréadaithe a bheith mar thoradh orthu, rud as a n-eascraíonn míbhuntáistí sreafa airgid d'fhostaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin agus chun a áirithiú go ndéantar cánachas ag an am céanna i ngach Ballstát, níor cheart cáin a ghearradh ar an ioncam a dhíorthaítear ó na barántais a dheonaítear faoi SRF-AE ach aon uair amháin, nuair a dhéantar na scaireanna a fhaightear tríd an mbarántas a dhiúscairt. Níor cheart a mheas go n-eascraíonn aon ioncam inchánach tráth deonaithe, dílsithe nó feidhmithe an bharántais. Ba cheart saoirse a bheith ag na Ballstáit i gcónaí a chinneadh conas a dhéantar an t-ioncam a fhaightear ó dhiúscairt na scaireanna a fhaightear tríd an mbarántas a fheidhmiú a shaintréithriú chun críoch cánach agus an ráta/na rátaí ar cheart cáin a ghearradh air. Mar sin féin, chun cánachas dubailte nó díospóidí idir na Ballstáit a sheachaint i gcásanna trasteorann, tá sé ríthábhachtach go ríomhfaidh na Ballstáit uile an t-ioncam inchánach ar an mbealach céanna. Dá bhrí sin, ba cheart cánachas a dhéanamh ar mhéid atá cothrom leis an difríocht idir margadhluach cóir na scaireanna ar dháta na diúscartha agus a bpraghas éadála. Tá córais chánach

fhabhracha tugtha isteach ag go leor Ballstát cheana féin le haghaidh scair-roghanna fostaithe nó ionstraimí comhchosúla. A mhéid a chomhlíonann SRF-AE critéir ábhartha na n-ionstraimí sin, ba cheart an chóir chéanna dá bhforáiltear faoi dhlí náisiúnta na mBallstát a thabhairt do chánachas ar scaireanna arna n-eisiúint trí bharántais a fheidhmiú faoi SRF-AE.

- (59) Tá réitigh dhigiteacha tábhachtach freisin ag deireadh shaolré na cuideachta, do chuideachtaí sócmhainneacha atá á bhfoirceannadh agus do chuideachtaí atá i mbun imeachtaí dócmhainneachta toisc go gcuireann siad le nós imeachta um dhúnadh níos éifeachtúla. Dá réir sin, is féidir le cuideachtaí a n-acmhainní daonna agus airgeadais a dhíriú ar thionscadail fiontraíochta nua agus, dá bhrí sin, laghdaítear an costas teipe. Tá sé sin tábhachtach do chuideachtaí beaga, a bhfuil níos lú acmhainní acu agus go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, a mbíonn a ráta teipe níos airde de ghnáth ná mar a bhíonn i gcás cuideachtaí móra.
- (60) Dá bhrí sin, ba cheart díscaoileadh agus leachtú cuideachtaí EU Inc. sócmhainneacha a chumhdach leis an gcur chuige digiteach amháin, rud a chiallaíonn gur cheart don chuideachta EU Inc. nó don leachtaitheoir, a d'fhéadfadh a bheith ina stiúrthóir nó ina dhuine seachtrach arna cheapadh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, a bheith in ann an fhaisnéis nó na doiciméid uile a bhaineann le díscaoileadh agus leachtú a chur faoi bhráid an chláir gnó go hiomlán ar líne, agus gur cheart do chreidiúnaithe cuideachta EU Inc. a bheith in ann a n-éilimh a chur faoi bhráid na cuideachta nó an leachtaitheora go hiomlán go digiteach. Mar is amhlaidh i gcomhthéacs a bhunaithe, ba cheart malartú sonraí 'aon-uaire' rianúil a áirithiú freisin idir clár gnó clárúcháin cuideachta EU Inc. agus údaráis náisiúnta inniúla eile atá ábhartha dá leachtú sa Bhallstát céanna, amhail údaráis chánach nó údaráis slándála sóisialta. Chiallóidh sé sin nach mbeadh ar an gcuideachta EU Inc. an fhaisnéis a chuir sí isteach cheana féin sa chlár gnó a chur faoi bhráid na n-údarás eile arís, rud ba cheart na moilleanna agus na costais a eascraíonn as aighneachtaí ar leithligh a laghdú i gcomhthéacs nós imeachta díscaoilte ar cheart é a bheith tapa ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara uile. Ós rud é go bhféadfadh na húdaráis náisiúnta ábhartha a bhfuil baint acu le leachtú cuideachta a bheith éagsúil ar fud na mBallstát, ba cheart do gach Ballstát a chinneadh cé na húdaráis náisiúnta ar cheart feidhm a bheith ag an malartú sonraí 'aonuaire' sin leis an gclár gnó maidir leo.
- (61) Agus éifeachtúlacht an nós imeachta á méadú a bhuí le huirlisí digiteacha, tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go mbeidh faisnéis thrédhearcach faoi leachtú cuideachta EU Inc. ar fáil go héasca do chreidiúnaithe agus do thríú páirtithe eile – i gcláir ghnó agus trí BRIS – trí oibleagáidí comhchuibhithe a thabhairt isteach ar chuideachtaí agus ar chláir ghnó. I gcás inar gá cuideachta shócmhainneach EU Inc. a leachtú mar gheall ar neamhniú, ba cheart na coinníollacha agus na hiarmhairtí a chomhchuibhiú chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus níor cheart an neamhniú a ordú ach amháin le cinneadh cúirte agus ar bhonn liosta uileghabhálach foras.
- (62) Tá gá le rialacha simplithe go háirithe i gcásanna leachtaithe simplí, mar shampla, i gcás ina bhfuil deireadh curtha ag cuideachtaí sócmhainneacha lena ngníomhaíocht eacnamaíoch agus nach bhfuil dliteanas acu, chun go mbeidh na cuideachtaí sin in ann an nós imeachta a chur i gcrích agus a bhaint nó a bhaint den chlár gnó laistigh de thart ar 3 mhí ar a mhéad. Ba cheart leachtú mear den sórt sin a bheith ar fáil do na cuideachtaí EU Inc. nach bhfuil aon imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha ar feitheamh acu, nach bhfuil aon sócmhainní ar fáil le haghaidh úsáid eacnamaíoch, ar cheart, in aon chás, iad a dháileadh ar a dhéanaí tráth comhdaithe an leachtaithe, agus nach bhfuil aon fhiacha ann. Ba cheart go gcumhdófaí leis an nós imeachta mear

freisin cásanna simplí ina bhfuil roinnt creidiúnaithe, agus dá bhrí sin dliteanais, fós ann ach nach bhféadfaí nós imeachta den sórt sin a sheoladh ach amháin má thugann na creidiúnaithe sin a dtoiliú.

- (63) Leis an nós imeachta mear, agus an tráth céanna ag ligean do chuideachtaí dúnadh laistigh de thréimhse ghearr ama, ba cheart a áirithiú freisin go gcosnófar creidiúnaithe agus go ndéanfar foráil d'fhaisnéis thrédhearcach do na tríú páirtithe lena mbaineann. Ba cheart é sin a áirithiú tríd an bhfaisnéis go bhfuil an chuideachta EU Inc. sa nós imeachta leachtaithe mear agus na doiciméid ábhartha arna gcomhdú ag an gcuideachta EU Inc. a chur ar fáil go poiblí sa chlár gnó ina bhfuil sí cláraithe, lena n-áirítear an ráiteas ó na stiúrthóirí uile lena ndeimhnítear go gcomhlíontar na coinníollacha chun dul faoin nós imeachta sin. Ós rud é go bhfuil an nós imeachta mear teoranta do chásanna leachtaithe simplí, ba cheart stiúrthóir nó duine údaraithe eile a bheith in ann ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta EU Inc., gan gá le leachtaitheoir a cheapadh.
- (64) Ar an gcaoi chéanna, chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir nós imeachta gearr agus cosaint leordhóthanach do chreidiúnaithe, ba cheart an deis a bheith ag creidiúnaithe na cuideachta EU Inc. cur i gcoinne an nós imeachta mear ach laistigh de sprioc-am réasúnta gearr 30 lá tar éis fhoilsiú na faisnéise faoina seoladh sa chlár gnó. Is é is aidhm don choimirce sin go háirithe creidiúnaithe a chosaint nár léiríodh a n-éilimh i ráiteas stiúrthóirí na cuideachta EU Inc. agus sa ráiteas airgeadais. Níor cheart do na creidiúnaithe a thoiligh cheana leis an nós imeachta a sheoladh a bheith in ann cur ina choinne ach amháin i gcás cúiseanna a bhfuil údar maith leo amhail locht nó earráid ina dtoiliú nó athrú tromchúiseach ar imthosca. Ionas go mbeidh an clár gnó in ann neamhaird a thabhairt ar agóidí atá go follasach gan bhunús, ba cheart do chreidiúnaithe na cúiseanna lena n-éilimh in aghaidh na cuideachta EU Inc. a lua agus na hagóidí á gcur faoi bhráid an chláir gnó acu. I gcás ina bhfaigheann an clár gnó agóidí a bhfuil bunús maith leo ó chreidiúnaithe, ba cheart dó an fhaisnéis faoi na creidiúnaithe agus faoi na cúiseanna lena n-éilimh a sholáthar don chuideachta EU Inc.
- (65) Chun a áirithiú nach bhfuil aon fhiacha cánach ag an gcuideachta EU Inc. atá faoi réir an nós imeachta leachtaithe mhear nó nár mhainnigh sí aon oibleagáidí a bhaineann le cáin a chomhlíonadh, ba cheart 30 lá a bheith ag an údarás cánach náisiúnta sa Bhallstát inar cláraíodh an chuideachta EU Inc. chun imréiteach cánach a eisiúint nó chun a chur i gcoinne an leachtaithe mhear. D'fhéadfaí síneadh 30 lá ar a mhéad a chur leis i gcás ina raibh gá le faisnéis bhreise nó i gcás ina raibh ar an údarás cánach gníomhaíocht bhreise a dhéanamh. Chun teorainn a chur le moilleanna riaracháin, ba cheart a thoimhdiú gur dheonaigh an t-údarás cánach a imréiteach nó nach raibh agóidí aige mura dtugann an t-údarás cánach fógra faoina sheasamh don chlár gnó laistigh den sprioc-am tosaigh nó den sprioc-am fadaithe.
- (66) Tar éis do na spriocdhátaí dul in éag, do chreidiúnaithe agus don údarás cánach araon, agus mura mbeidh aon agóid faighte ag ceachtar acu, ba cheart don chlár gnó clárú na cuideachta EU Inc. a bhaint dá thaifid gan mhoill. I gcás ina bhfaighidh an clár gnó agóidí réasúnaithe ó chreidiúnaithe tar éis don spriocdháta 30 lá dul in éag ach sula mbainfidh sé an chuideachta EU Inc. den chlár, ba cheart dó a bheith in ann na hagóidí sin a chur san áireamh agus cinneadh a dhéanamh gan an chuideachta a bhaint den chlár, chun a áirithiú go gcosnófar na héilimh sin. Chun a áirithiú go láimhseálfar sócmhainní, dliteanais nó imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a d'fhéadfadh a bheith ann go rianúil tar éis na cuideachta EU Inc. a bhaint den chlár gnó, ba cheart do dhuine arna cheapadh ag an gcruinniú ginearálta nó ag an gcúirt a

leabhair agus a taifid a choimeád ar feadh tréimhse 6 bliana. Ba cheart stiúrtóirí na cuideachta EU Inc. a baineadh den chlár gnó leanúint de bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith aon éileamh ó chreidiúnaithe nár comhlíonadh.

- (67) Ní bhíonn rialacha náisiúnta dócmhainneachta oiriúnach i gcónaí chun déileáil le cuideachtaí EU Inc. dócmhainneacha ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad i gceart agus ar bhealach comhréireach. Bíonn ganntanas caipitil oibre, rátaí úis níos airde agus ceanglais chomhthaobhachta níos mó roimh ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha, rud a fhágann go mbíonn sé deacair, nó dodhéanta fiú, maoiniú a thiomsú, go háirithe i gcásanna anás airgeadais. Agus saintréithe uathúla gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus a riachtanais shonracha in anás airgeadais á gcur san áireamh, go háirithe an gá atá le nósanna imeachta níos tapúla, níos simplí agus níos inacmhainne, nuair a éiríonn gnólachtaí nuathionscanta nuálacha dócmhainneach, ba cheart rochtain a bheith acu ar nósanna imeachta foirceanta simplithe atá oiriúnaithe do na riachtanais shonracha sin.
- (68) Is iad an tástáil scoir íocaíochtaí agus an tástáil cláir chomhardaithe an dá thrúicear is gnách i measc na mBallstát chun gnáthimeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. Chun tionscnamh imeachtaí dócmhainneachta a shimpliú ar bhonn coinníollacha atá infhionnta go héasca, ba cheart an neamhábaltacht fiacha a íoc de réir mar a aibíonn siad a bheith ina chritéar chun imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh le haghaidh cuideachtaí EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad. Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha sonracha faoina gcomhlíontar an critéar sin a shainiú freisin, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha sin soiléir, simplí agus infhionnta go héasca ag an ngnólacht nuathionscanta lena mbaineann.
- (69) Murab ionann agus athstruchtúrú, i gcás leachtú dócmhainneach tá sé rithábhachtach go seolfar na himeachtaí le rannpháirtíocht cleachtóra dócmhainneachta a áirithíonn comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil uile agus a ghníomhaíonn chun leasa na gcreidiúnaithe. Tá gá leis an saineolas sin, go háirithe, maidir le cearta fostaithe a chosaint nó maidir le comhréireacht le caighdeáin dhlí an chomhshaoil. Dá bhrí sin, chun imeachtaí foirceanta simplithe a riar go rianúil do cuideachta EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad, is gá, mar riail ghinearálta, cleachtóir dócmhainneachta a cheapadh. Mar eisceacht, áfach, agus i gcás ina dtugann iompar stuama an fhéichiúnaí sa tréimhse as a n-eascaíonn dócmhainneacht údar leis sin, ba cheart an ceart a bheith ag an bhféichiúnaí féin, ag creidiúnaí nó ag grúpa creidiúnaithe a iarraidh go seolfar an t-imeacht foirceanta gan cleachtóir dócmhainneachta. Is faoi rogha na cúirte inniúla nó an údaráis inniúil atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le maolú den sórt sin a dheonú nó gan é a dheonú agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh.
- (70) Chun imeachtaí foirceanta simplithe atá costéifeachtach agus gasta a bhunú do chuideachtaí EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad, ba cheart an nós imeachta a sheoladh agus a thabhairt i gcrích laistigh de 6 mhí ón iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh a thíolacadh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart íoslaghdu a dhéanamh ar fhoirmiúlachtaí maidir leis na mórchéimeanna nós imeachta, lena n-áirítear maidir le himeachtaí a thionscnamh, éilimh a thaisceadh agus a ligean isteach nó na sócmhainní a réadú. Ba cheart cuideachtaí EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad a bheith in ann imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh gan ionadaíocht ó dhlíodóir ná ó ghairmí dlí eile trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach a forbraíodh chun na críche sin.

- (71) Chun costas agus fad na nósanna imeachta a laghdú tuilleadh, ba cheart do na Ballstáit é a chur ar a gcumas d'fhéichiúnaithe, do chreidiúnaithe, do chleachtóirí dócmhainneachta agus d'údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin modhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid le haghaidh gach céim den nós imeachta in imeachtaí dócmhainneachta.
- (72) Ba cheart d'fhéichiúnaí cuideachta EU Inc. ar gnólacht nuathionscanta nuálach é a bheith in ann tairbhe a bhaint as bac sealadach ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair, chun a bheith in ann luach an eastáit dócmhainneachta a chaomhnú agus seoladh cothrom ordúil na n-imeachtaí a áirithiú.
- (73) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir sócmhainní an eastáit dócmhainneachta in imeachtaí dócmhainneachta a réadú trí cheant breithiúnach ar líne, ach amháin má mheasann an t-údarás inniúil go bhfuil an modh sin chun sócmhainní a réadú míchuí. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit córas ríomhcheantála amháin nó níos mó a bhunú agus a choinneáil ar bun ina gcríoch féin chun na críche sin. Ba cheart an oibleagáid sin a bheith gan dochar do na hardáin iomadúla atá ann i roinnt Ballstát le haghaidh ceantanna breithiúnacha ar líne de chineálacha sonracha sócmhainní. Ba cheart na córais cheantála a oibrítear chun sócmhainní féichiúnaithe in imeachtaí dócmhainneachta a réadú a idirascadh tríd an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais mar lárphointe rochtana leictreonach ar na próisis cheantála breithiúnaí ar líne a reáchtáiltear sa chóras náisiúnta nó sna córais náisiúnta, feidhmiúlacht chuardaigh a sholáthar d'úsáideoirí agus iad a threorú chuig na hardáin náisiúnta ábhartha ar líne má tá sé ar intinn acu páirt a ghlacadh sa tairiscint.
- (74) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le teimpléid ilteangacha an Aontais a bhunú, leis an bhfoirm iarratais ilteangach, leis na sonraí atá le tarchur agus le cur ar fáil trí BRIS agus leis an gcomhoiriúnacht idir Deimhniú Cuideachta AE agus cumhacht atur na dhigiteach an Aontais leis na Tiachóga Gnó dá dtagraítear in *[Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú]*, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.
- (75) Na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann leis an bhfoirm chaighdeánach le haghaidh na hiarrata ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh agus na cumhachtaí cur chun feidhme i ndáil leis na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta is gá chun córais ríomhcheantála a idirascadh, ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011⁴³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (76) Ceanglaítear leis an toirmeasc ar idirdhealú, atá ar cheann de bhunphrionsabail dhlí an Aontais, nach gcaithfear ar bhealach éagsúil le cásanna inchomparáide ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an difríocht sin sa chóir. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit caitheamh le cuideachta EU Inc. sa dlí agus i bhfíoras ar bhealach neamh-idirdhealaitheach vis-à-vis foirmeacha dlíthiúla eile a mhéid a bhaineann le gnéithe inchomparáide, mura féidir a léiriú go bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis an gcóir dhifreálach agus go bhfuil sí comhréireach. Dá réir sin, ní mór, i bprionsabal, na

⁴³ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13–18), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>

cearta agus na pribhléidí a dheonaítear go dlíthiúil nó atá ar fáil sa chleachtas d'fhoirmeacha cuideachta eile sna Ballstáit a dheonú nó a chur ar fáil do chuideachtaí EU Inc. freisin. Níor cheart cóir dhifreálach a bheith indéanta ach amháin i gcás ina bhfuil údar oibiachtúil léi ar bhonn cúiseanna sonracha diongbháilte agus ina bhfuil sí comhréireach leis an aidhm atá á saothrú.

- (77) Cuireann rialacha náisiúnta áirithe bac ar leith ar shaorfheidhmiú na saoirsí bunúsacha a leagtar síos sna Conarthaí ag oibreoirí margaidh. Cé go mbaineann na rialacha sin le gach oibreoir margaidh, déanann siad dochar ar leith dóibh siúd a shaothraíonn gníomhaíocht eacnamaíoch d'fhonn nuálaíochta, táirgiúlachta agus méadaithe sa mhargadh inmheánach, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, a chuirfear ar bun go minic faoin bhfoirm cuideachta EU Inc. Tá cuideachtaí den sórt sin, go háirithe nuair a bhíonn tacaíocht phoiblí de dhíth orthu, an-leochaileach i leith srianta tromchúiseacha náisiúnta áirithe ar léir, i bhfianaise chásdlí CBAE, nach bhfuil údar leo nó go bhfuil siad díréireach.
- (78) Chun cosc a chur ar bhearta den sórt sin bac a chur ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus chun an gá atá le dlíthíocht fhada chostasach a laghdú, ba cheart na srianta sin a thoirmeasc go hiomlán gan an fhéidearthacht a bheith ann údar a thabhairt leo. Ní dhéanfaidh na forálacha a leagtar amach anseo difear d'aon cheanglais a eascraíonn as dlí earnálach an Aontais. Níor cheart a fhorléiriú ach oiread go dtugann an Rialachán seo údar le srianta ar shaoirse bunaíochta, ar shaorghluaiseacht earraí, oibrithe agus seirbhísí, ar srianta iad atá contrártha le CFAE nó le forálacha eile de dhlí an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le daoine nó cuideachtaí lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.
- (79) Ba cheart do chlár ghnó agus d'údarais atá i gceannas ar UAC agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint, d'údarais slándála sóisialta agus do chlár úinéireachta tairbhíúla próiseáil a dhéanamh ar aon sonraí pearsanta de chuid ionadaithe dlíthiúla agus daoine eile ar féidir leo ionadaíocht a dhéanamh go dleathach do chuideachta, agus de chuid scairshealbhóirí aonair, lena n-áirítear sonraí pearsanta atá le cur ar fáil go poiblí sna cláir, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴. Ba cheart don Choimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁵.
- (80) Ba cheart do chuideachta EU Inc. sonraí pearsanta a phróiseáil i gclár digiteach na scaireanna i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Chun comhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí a éascú agus chun a áirithiú go gcuirfear bearta comhréireacha cosanta sonraí chun feidhme, beidh forálacha i dteimpléid an Aontais le haghaidh na n-airteagal comhlachais maidir le cosaint sonraí a bhaineann le clár digiteach na scaireanna.

⁴⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/2016-05-04>

⁴⁵ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>

- (81) Cé go n-aithníonn siad inniúlacht na mBallstát a gcórais bhreithiúnacha náisiúnta a eagrú, d'fhéadfaidís dlísheomra breithiúnach nó cúirt speisialaithe a ainmniú nó a bhunú le haghaidh díospóidí a bhaineann le cuideachta EU Inc. maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo. D'éascófaí leis sin seoladh rianúil nósanna imeachta agus d'fhéadfadh sé dlí-eolaíocht náisiúnta chomhleanúnach a chruthú, agus díospóidí a thagann chun cinn faoin Rialachán á réiteach ag breithiúna a bhfuil an saineolas acu maidir le dlíthíocht dlí cuideachtaí agus dócmhainneachta. Dá réiteofaí díospóidí ar bhealach níos gasta agus ar chostas níos ísle, mhéadófaí tarraingteacht na foirme dlíthiúla nua dá seolaithe agus laghdófaí an dreasacht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú bogadh go dlínsí tríú tír. Ina theannta sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach 2025-2030, sainaithníodh an gá atá le gairmithe ceartais a uas-sciliú laistigh den chreat dlíthiúil a mholtar sa Rialachán seo, ar féidir é a chur in oiriúint don phróiseas speisialtóireachta.
- (82) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chumas na mBallstát scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chuideachtaí a fhoirmiú agus brainsí a chlárú chun aghaidh a thabhairt ar chalaois nó ar mhí-úsáid, i gcomhréir le dlí an Aontais, nó ar ghníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin na mBallstát, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na póilíní nó ag údaráis inniúla eile. Níor cheart difear a dhéanamh d'oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta a eascraíonn as frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta. I bhfianaise an riosca go mbainfí mí-úsáid as struchtúir ghnó dhlíthiúla a chuirtear i dtábhacht i Measúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe in 2025, ní mór d'údaráis san Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú nach mbainfidh líonraí coireachta eagraithe ná coirpigh eile mí-úsáid as an gcuideachta EU Inc.
- (83) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do dhlí fostaíochta an Aontais ná don dlí fostaíochta náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag na dlíthe sin maidir le cuideachta EU Inc. mar atá feidhm acu maidir le haon chuideachta eile de chuid an Aontais faoi dhliteanas teoranta. Is cuid de thimpeallacht dhlíthiúil an mhargaidh inmheánaigh é an creat dlíthiúil corparáideach a bhunaítear leis an Rialachán seo agus cuireann sé le acquis an Aontais maidir le dlí na gcuideachtaí.
- (84) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon creat dlíthiúil comhchoiteann a sholáthar do chuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, san Aontas, chun rialacha agus nósanna imeachta corparáideacha simplí agus éifeachtúla a sholáthar ar feadh shaolré na cuideachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh rialacha corparáideacha creat cumasúcháin ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (85) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. Ba cheart a chumhdach sa mheastóireacht, i measc nithe eile, glacadh na foirme nua dlíthiúla cuideachta EU Inc., an chaoi ar bunaíodh na cuideachtaí EU Inc. agus an líon cuideachtaí a cruthaíodh tríd an gcomhéadan lárnach AE agus le teimpléid chomhchuibhithe. Gach 5 bliana, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an gcostas uasta EUR 100 chun cuideachta EU Inc. a fhoirmiú

go mear tríd an gcomhéadan lárnach AE i gcomhréir leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí.

- (86) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (13), agus thug an Maoirseoir tuairim an *[cuir dáta isteach]*.
- (87) Chun am a thabhairt do na Ballstáit agus do chuideachtaí ullmhú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo 12 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I – PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú agus chun creat dlíthiúil éifeachtúil a chruthú do chuideachtaí agus d'infheisteoirí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) foirm dhlíthiúil chomhchuibhithe nua de chuideachta faoi dhliteanas teoranta ('EU Inc.') a chruthú dá bhforáiltear i ndlíchóras gach Ballstáit;
- (b) comhéadan lárnach AE a chruthú, bunaithe ar Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS), chun cuideachtaí a ghlacann foirm dhlíthiúil cuideachta EU Inc. a chlárú, agus le haghaidh comhdú ag cuideachtaí EU Inc.;
- (c) bearta a thabhairt isteach chun bacainní ar úsáid agus ar ghlacadh doiciméad agus faisnéise maidir le cuideachtaí EU Inc. a laghdú, lena n-áirítear trí phrionsabal na haonuaire a chur i bhfeidhm;
- (d) bearta a thabhairt isteach chun an t-ualach riaracháin a laghdú i nósanna imeachta a chumhdaítear leis an Rialachán seo ar feadh saolré cuideachtaí EU Inc., lena n-áirítear nósanna imeachta a bhaineann le hinfheistíocht;
- (e) deireadh a chur le bacainní ar mhaoiniú cuideachtaí EU Inc. agus ar infheistíocht sna cuideachtaí sin;
- (f) comhchuibhiú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de na nósanna imeachta dócmhainneachta is infheidhme maidir le catagóirí sonracha gnóthas atá i bhfoirm dhlíthiúil cuideachta EU Inc.;
- (g) toirmeasc a chur ar bhearta idirdhealaitheacha áirithe maidir le cuideachtaí EU Inc. a bhfuil a n-oifig chláráithe i mBallstát eile.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'comhéadan lárnach AE' comhéadan digiteach úsáideora arna bhunú, arna oibriú agus arna chothabháil ag an gCoimisiún, bunaithe ar BRIS agus ar a phointe

rochtana digití de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 22 de Threoir (AE) 2017/1132;

- (2) ciallaíonn ‘Córas Idirnasctha na gClár Gnó’ (‘BRIS’) córas idirnasctha na gclár a oibríonn ar leibhéal an Aontais, atá comhdhéanta de chlár ghnó na mBallstát, den ardán agus den Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais dá dtagraítear in Airteagal 22 de Threoir (AE) 2017/1132;
- (3) ciallaíonn ‘clár gnó’ clár lárnach, tráchtála nó cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Threoir (AE) 2017/1132;
- (4) ciallaíonn ‘scairshealbhóir’ duine de na scairshealbhóirí bunaidh agus aon duine dlítheanach nó nádúrtha eile atá cláraithe i gclár digiteach na scaireanna;
- (5) ciallaíonn ‘airteagail chomhlachais’ an ionstraim chomhdhéanaimh agus na reachtanna araon in aon doiciméad amháin;
- (6) ciallaíonn ‘brainse’ buanbhunaíocht ghnó, nach duine dlítheanach ar leithligh í ach a bhféadfadh bainistíocht ar leithligh a bheith aici, trína ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch de chuid cuideachta;
- (7) ciallaíonn ‘nós imeachta atá go hiomlán ar líne’ nós imeachta is féidir a dhéanamh go hiomlán ar líne gan gá teacht i láthair go pearsanta os comhair aon údarás ná aon duine ná comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné den nós imeachta;
- (8) ciallaíonn ‘rannpháirtíocht fostaithe’ rannpháirtíocht mar a shainmhínítear i bpointe (k) d’Airteagal 2 de Threoir 2001/86/CE;
- (9) ciallaíonn ‘foirmiú’ an nós imeachta iomlán chun cuideachta EU Inc. a bhunú lena n-áirítear na céimeanna uile is gá chun é a iontráil sa chlár gnó;
- (10) ciallaíonn ‘comhdú’ an nós imeachta chun faisnéis nó doiciméid a chur faoi bhráid clár gnó, go díreach nó tríd an gcomhéadan lárnach AE.
- (11) ciallaíonn ‘cuspóir na cuideachta’ príomhghníomhaíocht nó príomhghníomhaíochtaí na cuideachta, a chuirtear in iúl trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha um Ainmníocht Staidrimh do Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE) agus, más ann dó, gníomhaíochtaí agus cuspóirí níos sonraí;
- (12) ciallaíonn ‘cuideachta aonbhaill’ cuideachta a bhfuil a scaireanna i seilbh scairshealbhóra aonair;
- (13) ciallaíonn ‘leachtú’ an nós imeachta chun gnóthaí na cuideachta díscailte a fhoirceannadh;
- (14) ciallaíonn ‘cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais’ doiciméad caighdeánaithe, fiordheimhnithe go digiteach lena n-údaráítear do dhuine ionadaíocht a dhéanamh do chuideachta i nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí trasteorann laistigh den Aontas agus a nglactar leis mar fhianaise ar theidlíocht an duine údaraithe gníomhú thar ceann na cuideachta i gcomhréir le hAirteagal 16c de Threoir (AE) 2017/1132;

- (15) ciallaíonn ‘Deimhniú Cuideachta AE’ doiciméad fiordheimhnithe arna eisiúint ag clár gnó Ballstáit ina bhfuil faisnéis bhunriachtanach faoi chuideachta atá cláraithe sa chlár gnó sin, a nglactar leis i mBallstáit AE, i gcomhréir le hAirteagal 16b de Threoir (AE) 2017/1132;
- (16) ciallaíonn ‘dlisteanú’ an fhoirmiúlacht chun deimhniú a dhéanamh ar bharántúlacht sínithe sealbhóra oifige poiblí ar dhoiciméad, an cháil ina raibh an duine a shínigh an doiciméid sin ag gníomhú agus, i gcás inarb iomchuí, céannacht an tséala nó an stampa atá ar an doiciméad sin;
- (17) ciallaíonn ‘foirmiúlacht chomhchosúil’ an deimhniú dá bhforáiltear le Coinbhinsiún Apastail a chur isteach;
- (18) ciallaíonn ‘clárú brainse’ próiseas as a dtagann na doiciméid agus an fhaisnéis a bhaineann le brainse a osclaítear i mBallstát a chur ar fáil go poiblí;
- (19) tá an bhrí chéanna le ‘páirtí gaolmhar’ agus atá leis sna caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶;
- (20) ciallaíonn ‘dáileadh’ aon aistriú díreach nó indíreach ar luach eacnamaíoch chuig scairshealbhóir gan comaoin chuí agus in éagmais fíorchuspóra tráchtála, cé is moite de laghduithe caipitil, éadail scaireanna dílse ag an gcuideachta agus fuascailt scaireanna;
- (21) ciallaíonn ‘clár digiteach scaireanna’ an taifead ar scaireanna a choinníonn an chuideachta nó tríú páirtí i bhformáid dhigiteach, ina bhfuil faisnéis maidir le húinéireacht na scaireanna tráth ar bith trí shealbhóir gach scaire a shainaithint, chomh maith le stair na n-aistrithe scaireanna uile;
- (22) ciallaíonn ‘aistriú scaireanna’ idirbheart lena mbaineann aon athrú ar úinéireacht scaireanna, gan beann ar cé acu a dhéantar an t-idirbheart ar chomaoin nó saor in aisce;
- (23) ciallaíonn ‘deimhniú digiteach scaireanna’ doiciméad dlíthiúil arna eisiúint ag an gcuideachta ina sonraítear na scaireanna atá i seilbh scairshealbhóra mar a léirítear i gclár digiteach na scaireanna lena ndeimhnítear teidlíocht úinéireachta na scaireanna a shonraítear ann;
- (24) ciallaíonn ‘saoráid trádála iltaobhach’ saoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear í in Airteagal 4(1), pointe (22), de Threoir 2014/65/AE;
- (25) ciallaíonn ‘margadh rialáilte’ margadh rialáilte mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(1), pointe (21), de Threoir 2014/65/AE;
- (26) ciallaíonn ‘ionstraimí in-chomhshóite’ ionstraimí a thugann ceart nó dualgas dá sealbhóirí, go hiomlán nó go páirteach, a n-éileamh in aghaidh na cuideachta a mhalartú ar scaireanna nua sa chuideachta;
- (27) ciallaíonn ‘barántais’ ionstraimí a thugann teideal dá sealbhóirí suibscríobh le

⁴⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lgh. 1–4), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/2008-04-10>

haghaidh scaireanna nua sa chuideachta ar chomaoín;

- (28) ciallaíonn ‘ceart réamhcheannaigh’ an ceart fabhrach atá ag scairshealbhóirí atá ann cheana scaireanna nó ionstraimí nua a fháil lena dtugtar teideal do scaireanna nua;
- (29) ciallaíonn ‘díscaoileadh’ an cinneadh nó an teagmhas, lena n-áirítear cinneadh ón gcrúinniú ginearálta, dul in éag téarma nó tarlú teagmhais a shonraítear sna hairteagail chomhlachais nó in ordú breithiúnach, lena gcuirtear deireadh le gnáthoibríochtaí gnó na cuideachta agus, ach amháin i gcásanna athstruchtúraithe nó tarrthála dá bhforáiltear leis an dlí dócmhainneachta, lena dtionscnaítear an próiseas leachtaithe;
- (30) ciallaíonn ‘leachtú sócmhainneach’ leachtú arna thionscnamh ag an gcuideachta nuair atá sí in ann a fiacha a íoc ina n-iomláine laistigh de thréimhse chinnte.

Airteagal 3

Foirm dhlíthiúil agus prionsabail ghinearálta

Foirm dhlíthiúil a bheidh i gcuideachta EU Inc. dá bhforáiltear i ndlíchóras gach Ballstáit, a mbeidh na saintréithe seo a leanas aici:

- (a) ní bheidh scairshealbhóir faoi dhliteanas i leith oibleagáidí na cuideachta;
- (b) beidh pearsantacht dhlítheanach aige de bhun dhlí Bhallstát an chláraithe, a aithneoidh na Ballstáit eile;
- (c) féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó í a fhoirmiú;
- (d) féadfar é a fhoirmiú *ex nihilo* i gcomhréir le hAirteagail 16 go 19 nó trí thiontuíthe, cumaisc nó deighiltí intíre nó trasteorann i gcomhréir le hAirteagal 21;
- (e) déanfar Aitheantóir Uathúil Eorpach (EUID) a leithdháileadh air i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Threoir (AE) 2017/1132 tráth a chláráithe;
- (f) bunófar é ar feadh tréimhse neamhtheoranta, mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais.

Airteagal 4

Na rialacha is infheidhme maidir le cuideachta EU Inc.

1. Beidh cuideachtaí EU Inc. á rialú ag an Rialachán seo agus ag a n-airteagail chomhlachais a chomhlíonfaidh an Rialachán seo.
2. Déanfar ábhair nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo ná leis na hairteagail chomhlachais a rialú leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear na forálacha lena dtrasuitear dlí an Aontais, a bhfuil feidhm acu maidir le foirmeacha dlíthiúla náisiúnta ábhartha sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláráithe ag cuideachta EU Inc.
3. Ainmneoidh na Ballstáit an fhoirm dhlíthiúil náisiúnta ábhartha dá dtagraítear faoi mhír 2, a bhfuil feidhm ag a forálacha maidir le cuideachtaí EU Inc.

Airteagal 5

Pearsantacht dhlítheanach

1. Clárófar cuideachta EU Inc. i gclár gnó an Bhallstáit a roghnófar dá hoifig chláráithe.
2. Cuideachta EU Inc. arna foirmiú i gcomhréir le hAirteagail 16 go 19 den Rialachán seo, gheobhaidh sí pearsantacht dhlítheanach ar an dáta a chlárófar í sa chlár gnó.

Má rinneadh gníomhartha in ainm cuideachta EU Inc. roimh a clárú i gcomhréir le hAirteagail 16 go 19 agus mura nglacann sí na hoibleagáidí a eascraíonn as na gníomhartha sin tar éis a cláráithe, beidh na daoine nádúrtha agus dlítheanacha a rinne na gníomhartha sin faoi dhlítheanas, gan teorainn, i gcomhpháirt agus go leithleach ina leith, mura gcomhaontaítear a mhalairt.

Airteagal 6

Ainm na cuideachta EU Inc. agus a brainse

1. Comhlíonfaidh ainm na cuideachta an méid seo a leanas:
 - (a) ní mór ‘EU Inc’ a lua ina dhiaidh sin;
 - (b) an fheidhm ‘ainm’ a chomhlíonadh;
 - (c) ní chuirfidh siad an pobal amú, go háirithe maidir le cineál a ngníomhaíochtaí gnó;
 - (d) ní bheidh siad contrártha don bheartas poiblí ná do phrionsabail na moráltachta a bhfuil glacadh leo go forleathan; agus
 - (e) a bheith éagsúil go leordhóthanach le hainmneacha cuideachtaí atá cláráithe in aon Bhallstát mar chuideachta EU Inc. agus le hainmneacha aon chuideachta eile atá ar fáil trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (‘BRIS’).
2. Ní dhéanfaidh clárú ainm cuideachta difear d’aon éileamh a d’fhéadfadh a bheith ag duine eile maidir le húsáid mhíchuí ainm atá contrártha le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.
3. Maidir le brainse de chuideachta EU Inc., is é ainm na cuideachta sin a bheidh air, ainm is féidir a chomhlánú le tásca an bhrainse.
4. Ní chuirfidh na Ballstáit rialacha i bhfeidhm a chuireann isteach go míchuí ar chlárú dleathach agus ar úsáid dhleathach an ainm sin ar fud an Aontais.

Airteagal 7

Airteagail chomhlachais

1. Beidh airteagail chomhlachais ag cuideachta EU Inc.
2. Cumhdóidh na hairteagail chomhlachais ar a laghad na hábhair a leagtar síos sa

Rialachán seo, mar a shonraítear san Iarscríbhinn.

3. Beidh na hairteagail chomhlachais digiteach, meaisín-inléite agus stórálfar faisnéis iontu mar shonraí struchtúrtha.
4. Déanfar na hairteagail chomhlachais a tharraingt suas i dteanga oifigiúil amháin ar a laghad nó i dteangacha oifigiúla Bhallstát an chláraithe agus i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó agus an airgeadais idirnáisiúnta agus cuirfear ar fáil go poiblí iad i gcomhréir le hAirteagal 25(1).
5. I gcás ina nglacfaidh cuideachta EU Inc. na hairteagail chomhlachais chaighdeánacha dá dtagraítear in Airteagal 8, beidh an stádas dlí céanna ag an dá leagan teanga.

I gcás ina nglacann cuideachta EU Inc. airteagail chomhlachais neamhchaighdeánacha, is ag teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla Bhallstát an chláraithe a bheidh an forlámhas i gcás neamhréireachta idir na leaganacha teanga.

Beidh an chuideachta EU Inc. faoi dhliteanas i leith aon damáistí a rinneadh do thríú páirtithe a bhí ag gníomhú de mheon macánta agus a bhí ag brath ar leagan míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta agus an airgeadais idirnáisiúnta de na hairteagail chomhlachais neamhchaighdeánacha.

Airteagal 8

Teimpléid an Aontais le haghaidh airteagail chomhlachais chaighdeánacha

1. Féadfar teimpléid an Aontais le haghaidh na n-airteagal comhlachais caighdeánach ('teimpléid an Aontais') a úsáid mar chuid den nós imeachta foirmithe tríd an gcomhéadan lárnach AE nó leis an gclár gnó.
2. I gcás ina n-úsáidtear teimpléid an Aontais, aon cheanglas chun airteagail chomhlachais na cuideachta a tharraingt suas agus a dheimhniú i bhfoirm chuí dhlíthiúil i gcomhréir le dlíthe náisiúnta, measfar go bhfuil sé comhlíonta.
3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléid ilteangacha an Aontais a bhunú le haghaidh na n-airteagal comhlachais caighdeánach.

Airteagal 9

Oifig chláraithe, riarachán lárnach agus príomháiit ghnó

1. Beidh a hoifig chláraithe agus a riarachán lárnach nó a príomháiit ghnó ag cuideachta EU Inc. san Aontas.
2. Beidh feidhm ag mír 1 freisin nuair a chruthaítear an chuideachta EU Inc. trí thiontú, deighilt nó cumasc trasteorann i gcomhréir le Treoir (AE) 2017/1132.

Airteagal 10

Prionsabal na nósanna imeachta digiteacha amháin

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar na nósanna imeachta uile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chur i gcrích go hiomlán ar líne amháin.
2. Déanfar an chumarsáid idir cuideachta EU Inc. agus a scairshealbhóirí, lena n-áirítear sintiúsóirí agus ceannaitheoirí scaireanna, go hiomlán ar líne mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais nó in aon chomhaontú idir cuideachta EU Inc. agus scairshealbhóir.
3. De mhaolú ar mhír 1, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar chúis sháraitheach ar mhaithe le leas an phobail chun mí-úsáid nó athrú céannachta a chosc, nó chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le hinniúlacht dhlíthiúil agus maidir le húdarás na n-iarratasóirí ionadaíocht a dhéanamh thar ceann cuideachta, féadfaidh aon údarás poiblí nó duine nó comhlacht atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, bearta a dhéanamh a bhféadfadh láithreach fhisiciúil a bheith ag teastáil ina leith. Ní fhéadfar láithreach fhisiciúil an duine a éileamh ach amháin ar bhonn cás ar chás i gcás ina bhfuil cúiseanna amhrais ann faoi fhalsú céannachta nó neamhchomhlíonadh na rialacha a leagtar amach in Airteagal 14(2) pointe (d), agus ar choinníoll gur féidir aon chéimeanna eile den nós imeachta a chur i gcrích ar líne.

Airteagal 11

Íocaíochtaí

1. I gcás ina mbíonn gá le híocaíocht i leith nós imeachta, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir íocaíocht den sórt sin a dhéanamh trí bhíthin seirbhís íocaíochta ar líne atá le fáil go forleathan a úsáidtear le haghaidh íocaíochtaí trasteorann, trína gceadaítear an duine a rinne an íocaíocht a shainaithint, agus arna soláthar ag institiúid airgeadais nó soláthraí seirbhíse íocaíochta atá bunaithe i mBallstát.
2. Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh ar líne le cuntas bainc de chuid bainc atá ag feidhmiú san Aontas. Ina theannta sin, is féidir cruthúnas ar na híocaíochtaí sin a sholáthar ar líne freisin.

Airteagal 12

Rannpháirtíocht na bhfostaithe

1. Beidh cuideachta EU Inc. arna bunú *ex nihilo* i gcomhréir le hAirteagail 16 go 19 nó arna cruthú trí thiontú, cumasc nó deighilt intíre i gcomhréir le hAirteagal 21 faoi réir na rialacha maidir le rannpháirtíocht fostaithe is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a hoifig chláraithe aici.
2. I gcás ina gcruthaítear cuideachta EU Inc. trí thiontú, cumasc nó deighilt trasteorann i gcomhréir le Caibidlí I, II agus IV de Threoir (AE) 2017/1132 nó i gcás ina ndéanann cuideachta EU Inc. tiontú, deighilt nó cumasc trasteorann den sórt sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2017/1132, cinnfear na rialacha maidir le rannpháirtíocht

fostaithe i gcomhréir le hAirteagail 86l, 133 agus 160l den Treoir sin.

CAIBIDIL II – COMHÉADAN LÁRNACH AE, FOIRMIÚ AGUS COMHDÚ

Airteagal 13

Foirm iarratais ar chuideachta

1. Úsáidfear foirm iarratais chomhchuibhithe le haghaidh gach cáis ina bhfoirmítear cuideachta EU Inc. Beidh sé go hiomlán digiteach, inléite ag meaisín agus baileoidh sé faisnéis mar shonraí struchtúrtha.
2. Déanfaidh comhaltaí ionchasacha an bhoird stiúrthóirí, arna sainaitheint trí mhodhanna ríomh-shainaitheantais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, an fhoirm iarratais ar chuideachta a líonadh isteach agus a shíniú trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.
3. Áireofar san fhoirm iarratais dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 35(3), pointe (b), a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas:
 - (a) foirmiú na cuideachta sa chlár gnó náisiúnta;
 - (b) an uimhir aitheantais chánach, an UAC a eisiúint agus/nó;
 - (c) an uimhir aitheantais CBL a eisiúint;
 - (d) faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a chlárú sa chlár um úinéireacht thairbhiúil.
4. Beidh na hairteagail chomhlachais ag gabháil leis an bhfoirm iarratais, agus féadfaidh siad teimpléid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8 a úsáid. Síneoidh na scairshealbhóirí bunaidh na hairteagail chomhlachais trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.
5. Déanfar foráil san fhoirm iarratais go ndearbhóidh daoine a dhéanann iarratas ar bheith ina stiúrthóirí a dtoiliú le bheith ina stiúrthóirí, go n-aithneoidh siad a ndualgais agus go ndearbhóidh siad an bhfuil siad ar an eolas faoi aon imthosca a bhféadfadh díchailiú sa Bhallstát clárúcháin a bheith mar thoradh orthu.
6. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta mear dá dtagraítear in Airteagal 16 má dhearbhaíonn aon duine de na daoine a dhéanann iarratas ar bheith ina stiúrthóirí gurb ann d'aon imthosca den sórt sin, nó má fhionntar gurb ann dóibh le linn rialuithe coisctheacha.
7. Áiritheoidh an Coimisiún, i gcás ina mbunaítear cuideachta EU Inc. i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 17, go soláthrófar leis an gcomhéadan lárnach AE fíorú uathoibríoch i dtaobh an bhfuil ainm na cuideachta atá beartaithe ag teacht le trádmharc cláraithe de chuid an Aontais nó cosúil leis, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/1001⁴⁷, nó le trádmharc náisiúnta de chuid Ballstáit, dá dtagraítear i

⁴⁷ Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (códú) (IO L 154, 16.6.2017, lgh. 1–99), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1001/2025-12-01>

dTreoir (AE) 2015/2436⁴⁸. Áiríteoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfoirmítear cuideachta EU Inc. i gcomhréir le hAirteagal 18 leis an gclár gnó, go soláthrófar leis an gclár an fíorú uathoibríoch. Chuige sin, déanfar BRIS a idirascadh, saor in aisce, leis na huirlisí TF um thrádmharcanna arna bhforbairt ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) i gcomhréir le hAirteagal 152(1) pointe (b) de Rialachán (AE) 2017/1001, lena sainordáítear bunachair sonraí agus tairseacha coiteanna nó nasctha a chruthú chun críoch comhairliúcháin, cuardaigh agus aicmithe ar fud an Aontais. Leis an idirascadh sin, cuirfear ar chumas EUIPO iarratasóirí ar thrádmharc san Aontas a chur ar an eolas i gcás ina bhfuil an comhartha a ndearnadh iarratas ina leith comhionann nó cosúil le hainm cuideachta EU Inc. a cláraíodh roimh dháta an iarratais ar thrádmharc. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil chun críocha táscacha agus ní dhéanfaidh sí dochar do scrúdú ná do chlárú an trádmhairc.

Airteagal 14

Rialú coisctheach

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na hairteagail chomhlachais tráth a fhoirmeofar cuideachta EU Inc. agus aon leasuithe ar na hairteagail chomhlachais faoi réir rialú coisctheach riaracháin, breithiúnach nó nótaire, nó faoi réir aon teaghlaim díobh sin.
2. Fíorófar an méid seo a leanas leis an rialú sin:
 - (a) go gcomhlíonfar na ceanglais fhoirmiúla maidir leis na hairteagail chomhlachais agus, i gcás ina n-úsáidtear teimpléid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8, go n-úsáidtear i gceart iad;
 - (b) go n-áireofar an t-inneachar íosta éigeantach mar a shonraítear san Iarscríbhinn;
 - (c) go gcomhlíonfar ainm agus cuspóir cuideachta EU Inc. ceanglais an Rialacháin seo;
 - (d) go mbeidh an inniúlacht dhlíthiúil is gá ag na hiarratasóirí agus tá údarás acu ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta EU Inc.;
 - (e) gur soláthrófar aon chomaoineacha atá le ranníoc le caipiteal i gcomhréir le hAirteagal 64 (4), agus, i gcás inarb infheidhme, go gcomhlíonfar na ceanglais bhreise maidir le comaoineacha comhchineáil i gcomhréir le hAirteagal 65.

Airteagal 15

An comhéadan lárnach AE

1. Bunóidh an Coimisiún an comhéadan lárnach AE mar chuid den phointe rochtana leictreonach Eorpach ar BRIS dá dtagraítear in Airteagal 22 de Threoir (AE) 2017/1132.

⁴⁸

Treoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (athmhúnlú)(IO L 336, 23.12.2015, lgh. 1–26), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2436/2015-12-23>

2. Na teimpléid de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8, an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 13 agus an treoraíocht mhionsonraithe ábhartha maidir le clárú cuideachta EU Inc. agus comhdú doiciméad agus faisnéis aici, cuirfidh an Coimisiún ar fáil iad go leictreonach i dteangacha uile an Aontais ar an gcomhéadan lárnach AE.
3. I gcás ina mbunaítear cuideachta EU Inc. tríd an gcomhéadan lárnach AE i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 17, áiritheoidh an Coimisiún go dtarchuirfidh an comhéadan, trí BRIS, an fhoirm iarratais agus na hairteagail chomhlachais chuig clár gnó Bhallstát an chláirúcháin. Roinnfidh an clár gnó sin na sonraí sin leis na húdaráis náisiúnta um rialú coiscitheach.
4. Leanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta de bheith freagrach as an gcinneadh cuideachta EU Inc. a chlárú sa chlár náisiúnta gnó i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena gcomhlíontar forálacha an Rialacháin seo agus dlí eile de chuid an Aontais.
5. Leis an gcomhéadan lárnach AE, beifear in ann rianú fíor-ama a dhéanamh ar stádas clárúcháin cuideachta.
6. Cuirfear faisnéis ar fáil sa chomhéadan lárnach AE maidir le clárú ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear trádmharcanna agus dearáí.
7. Beidh cuideachtaí EU Inc. in ann doiciméid agus faisnéis a chomhdú i gcomhréir le hAirteagal 25(1) agus Airteagal 27(1) tríd an gcomhéadan lárnach AE.

Airteagal 16

Mearfhoirmiú tríd an gcomhéadan lárnach AE

1. I gcás ina mbunaítear cuideachta EU Inc. tríd an gcomhéadan lárnach AE, cuirfidh na stiúrthóirí ionchasacha an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 13 isteach in éineacht le teimpléid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear i gcrích an rialú coiscitheach a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 14 agus clárú cuideachta EU Inc. laistigh de 48 n-uaire an chloig ón tráth a chuirtear isteach na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 tríd an gcomhéadan lárnach AE agus le huaschostas EUR 100 nó suim choibhéiseach san airgeadra is infheidhme i mBallstát an chláirúcháin.

I gcás na mBallstát sin nach bhfuil an euro glactha acu, is é an méid san airgeadra náisiúnta atá coibhéiseach leis an méid a leagtar amach i bhfomhír 1 an méid a gheofar tríd an ráta malairte arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm amhail ar dháta theacht i bhfeidhm aon Rialacháin lena socraítear an méid sin.

Chun críocha comhshó in airgeadraí náisiúnta na mBallstát sin nach bhfuil an euro glactha acu, féadfar an méid in euro a shonraítear i bhfomhír 1 a mhéadú nó a laghdú méid nach mó ná 5 % chun méideanna slánsuime a sholáthar sna hairgeadraí náisiúnta.

Airteagal 17

Bunú tríd an gcomhéadan lárnach AE gan teimpléid an Aontais a úsáid

1. I gcás ina bhfoirmítear cuideachta EU Inc. trí chomhéadan lárnach an Aontais gan úsáid a bhaint as teimpléid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8, cuirfidh na stiúrthóirí ionchasacha an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 13 isteach agus na hairteagail chomhlachais ag gabháil léi.
2. Déanfar an rialú coisctheach arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 14 agus clárú fhoirm cuideachta EU Inc. a chur i gcrích laistigh de 5 lá oibre ón bhfoirm iarratais agus na hairteagail chomhlachais a chur isteach.

Airteagal 18

Foirmiú iomlán ar líne leis an gclár gnó

1. I gcás ina ndéantar cuideachta EU Inc. a fhoirmiú leis an gclár gnó, déanfar an foirmiú go hiomlán ar líne trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais i gcomhréir le hAirteagal 13 agus leis na hairteagail chomhlachais.
2. Déanfar an rialú coisctheach i gcomhréir le hAirteagal 14. I gcás ina n-úsáidtear teimpléid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8, déanfar an clárú a chomhlánú faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16(2) agus i gcásanna eile faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 17(2).

Airteagal 19

Fochuideachtaí cuideachta EU Inc. a bhunú

1. Féadfaidh cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó IIB a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 nó cuideachta EU Inc. atá ann cheana cuideachta EU Inc. a bhunú mar fhochuideachta trí chomhéadan lárnach AE nó go hiomlán ar líne leis an gclár gnó i gcomhréir le hAirteagail 16, 17 agus 18.
2. I gcás ina mbunaíonn cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó IIB a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132 nó cuideachta EU Inc. atá ann cheana fochuideachta EU Inc., ní iarrfar orthu aon doiciméad ná faisnéis atá ar fáil in BRIS a sholáthar.
3. I gcás fochuideachta a chlárú i mBallstát eile, déanfaidh an clár gnó a chláraíonn an fhochuideachta an fhaisnéis agus na doiciméid faoin gcuideachta atá mar chuid den fhochuideachta a aisghabháil go huathoibríoch ó BRIS agus ar bhonn an Aitheantóra Uathúil Eorpaigh.
4. I gcás fochuideachta a chlárú sa Bhallstát céanna, beidh na doiciméid nó an fhaisnéis faoin gcuideachta atá mar chuid den fhochuideachta ar fáil freisin i gclár gnó na cuideachta sin.

Airteagal 20

Aighneacht aonuaire le haghaidh na n-údarás

1. Tar éis do chuideachta EU Inc. clárú leis an gclár gnó, déanfaidh an clár gnó sin an fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc. a mhalartú láithreach i bhfoirm dhigiteach, lena n-áirítear a EUID, chomh maith leis na sonraí sonracha chun an uimhir aitheantais chánach (UAC) agus an uimhir aitheantais CBL a fháil agus don chlár úinéireachta tairbhiúla a fuarthas mar chuid den fhoirm iarratais leis na húdaráis phoiblí atá i gceannas ar UAC agus an uimhir aitheantais CBL agus an clár úinéireachta tairbhiúla a eisiúint i mBallstát an chlárúcháin. Déanfaidh an clár gnó sin an fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc. a mhalartú freisin i bhfoirm dhigiteach leis na húdaráis slándála sóisialta.
2. Ní cheanglófar ar chuideachta EU Inc. an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar do na húdaráis ná do chlár na húinéireachta tairbhiúla dá dtagraítear i mír 1.
3. Gheobhaidh an chuideachta EU Inc. an UAC agus an uimhir aitheantais CBL ó na húdaráis phoiblí atá i gceannas ar a n-eisiúint go digiteach agus gan mhoill. Ní cheanglófar ar an gcuideachta EU Inc. iarratas ar leithligh a chur faoi bhráid na n-údarás poiblí sin ná faoi bhráid chlár na húinéireachta tairbhiúla; ní cheanglófar air ach oiread faisnéis bhreise a sholáthar dóibh mura rud é nach féidir í a aisghabháil in áit eile agus go bhfuil fíorghá léi chun an uimhir aitheantais CBL a eisiúint.
4. Tarchuirfidh an clár gnó chuig na húdaráis phoiblí dá dtagraítear i mír 1, go huathoibríoch agus go digiteach, aon athrú ar an bhfaisnéis faoin gcuideachta EU Inc. a fuair na húdaráis phoiblí sin i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 21

Cruthú trí thiontuíthe, cumasc nó deighiltí intíre agus trasteorann

1. Sa bhreis ar an bhfoirmiú dá dtagraítear in Airteagail 16 go 18, féadfar cuideachta EU Inc. a chruthú trí aon cheann de na modhanna seo a leanas:
 - (a) tiontú intíre cuideachta atá ann cheana;
 - (b) cumasc intíre cuideachtaí atá ann cheana;
 - (c) deighilt intíre cuideachta atá ann cheana;
 - (d) tiontú, deighilt nó cumasc trasteorann cuideachta nó cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta.
2. Beidh cruthú cuideachta EU Inc. trí thiontú intíre faoi rialú ag an dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcuideachta tiontuíthe.
3. Beidh cruthú cuideachta EU Inc. trí chumasc intíre nó trí dheighilt cuideachtaí atá ann cheana faoi rialú an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le gach ceann de na cuideachtaí atá ag cumasc nó maidir leis an gcuideachta atá ag deighilt.
4. Ní fhéadfaidh cuideachta nó cuideachtaí a bheith páirteach i dtiontú intíre, i gcumasc intíre nó i ndeighilt intíre dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, ach amháin ar

choinníoll go bhfuil dhá bhliain caite ó cláraíodh iad nó gur formheasadh an chéad dá shraith de chuntais bhliantúla d'aon chuideachta den sórt sin cheana.

5. Is i gcomhréir le Caibidlí I, II agus IV de Threoir (AE) 2017/1132 a chruthófar cuideachta EU Inc. trí thiontú, deighilt nó cumasc trasteorann.
6. Féadfaidh cuideachta EU Inc. athrú ina chuideachta náisiúnta faoi dhliteanas teoranta sa Bhallstát ina bhfuil sé cláraithe, i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach i mír 1. I gcás oibríocht intíre dá dtagraítear sa mhír sin, ní féidir aon chinneadh a dhéanamh maidir le hoibríocht den sórt sin sula mbeidh dhá bhliain caite ó cláraíodh í nó sula bhformheasfar an chéad dá shraith dá cuntais bhliantúla.

Airteagal 22

Stiúrthóirí dícháilithe

1. Daoine a dhéanann iarratas ar bheith ina stiúrthóirí ar chuideachta EU Inc., dearbhóidh siad an bhfuil siad ar an eolas faoi aon imthosca a bhféadfadh dícháiliú a bheith mar thoradh orthu sa Bhallstát lena mbaineann i gcás cuideachta EU Inc a fhoirmiú agus i gcás faisnéis a chomhdú maidir le stiúrthóir nua a cheapadh.
2. Ní fhéadfaidh duine atá dícháilithe faoi láthair ó ghníomhú mar stiúrthóir i mBallstát eile a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta EU Inc.
3. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rialacha acu maidir le dícháiliú stiúrthóirí. Sna rialacha sin, déantar foráil don fhéidearthacht aon dhícháiliú atá i bhfeidhm nó faisnéis ábhartha faoi dhícháiliú i mBallstát eile. Chun críoch an Airteagail seo, áireofar ar na stiúrthóirí ar a laghad na daoine dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (f).
4. Cuirfidh na Ballstáit Airteagal 13i (1), (3), (4), (6) agus (7) de Threoir (AE) 2017/1132 i bhfeidhm a bhaineann le malartú faisnéise faoi dhaoine a dhéanann iarratas ar bheith ina stiúrthóirí ar chuideachta EU Inc.

Airteagal 23

Síniú an chomhdaithe dhigitigh tríd an gcomhéadan lárnach AE

1. Aon doiciméad agus aon fhaisnéis a chomhdaítear tríd an gcomhéadan lárnach AE, síneofar iad trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó trí úsáid a bhaint as feidhm shínithe na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú COM(2025) 838], más infheidhme.
2. Áirítear an méid seo a leanas sna comhduithe dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) aon fhoirmeacha chun comhduithe a dhéanamh ag an gcuideachta nó thar a ceann;
 - (b) aon rún ón gcruinniú ginearálta;

- (c) aon rúin ó chomhlachtaí cuideachta eile;
- (d) aon dearbhuithe pearsanta ó na daoine lena mbaineann nó thar a gceann.

Airteagal 24

Gníomhaire comhdúcháin leictreonaigh

1. Trí úsáid a bhaint as cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 31, féadfaidh cuideachta EU Inc. duine (an ‘gníomhaire comhdúcháin leictreonaigh’) a údarú chun doiciméid a shíniú agus foirmeacha a chur isteach thar a ceann tríd an gcomhéadan lárnach AE i gcomhréir leis an Rialachán seo.
2. Fíoróidh an comhéadan lárnach AE cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais go huathoibríoch.

CAIBIDIL III – INROCHTAINEACHT AGUS ÚSÁID TRASTEORANN FHAISNÉIS CUIDEACHTA EU INC.

Airteagal 25

Doiciméid agus faisnéis atá le cur ar fáil sa chlár gnó

1. Áiríteoidh Ballstát an chláirúcháin go gcuirfear na doiciméid agus an faisnéis seo a leanas arna gcomhdú ag cuideachta EU Inc. i gcomhréir le hAirteagal 27 ar fáil don phobal sa chlár gnó:
 - (a) ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta EU Inc.;
 - (b) oifig chláraithe na cuideachta EU Inc., atá comhdhéanta d’ainm sráide, uimhir shráide, cód poist agus an Ballstát ina bhfuil sé cláraithe;
 - (c) i gcás ina mbeidh siad ar fáil, sonraí maidir le láithreach leictreonach na cuideachta EU Inc.;
 - (d) cuspóir na cuideachta EU Inc., lena ndéantar cur síos ar a príomhghníomhaíocht nó ar a príomhghníomhaíochtaí, a chuirtear in iúl trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha um Aicmiú Staidrimh do Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE) agus, más ann dó, sonraí breise maidir le cuspóir nó críoch na cuideachta EU Inc.
 - (e) na hairteagail chomhlachais agus leagan comhdhlúite tar éis aon leasú sna leaganacha teanga uile dá dtagraítear in Airteagal 7;
 - (f) ceapadh, foirceannadh oifige agus faisnéis na ndaoine, mar chomhlacht a bunaíodh de bhun an dlí, lena n-áirítear an bord stiúrthóirí, nó mar chomhaltaí d’aon chomhlacht den sórt sin, ar fíor an méid seo a leanas ina leith:
 - i. go bhfuil siad údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta EU Inc. agus iad ag déileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla; beidh

sé soiléir ón nochtadh an bhféadfaidh na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta EU Inc. é sin a dhéanamh ina n-aonar nó an gceanglaítear orthu gníomhú go comhpháirteach;

- ii. glacann siad páirt i riar, i maoirseacht nó i rialú na cuideachta;
 - (g) aon chinneadh tuarascáil na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(5) a tharscaoileadh;
 - (h) na doiciméid chuntasaíochta le haghaidh gach bliana airgeadais is gá a fhoilsiú i gcomhréir le Treoir 86/635/CEE agus Treoir 91/674/CEE ón gComhairle agus Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
 - (i) i gcás inar cuideachta aonbhaill í cuideachta EU Inc. nó ina ndéantar cuideachta aonbhaill de, céannacht an aonbhaill;
 - (j) foirceannadh na cuideachta EU Inc.;
 - (k) ceapadh leachtaitheoirí, a bhfaisnéis agus a gcumhachtaí faoi seach, mura rud é go ndéantar na cumhachtaí sin a dhíorthú go sainráite agus go heisiach ón dlí nó ó na hairteagail chomhlachais;
 - (l) leachtú a fhoirceannadh.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na cúirteanna inniúla agus údarais phoiblí ábhartha eile atá freagrach faoin dlí náisiúnta na doiciméid agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don chlár gnó clárúcháin agus go mbeidh rochtain ag an bpobal orthu sa chlár gnó sin:
- (a) aon dearbhú maidir le neamhniú na cuideachta EU Inc.;
 - (b) aon chinneadh eile a bhaineann leis an gcuideachta EU Inc. a bhfuil éifeacht uilíoch aige agus lena n-athraítear na doiciméid nó an fhaisnéis faoi mhír 1.
3. Áiritheoidh Ballstát an chlárúcháin go mbeidh rochtain ag an bpobal ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis seo a leanas arna soláthar ag an gclár gnó clárúcháin:
- (a) uimhir chlárúcháin na cuideachta EU Inc. agus a EUID;
 - (b) stádas na cuideachta EU Inc., amhail an tráth a dhúntar é, an tráth a bhaintear den chlár é, an tráth a dhéantar é a leachtú, a fhoirceannadh, a dhíscaoileadh nó a bheith neamhghníomhach;
 - (c) faisnéis faoi aon bhrainte a d'oscail an chuideachta EU Inc. i mBallstát eile lena n-áirítear an t-ainm, an uimhir chlárúcháin, EUID agus an Ballstát ina bhfuil an brainse cláraithe, mar thoradh ar na malartuithe faisnéise idir cláir ghnó trí BRIS, an Deimhniú Cuideachta AE dá dtagraítear in Airteagal 29.
4. Beidh feidhm ag mír 3 go mír 6 d'Airteagal 16, maidir le hiontaofacht ag tríú páirtithe agus meaisín-inléiteacht, agus ag mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 16a, maidir le fíorchóipeanna agus úsáid seirbhísí iontaoibhe, de Threoir (AE) 2017/1132.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cóipeanna agus sleachta digiteacha de na

doiciméid agus den fhaisnéis arna soláthar ag an gclár comhoiriúnach leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 910/2014 agus leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in *[Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú]*.

Airteagal 26

Doiciméid agus faisnéis atá le cur ar fáil trí BRIS

1. Cuirfear an méid seo a leanas ar fáil go poiblí trí BRIS
 - (a) na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 25;
 - (b) meánlíon fostaithe na cuideachta EU Inc. le linn na bliana airgeadais, i gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i ráitis airgeadais na cuideachta agus ón nóiméad ar féidir an fhaisnéis sin a asbhaint mar shonraí
 - (c) an fhaisnéis faoi ghrúpaí faoi Airteagal 19b de Threoir (AE) 2017/1132 a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aici maidir le cuideachta EU Inc.;
 - (d) beidh ar a laghad an fhaisnéis agus na doiciméid a liostaítear in Airteagal 25, 1, pointí a) go f) agus j), agus mír 3, pointí a) go c) ar fáil go poiblí saor in aisce ar an gclár gnó agus ar BRIS. Ní bheidh an praghas ar chóip de na doiciméid agus den fhaisnéis eile a liostaítear in Airteagal 25 a fháil níos airde ná an costas riaracháin a bhaineann leis sin, lena n-áirítear na costais a bhaineann le cláir ghnó a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 19(3) de Threoir (AE) 2017/1132.

Airteagal 27

Doiciméid agus faisnéis a chomhdú agus an clár a thabhairt cothrom le dáta

1. Comhdóidh cuideachtaí EU Inc. na doiciméid agus an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 25(1) agus in Airteagal 40(2), pointe (a) tríd an gcomhéadan lárnach AE nó go díreach leis an gclár gnó.
2. Coimeádfaidh cuideachtaí EU Inc. a ndoiciméid agus a bhfaisnéis a stóráiltear sa chlár gnó cothrom le dáta. Déanfar na hathruithe a chomhdú agus coinneofar na cláir ghnó cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir (AE) 2017/1132. Beidh na hathruithe a chomhdófar faoi réir rialú coisctheach i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán seo.
3. D'ainneoin mhír 2, déanfaidh cuideachtaí EU Inc. leasuithe ar na hairteagail chomhlachais a chomhdú laistigh de 5 lá tar éis an rún arna leasú a dhéanamh. I gcás ina nuashonróidh leasuithe comhdaithe teimpléad an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8, cruthófar an leagan comhdhlúite de na hairteagail chomhlachais go huathoibríoch. I gcás ina gcomhdófar leasuithe ar airteagail chomhlachais, gan úsáid a bhaint as teimpléid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8, comhdófar na hairteagail chomhlachais chomhdhlúite freisin. I gcás leasuithe laistigh de struchtúr theimpléad an

Aontais a chomhdaítear tríd an gcomhéadan lárnach AE, beidh feidhm ag na spriocamanna agus ag an teorainn chostais don chlárú mear a leagtar síos in Airteagal 16(2).

4. Déanfaidh an chúirt inniúil nó an t-údarás poiblí na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 25(2), lena n-áirítear aon athruithe ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis sin, a chur faoi bhráid an chláir ghnó go díreach laistigh de na spriocamanna a leagtar síos in Airteagal 15 de Threoir (AE) 2017/1132.
5. Beidh gach comhdú doiciméad agus faisnéise leis an gclár gnó, lena n-áirítear na cinn dá dtagraítear i mír 1, go hiomlán ar líne agus úsáidfear modhanna ríomhshainitheantais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó Tiachóga Gnó dá dtagraítear in *[Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú]*.

Airteagal 28

Prionsabal aonuaire le haghaidh sonraí cuideachta le linn shaolré na cuideachta EU Inc.

1. I gcás inar gá d'údaráis phoiblí, i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin nó breithiúnach, féachaint ar fhaisnéis shonrach faoin gcuideachta EU Inc. atá ar fáil go poiblí trí BRIS agus sa chlár gnó, ní iarrfar ar an gcuideachta EU Inc. an fhaisnéis sin a chur isteach.
2. Tá mír 1 gan dochar don oibleagáid a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta doiciméid a chur isteach chun ceanglais nós imeachta a chomhlánú nó go heisceachtúil agus ar bhonn cás ar chás, i gcás ina bhfuil foras réasúnach ag údaráis phoiblí a bheith in amhras faoi mhí-úsáid nó calaois a bhaineann leis an gcuideachta EU Inc.
3. Féadfaidh na Ballstáit pointe rochtana roghnach a bhunú d'údaráis phoiblí chun rochtain a bheith acu ar BRIS i gcomhréir le hAirteagal 22(5) de Threoir (AE) 2017/1132.

Airteagal 29

An dualgas céannacht cuideachtaí agus brainsí a nochtadh

1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas i gcumarsáid na cuideachta EU Inc. a bhaineann le gnó, gan beann ar cé acu i bhfoirm dhigiteach nó i bhfoirm pháipéir atá sí:
 - (a) ainm na cuideachta;
 - (b) EUID;
 - (c) seoladh oifig chláraithe na cuideachta EU Inc.;
 - (d) seoladh comhfhreagrais dhigitigh na cuideachta EU Inc.;
 - (e) seoladh láithreachta dhigiteach na cuideachta EU Inc., mar shampla a shuíomh gréasáin.
2. Léireoidh láithreachta dhigiteach na cuideachta EU Inc. ar a laghad an fhaisnéis a luaitear sa chéad mhír.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 freisin maidir leis an gcumarsáid a bhaineann le gnó a dhéanann brainse de chuideachta EU Inc. atá cláraithe i mBallstát eile. Ina theannta sin, áireofar sa chumarsáid sin an Ballstát ina bhfuil an brainse cláraithe chomh maith le EUID an bhainse sin.

Airteagal 30

Deimhniú Cuideachta AE

1. Eiseoidh clár gnó an chlárúcháin Deimhniú Cuideachta AE ilteangach arna iarraidh sin do chuideachta EU Inc. Glacfar leis an Deimhniú Cuideachta AE i ngach Ballstát mar fhianaise leordhóthanach, tráth a eisiúna, ar chorprú na cuideachta agus ar an bhfaisnéis atá ann.
2. Eiseoidh clár ghnó an Deimhniú Cuideachta AE don chuideachta EU Inc. i gcomhréir le míreanna 16b (1), (2) agus (4) go (7) de Threoir (AE) 2017/1132.
3. Beidh Deimhniú Cuideachta AE comhoiriúnach leis na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú] i gcás ina mbeidh siad ar fáil.

Airteagal 31

Cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais

1. Beidh cuideachta EU Inc. in ann cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a úsáid chun nósanna imeachta a dhéanamh i mBallstát eile faoi raon feidhme an Rialacháin seo, go háirithe cuideachtaí a fhoirmiú, brainsí a chlárú nó a dhúnadh, agus tiontuíthe, cumaisc agus deighiltí trasteorann.
2. Is féidir le cuideachta EU Inc. teimpléad a úsáid, atá ann i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, le haghaidh chumhacht aturnae dhigiteach an Aontais chun duine a údarú chun ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta i gcomhréir le hAirteagal 16(1) go (3) de Threoir (AE) 2017/1132.
3. Beidh Deimhniú Cuideachta AE comhoiriúnach leis na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú] i gcás ina mbeidh siad ar fáil.

Airteagal 32

Díolúine ó dhlísteanú agus aon fhoirmiúlacht chomhchosúil agus coimircí gaolmhara

1. I gcás cóipeanna digiteacha agus sleachta digiteacha de dhoiciméid agus d'fhaisnéis

faoi chuideachta EU Inc., arna soláthar agus arna ndeimhniú mar chóipeanna dílse ag clár gnó, lena n-áirítear aistriúcháin dheimhnithe, agus arna bhfiordheimhniú trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó trí bhíthin na dTiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú], i gcás ina mbeidh siad ar fáil, atá le tíolacadh i mBallstát eile, beidh siad díolmhaithe ó dhlísteánú agus ó aon fhoirmiúlacht chomhchosúil i gcomhréir le hAirteagal 16d (1) de Threoir (AE) 2017/1132.

2. I gcás ionstraimí nótaire digiteacha, doiciméid riaracháin, cóipeanna deimhnithe agus aistriúcháin díobh arna n-eisiúint i mBallstát a bhaineann le cuideachta EU Inc. agus arna bhfiordheimhniú trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó trí bhíthin na dTiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú], i gcás ina mbeidh siad ar fáil, atá le tíolacadh i mBallstát eile, beidh siad díolmhaithe ó gach cineál dlisteanaithe agus ó aon fhoirmiúlacht chomhchosúil i gcomhréir le hAirteagal 16d (3) de Threoir (AE) 2017/1132.
3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 16d (3) de Threoir (AE) 2017/1132 maidir leis an Deimhniú Cuideachta AE dá dtagraítear in Airteagal 30 agus le cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 31 agus maidir leis na deimhnithe réamhthiontú, réamhchumaisc agus réamhdheighilte arna dtarchur i gcomhréir le hAirteagail 86n, 127a agus 160n de Threoir (AE) 2017/1132.
4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 16e de Threoir (AE) 2017/1132 i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ar údarais Ballstát eile seachas an Ballstát inar soláthraíodh cóipeanna agus sleachta digiteacha nó ionstraimí nótaire digiteacha, maidir le tionscnamh nó barántúlacht, lena n-áirítear céannacht an tséala nó an stampa, nó i gcás ina bhfuil cúis acu a mheas go ndearnadh doiciméad a bhrionnú nó go ndearnadh crioscaíl leis.

Airteagal 33

Díolúine maidir le haistriúchán

1. Ní bheidh gá le haistriú cóipeanna ná sleachta de dhoiciméid a bhaineann le chuideachta EU Inc. arna soláthar ag an gclár gnó nuair is féidir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis shonrach is gá faoi chuideachta EU Inc. agus í a cheadú:
 - (a) in airteagail chomhlachais chuideachta EU Inc.; nó
 - (b) sa Deimhniú Cuideachta AE dá dtagraítear in Airteagal 30; nó
 - (c) trí chóras idirnasctha na gclár agus ina mbeidh an fhaisnéis inaitheanta trí lipéid mhíniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18 de Treoir (AE) 2017/1132.

2. Gan dochar do mhír 1, i gcás ina bhfuil na hairteagail chomhlachais agus doiciméid eile a bhaineann le cuideachta EU Inc. arna soláthar ag clár gnó le cur i láthair i mBallstát eile, ní féidir aistriúchán deimhnithe a éileamh ach amháin nuair atá údar cuí leis de bharr na críche dá bhfuil an doiciméad le húsáid, amhail chun ceanglas éigeantach maidir le nochtadh poiblí a chomhlíonadh nó chun é a chur i láthair in imeachtaí breithiúnacha, agus tá géarghá leis.
3. I gcás ina mbeidh údar le haistriúchán deimhnithe a chur isteach i gcomhréir le mír 2, measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta nuair a aistroidh gníomhaire intleachta saorga um aistriúchán arna fhorghas ag an mBallstát ábhartha an doiciméad. Féadfar na gníomhairí aistriúcháin sin a chomhtháthú mar fheidhmiúlacht sa Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa.
4. Cinnfidh na Ballstáit cé na gníomhairí intleachta saorga um aistriúchán atá le forghas lena n-úsáid ina nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha. Cuirfidh na Ballstáit liosta na ngníomhairí intleachta saorga um aistriúchán formheasta in iúl don Choimisiún agus foilseoidh siad é ar chomhéadan lárnach an Aontais. Tabharfaidh na Ballstáit an liosta cothrom le dáta i gcás inarb ábhartha gan moill mhíchuí.

Airteagal 34

An clár lárnach digiteach

Tar éis bhunú an chomhéadain lárnaigh AE dá dtagraítear in Airteagal 15, déanfaidh an Coimisiún é a fhorbairt a thuilleadh i dtreo clár lárnach digiteach do chuideachtaí EU Inc. Chun na críche sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoin *[Oifig na bhFoilseachán: 18 Mí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]* i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107 chun sonraíochtaí teicniúla an chláir lárnaigh a leagan síos agus chun foráil a dhéanamh maidir le foirmeacha agus samhlacha teoraithe roghnacha do chuideachtaí EU Inc.

Airteagal 35

Forálacha a bhaineann le BRIS

1. Beidh na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 25 agus 40 ar fáil agus inchuadaithe trí BRIS i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Threoir (AE) 2017/1132.
2. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go mbeidh feidhm ag malartuithe faisnéise agus infhaighteacht cóipeanna digiteacha de dhoiciméid agus d'fhaisnéis trí BRIS faoi Threoir (AE) 2017/1132 maidir le cuideachtaí EU Inc., mura bhforáiltear rialacha sonracha leis an rialachán seo. Leasóidh an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1042 chun a chur i bhfeidhm a leathnú chuig cuideachtaí EU Inc.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, faoin *[Oifig na bhFoilseachán: lá deireanach an 9ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, foráil maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) teimpléid ilteangacha an Aontais a bhunú, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla agus an liosta mionsonraithe sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 8;
 - (b) na foirmeacha iarratais ilteangacha dá dtagraítear in Airteagal 13 agus Airteagal 38, an fíorú uathoibríoch dá dtagraítear in Airteagal 13(7), lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla agus an liosta mionsonraithe sonraí, a bhunú;
 - (c) liosta mionsonraithe na sonraí atá le tarchur chun críche faisnéis a mhalartú idir cláir agus infhaighteacht doiciméad agus faisnéise trí BRIS, dá dtagraítear in Airteagail 15(3), 19(3), 26, 38(4) agus 40;
 - (d) na sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcomhoiriúnacht idir an Deimhniú Cuideachta AE agus cumhacht aturnae an Aontais dá dtagraítear in Airteagail 30 agus 31, leis na Tiachóga Gnó dá dtagraítear in *[Oifig na bhFoilseachán: tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú]*.

CAIBIDIL IV – BRAINSÍ TRASTEORANN

Airteagal 36

Prionsabail ghinearálta

1. Féadfaidh chuideachta EU Inc. atá cláraithe i mBallstát brainse a oscailt i mBallstát eile.
2. Déanfar gach brainse de chuideachta EU Inc. a chlárú le clár gnó an Bhallstáit ina n-osclofar an brainse sin.

Airteagal 37

Clárú brainse

1. Féadfaidh cuideachta EU Inc. brainse a chlárú i mBallstát eile tríd an gcomhéadan lárnach AE tríd an bhfoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 38 a úsáid agus laistigh de na sprioc-amanna agus den uasteorainn chostais i gcomhréir le hAirteagal 16(2).
2. Féadfaidh EU Inc. brainse i mBallstát eile a chlárú go hiomlán ar líne le clár gnó náisiúnta an Bhallstáit sin, agus úsáid á baint as an bhfoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 38, i gcomhréir le hAirteagal 28a(6) de Threoir (AE) 2017/1132.
3. Déanfar an malartú faisnéise faoin mbrainse cláraithe idir clár gnó an bhrainse agus clár gnó na cuideachta EU Inc. i gcomhréir le hAirteagal 28a(7) de Threoir (AE)

Airteagal 38

Foirm iarratais brainse

1. Úsáidfear foirm iarratais chun brainse de chuideachta EU Inc. a chlárú i mBallstát eile tríd an gcomhéadan lárnach AE agus leis an gclár gnó náisiúnta. Beidh sé digiteach, inléite ag meaisín agus baileoidh sé faisnéis mar shonraí struchtúrtha.
2. Déanfaidh stiúrthóir na cuideachta EU Inc. an fhoirm iarratais a shíniú go leictreonach, stiúrthóir a shainaitheofar trí mhodhanna ríomh-shainaitheantais i gcomhréir le Rialachán (AE) 910/2014 nó le Tiachóga Gnó dá dtagraítear in [*Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú*].
3. Áireofar san fhoirm iarratais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 40 (2) pointe (b) chomh maith leis an bhfaisnéis shonrach is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) an uimhir aitheantais chánach, an UAC le haghaidh an bhrainse a eisiúint;
 - (b) an uimhir aitheantais CBL a eisiúint le haghaidh an bhrainse.
 - (c) Déanfaidh an clár gnó a chláraíonn an brainse an fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc. dá dtagraítear i bpointe 40 (2), pointe (a), a aisghabháil go huathoibríoch ó BRIS agus ar bhonn EUID.
4. Ní cheanglófar ar an gcuideachta EU Inc., a chláraíonn an brainse, aon fhaisnéis agus doiciméad atá ábhartha don nós imeachta um chlárú brainse agus atá ar fáil in BRIS a sholáthar.

Airteagal 39

Aighneacht aonuaire brainse agus sonraí cuideachta le haghaidh na n-údarás

1. Tar éis brainse de chuideachta EU Inc. a chlárú, leis an gclár gnó, malartóidh an clár gnó sin an fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc., agus faoin mbrainse a cuireadh isteach mar chuid den fhoirm iarratais, láithreach i bhfoirm dhigiteach, chomh maith le faisnéis ábhartha eile atá ar fáil sa chlár gnó sin agus trí BRIS, lena n-áirítear EUID a leithdháiltear ar an mbrainse, leis na húdaráis phoiblí atá i gceannas ar an UAC agus an uimhir aitheantais CBL a eisiúint agus an clár úinéireachta tairbhiúla. Déanfaidh an clár gnó sin an fhaisnéis faoin gcuideachta EU Inc. agus faoin mbrainse a mhalartú freisin i bhfoirm dhigiteach leis na húdaráis slándála sóisialta.
2. Ní cheanglófar ar an gcuideachta EU Inc. ná ar a bhainse aon fhaisnéis atá ar fáil i gclár gnó an bhainse, atá ar fáil trí BRIS nó a áirítear san fhoirm iarratais, a sholáthar do na húdaráis phoiblí ná don chlár úinéireachta tairbhiúla dá dtagraítear i

mír 1.

3. Gheobhaidh brainse trasteorann na cuideachta EU Inc. an uimhir aitheantais chánach (UAC) agus an uimhir aitheantais CBL ó na húdaráis atá i gceannas ar a n-eisiúint go leictreonach agus gan mhoill. Ní cheanglófar ar an gcuideachta EU Inc. ná ar a bhainse iarratas ar leithligh a chur faoi bhráid na n-údarás poiblí sin ná faisnéis bhreise a sholáthar mura rud é nach féidir í a aisghabháil in áit eile agus go bhfuil géarghá léi chun uimhir aitheantais CBL a eisiúint.
4. Tarchuirfidh an clár gnó dá dtagraítear i mír 1 chuig na húdaráis phoiblí dá dtagraítear i mír 1, go huathoibríoch agus go digiteach, aon athrú ar an bhfaisnéis faoi chuideachta EU Inc. a fuair na húdaráis phoiblí sin i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 40

Infhaighteacht doiciméad agus faisnéise maidir le brainsí

1. Beidh faisnéis agus doiciméid faoi bhainse atá cláraithe ag EU Inc. agus a rialaítear le dlí Ballstáit eile ar fáil go poiblí i gclár gnó an bhainse i gcomhréir le hAirteagal 16(3) go (6) de Threoir (AE) 2017/1132 agus trí BRIS.
2. Ní chumhdófar leis an nochtadh éigeantach ach an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) maidir leis an mbrainse:
 - i. ainm an bhainse;
 - ii. seoladh an bhainse;
 - iii. gníomhaíochtaí an bhainse;
 - iv. ceapadh na ndaoine, agus faisnéis faoi na daoine, atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta agus iad ag déileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla mar bhuanionadaithe na cuideachta le haghaidh ghníomhaíochtaí an bhainse, agus raon a gcumhachtaí á léiriú;
 - (b) maidir leis an gcuideachta EU Inc.:
 - i. clár gnó na cuideachta EU Inc.;
 - ii. ainm na cuideachta EU Inc.;
 - iii. foirm dhlíthiúil na cuideachta EU Inc.;
 - iv. oifig chláraithe na cuideachta EU Inc.;
 - v. uimhir chlárúcháin na cuideachta EU Inc.;
 - vi. EUID na chuideachta EU Inc.;
 - vii. an ceapachán agus faisnéis faoi na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh don chuideachta agus iad ag déileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla mar orgán cuideachta arna chomhdhéanamh de bhun an dlí nó mar chomhaltaí d'aon orgán den sórt sin, i gcomhréir leis an nochtadh ag an gcuideachta dá bhforáiltear in Airteagal 25;

- viii. foirceannadh na cuideachta EU Inc., ceapadh na leachtaitheoirí, faisnéis a bhaineann leo agus lena gcumhachtaí agus críochnú an leachtaithe i gcomhréir le nochtadh ag an gcuideachta EU Inc. amhail dá bhforáiltear in Airteagal 25;
 - ix. imeachtaí, socrúithe agus comhshocraíochtaí dócmhainneachta, nó aon imeacht cosúil leo sin a bhfuil an chuideachta EU Inc. faoina réir;
 - x. dúnadh an bhrainse.
- 3. Beidh feidhm ag an uathmhalartú faisnéise idir an clár gnó ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus clár an bhrainse faoi Airteagal 30a de Threoir (AE) 2017/1132 maidir leis na hathruithe faisnéise faoin gcuideachta EU Inc.
 - 4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na huathmhalartaithe faisnéise idir an clár gnó ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus clár an bhrainse faoi Airteagail 20, 28c agus 34 de Threoir (AE) 2017/1132 maidir le cuideachtaí EU Inc. agus a mbrainsí trasteorann.

Airteagal 41

Soghluaisteacht trasteorann

Déanfaidh cuideachta EU Inc. tiontuíthe, deighiltí agus cumaisc trasteorann i gcomhréir le Caibidlí I, II agus IV de Threoir (AE) 2017/1132.

CAIBIDIL V – EAGRAÍOCHT

Airteagal 42

Comhlachtaí na cuideachta

- 1. Leagfar síos sna hairteagail chomhlachais na rialacha maidir le heagrú na cuideachta EU Inc. agus na coinníollacha faoina mbainistear í.
- 2. Beidh bord stiúrthóirí ag an gcuideachta agus beidh an bord sin freagrach as an gcuideachta a bhainistiú. Duine nádúrtha amháin nó níos mó (stiúrthóirí) a bheidh ar an mbord stiúrthóirí. Beidh cónaí ar dhuine amháin ar a laghad de na stiúrthóirí san Aontas.
- 3. Féadfaidh an bord stiúrthóirí cumhachtaí uile na cuideachta a fheidhmiú, ar cumhachtaí iad nach gceanglaítear, leis na rialacha is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 4, iad a fheidhmiú ag an gcruinniú ginearálta ná ag comhlacht reachtúil eile.
- 4. Beidh sé de chumhacht ag an gcruinniú ginearálta stiúrthóirí a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost tráth ar bith agus na cuntais bhliantúla a fhormheas agus ábhair eile a shonraítear sa Rialachán seo agus sna hairteagail chomhlachais a fheidhmiú. Féadfaidh an cruinniú ginearálta teoracha a thabhairt don bhord stiúrthóirí. Beidh na teoracha sin ina gceangal ar an mbord stiúrthóirí, mura rud é go bhfuil siad contrártha leis na rialacha is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 4.

Airteagal 43

Ionadaíocht na cuideachta

1. Déanfaidh a stiúrthóirí ionadaíocht ar an gcuideachta EU Inc.. Má tá roinnt stiúrthóirí ag an gcuideachta EU Inc., déanfaidh siad ionadaíocht chomhpháirteach thar ceann na cuideachta agus tagrófar dóibh mar ‘chomhstiúrthóirí’.
2. Féadfar a fhoráil leis na hairteagail chomhlachais, nó féadfar a chinneadh ag an gcruinniú ginearálta, i gcás ina bhfuil roinnt stiúrthóirí ag an gcuideachta, go ndéanann gach stiúrthóir nó stiúrthóirí áirithe ionadaíocht aonair don chuideachta. Ní fhéadfar brath ar theorannú den sórt sin ar an gcumhacht ionadaíochta ach amháin i gcoinne tríú páirtithe i gcás ina gcuirtear ar fáil go poiblí é i gcomhréir le hAirteagail 25 agus 27.
3. Ní fhéadfar brath ar theorainneacha eile ar chumhachtaí ionadaíochta na stiúrthóirí a eascraíonn as na hairteagail chomhlachais nó as cinneadh ó chomhlacht reachtúil i gcoinne tríú páirtithe.
4. Beidh an chuideachta EU Inc. faoi cheangal ag na gníomhartha a dhéanann a stiúrthóirí, fiú i gcás ina bhfuil na gníomhartha sin lasmuigh de raon feidhme a haidhme.
5. Féadfaidh na stiúrthóirí aon cheann dá gcumhachtaí a tharmligean chuig daoine aonair a chloífidh, agus na cumhachtaí tarmligthe á bhfeidhmiú acu, le haon oibleagáid dhlíthiúil a fhorchuirtear ar stiúrthóirí.

Airteagal 44

Dualgais stiúrthóirí

1. Gan dochar d’oibleagáidí breise a bhféadfadh feidhm a bheith acu i gcásanna sonracha, beidh sé de dhualgas ar stiúrthóir gníomhú i gcónaí:
 - (a) de réir airteagail chomhlachais na cuideachta;
 - (b) de mheon macánta agus ar mhaithe le leas na cuideachta;
 - (c) le cúram, scíl agus dúthracht réasúnach.
2. Beidh stiúrthóir faoi dhliteanas don chuideachta as aon ghníomh nó neamhghníomh a sháraíonn dualgas a eascraíonn as an Rialachán seo, ó na hairteagail chomhlachais nó ó rún ón gcruinniú ginearálta is cúis le caillteanas nó damáiste don chuideachta.
3. Ní bheidh stiúrthóir faoi dhliteanas ag an gcuideachta:
 - (a) i leith aon damáiste nó caillteanas a thabhaigh an chuideachta de thoradh cinneadh gnó ar choinníoll gur ghníomhaigh sé nó sí de mheon macánta, gur fheidhmigh sé nó sí an cúram a d’úsáidfeadh duine réasúnta stuama, agus go raibh an tuairim réasúnach aige nó aici go raibh sé nó sí ag gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta;
 - (b) i leith aon damáiste nó caillteanais a thabhaigh an chuideachta de thoradh beart a rinneadh bunaithe ar rún dleathach ón gcruinniú ginearálta.
4. Déanfar dliteanas stiúrthóirí a rialú tuilleadh leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Airteagal 45

Coinbhleachtaí leasa stiúrthóirí

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais, cuirfidh stiúrthóir an bord stiúrthóirí ar an eolas nó, i gcás stiúrthóir aonair nach é an t-aon scairshealbhóir é an tráth céanna, déanfaidh sé an cruinniú ginearálta a chur ar an eolas faoi aon ábhar a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis idir leas an stiúrthóra féin agus leas na cuideachta.
2. Staonfaidh stiúrthóir ó pháirt a ghlacadh i gcinneadh a bhaineann le hábhar ina bhfuil coinbhleacht leasa aige nó aici, mura rud é gur údaraigh an cruinniú ginearálta nó na hairteagail chomhlachais don stiúrthóir páirt a ghlacadh sa chinneadh sin.

Airteagal 46

Idirbhearta páirtithe gaolmhara

1. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais:
 - (a) a cheangal go ndéanfaidh an bord stiúrthóirí, an cruinniú ginearálta nó na stiúrthóirí nó na scairshealbhóirí nach bhfuil baint acu leis na hidirbhearta sin idirbhearta áirithe nó na hidirbhearta uile idir an chuideachta EU Inc. agus na stiúrthóirí, na scairshealbhóirí nó na páirtithe gaolmhara uile nó stiúrthóirí, scairshealbhóirí nó páirtithe gaolmhara áirithe a fhormheas nó a chur in iúl don bhord stiúrthóirí, don chruinniú ginearálta nó do na stiúrthóirí nó do na scairshealbhóirí nach bhfuil baint acu leis na hidirbhearta sin;
 - (b) idirbhearta páirtithe gaolmhara a shonrú a mheastar, mar gheall ar a gcuspóir, a bpraghas nó aon ghné eile den idirbheart, a bheith i gcoinbhleacht le leas na cuideachta EU Inc. agus ní thabharfar i gcrích iad.
2. Nuair a thugtar idirbheart i gcrích le stiúrthóir nó le scairshealbhóir de shárú ar fhorálacha ábhartha na n-airteagal comhlachais arna nglacadh de bhun mhír 1, beidh an stiúrthóir nó an scairshealbhóir sin lena mbaineann faoi dhliteanas i leith aon damáiste a dhéantar don chuideachta EU Inc. mar thoradh ar an idirbheart sin.
3. I gcás inar cuideachta aonbhaill í cuideachta EU Inc., déanfar conarthaí idir an comhalta aonair agus an chuideachta a ndéanann an comhalta aonair sin ionadaíocht di a tharraingt suas i scríbhinn, ach amháin i gcás conarthaí a bhaineann le hoibríochtaí reatha a thugtar i gcrích faoi ghnáthdhálaí.

Airteagal 47

Cruinnithe agus vótáil trí mheán leictreonach

1. Féadfar cruinniú ginearálta agus cruinnithe an bhoird stiúrthóirí a thionól go hiomlán ar líne nó i bhfoirm hibrídeach. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon cheanglais ná coinníollacha lena gcuirtear srian leis an gcumas cruinnithe a thionól agus vótáil trí mheán leictreonach.
2. Cinnfidh an bord stiúrthóirí na modhanna cumarsáide leictreonaí a bheidh le húsáid.
3. I gcás cruinnithe ginearálta ar líne agus cruinnithe ginearálta hibrídeacha, áiritheoidh an chuideachta go mbeidh scairshealbhóirí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) freastal ar an gcruinniú agus páirt a ghlacadh ann i bhfíor-am;

- (b) a gcearta vótála a fheidhmiú;
- (c) déanfar iad a shainaithint trí mheán leictreonach a mheasfaidh an bord stiúrthóirí a bheith bailí chun barántúlacht na rannpháirtíochta a áirithiú.

Airteagal 48

Rúin i scríbhinn

1. Glacfar cinntí na scairshealbhóirí ag an gcruinniú ginearálta, mura bhforáiltear leis na hairteagail chomhlachais go bhféadfar cinntí a ghlacadh gan cruinniú trí bhíthin rúin i scríbhinn nó mura gcomhaontaíonn na scairshealbhóirí uile i scríbhinn vótaí a chaitheamh i scríbhinn.
2. Ritear rún i scríbhinn nuair a shíníonn tromlach na scairshealbhóirí a bhfuil vótaí incháilithe acu é. Beidh an tromlach is gá mar an gcéanna leis an tromlach is gá le haghaidh cinneadh arna ghlacadh ag cruinniú ginearálta.
3. Féadfar rún i scríbhinn a ghlacadh go leictreonach ar choinníoll:
 - (a) go ndéantar téacs an rúin atá beartaithe a sheoladh nó a chur ar fáil go digiteach do na scairshealbhóirí uile;
 - (b) go gcuirtear a dtóiliú in iúl ar bhealach marthanach infhíoraithe (lena n-áirítear trí mhalartú digiteach simplí); agus
 - (c) gur féidir céannacht na ndaoine a chuireann toiliú in iúl a shuí go hiontaofa.
4. Beidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna ag rún i scríbhinn a ghlactar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus atá ag cinntí a ghlactar ag cruinniú ginearálta.
5. I gcás inar cuideachta aonbhaill í cuideachta EU Inc., déanfar cinntí arna nglacadh ag an scairshealbhóir aonair a fheidhmíonn cumhachtaí an chruinnithe ghinearálta a tharraingt suas i scríbhinn.

Airteagal 49

Córam agus tromlaigh

1. Is iad sealbhóirí thromlach simplí na scaireanna atá i dteideal vótáil, atá i láthair nó a bhfuil ionadaíocht acu ag an gcruinniú, a chomhdhéanfaidh an córam do chinntí na scairshealbhóirí, mura bhforáiltear a mhalairt leis na hairteagail chomhlachais.
2. Glacfar cinntí na scairshealbhóirí trí thromlach simplí, mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais.
3. Glacfar leasuithe ar na hairteagail chomhlachais trí thromlach cáilithe de dhá thrían de na vótaí a chaitear, mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais. I gcás ina méadaíonn leasú gealltanais airgeadais nó dlíteanas scairshealbhóra, beidh gá freisin le toiliú sainráite an scairshealbhóra sin chun leasú den sórt sin a dhéanamh.

Airteagal 50

Leasú ar na hairteagail chomhlachais

1. Féadfar airteagail chomhlachais na cuideachta EU Inc. a leasú le cinneadh ón gcruinniú ginearálta arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49(3).
2. Féadfaidh an bord stiúrthóirí athruithe eagarthóireachta de chineál neamhshubstainteach a dhéanamh ar na hairteagail chomhlachais gan cinneadh ón gcruinniú ginearálta.

Airteagal 51

Cearta ar aicmí scaireanna a chosaint

1. I gcás ina modhnódh nó ina n-athródh cinneadh ón gcruinniú ginearálta nó ón mbord stiúrthóirí na cearta, na roghanna nó na pribhléidí sonracha a ghabhann le haicme scaireanna, ní thiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm gan formheas shealbhóirí an chineáil sin scaireanna.
2. Mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais, measfar go modhnaíonn nó go n-athraíonn na teagmhais seo a leanas, i measc nithe eile, cearta ar aicme scaireanna:
 - (a) luach ainmniúil (más ann dó) nó cearta díbhinne na haicme sin scaireanna a laghdú;
 - (b) an t-ord tosaíochta do dháileadh brabús nó fáltas leachtaithe a athrú;
 - (c) aicme nua scaireanna a chruthú ag a mbeidh cearta is fearr ná na cearta a ghabhann le haicme láithreach scaireanna.
3. Mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais, ceanglófar leis an bhformheas dá dtagraítear i mír 1 tromlach cáilithe dhá thrían de na vótaí a chaitear laistigh den aicme scaireanna lena mbaineann.

Airteagal 52

Scairshealbhóir a tharraingt siar

1. Ar iarratas ó scairshealbhóir cuideachta EU Inc., ordóidh an chúirt inniúil don chuideachta EU Inc. agus do na scairshealbhóirí eile scaireanna an scairshealbhóra sin a fháil má chinneann sí go bhfuil nó go raibh cúrsaí na cuideachta á stiúradh ar bhealach atá leatromach air nó uirthi.
2. Déanfar an t-iarratas dá dtagraítear i mír 1 a chomhdú in aghaidh cuideachta EU Inc. agus gach scairshealbhóra eile.
3. I gcás ina gcinnfidh an chúirt inniúil i bhfabhar an iarratasóra, ceannóidh an chuideachta EU Inc., mar gheall ar na scairshealbhóirí eile agus i gcomhréir le líon na scaireanna atá ina seilbh acu, na scaireanna atá i seilbh an iarratasóra ar phraghas a chomhfhreagraíonn don luach cóir arna chinneadh ag an gcúirt ar dháta seirbheála an iarratais dá dtagraítear i mír 1. Sonróidh an chúirt freisin an tréimhse ar lena linn atá an praghas scaire le híoc leis an scairshealbhóir atá ag imeacht, mar aon le hús a fabhraíodh ó dháta seirbheála an iarratais.
4. Tá an chuideachta EU Inc. agus na scairshealbhóirí eile faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach an praghas scaire dá dtagraítear i mír 3 a íoc.

CAIBIDIL VI – AN CLÁR DIGITEACH, SCAIREANNA AGUS AISTRITHE SCAIREANNA

Airteagal 53

Scaireanna cláraithe

1. Déanfar scaireanna na cuideachta EU Inc. a dhí-ábharú agus a thaifeadadh i gclár digiteach scaireanna. Beidh éifeacht bhunaitheach ag clárú scaireanna i gclár digiteach na scaireanna agus beidh sé ina fhianaise ar úinéireacht na scaireanna.
2. Féadfar a fhoráil leis na hairteagail chomhlachais go ndéanfar scaireanna a eisiúint, a thaifeadadh agus a aistriú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte nó réitigh dhigiteacha eile.
3. Ní bheidh scaireanna iompróra ag an gcuideachta EU Inc.

Airteagal 54

Clár digiteach scaireanna

1. Cruthóidh gach cuideachta EU Inc., tráth a gcláraithe, clár digiteach scaireanna agus coinneoidh sé cothrom le dáta é, chun sláine agus slándáil an chláir a áirithiú, ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:
 - (a) céannacht agus seoladh na scairshealbhóirí uile;
 - (b) an t-aitheantóir a shanntar do gach scair;
 - (c) má tá luach ainmniúil ag scaireanna, a luach ainmniúil;
 - (d) dáta suibscríofa gach scaire;
 - (e) más infheidhme, go bhfuil an scair infhuascailte;
 - (f) méid gach comaoine in airgead tirim, más ann di, a d'íoc nó atá le híoc ag an scairshealbhóir lena mbaineann;
 - (g) luach agus cineál gach comaoine comhchineáil, más ann di, a chuireann nó an chuirfidh an scairshealbhóir lena mbaineann ar fáil;
 - (h) an dáta a fuarthas na scaireanna aistrithe;
 - (i) an tsraithuimhir a shanntar do gach aistriú scaireanna;
 - (j) i gcás ina bhfuil aicmí iomadúla scaireanna ann, aicme gach scaire;
 - (k) i gcás ina bhfuil scair faoi úinéireacht níos mó ná scairshealbhóir amháin, céannacht agus seoladh ionadaí choitinn;
 - (l) más ann di, an fhaisnéis faoi eirí, gealltáin nó srianta ar na scaireanna agus ainm a dtairbhíthe.
2. Beidh rochtain ag aon scairshealbhóir agus ag aon pháirtí leasmhar eile a bhfuil leas dlisteanach aige ar chlár digiteach na scaireanna, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.
3. Arna iarraidh sin do scairshealbhóir agus tar éis gach aistriú scaireanna, seachadfaidh an cuideachta EU Inc., gan moill mhíchúí, deimhniú digiteach scaireanna don

scairshealbhóir nua. Deimhneofar leis an deimhniú digiteach scaireanna teidlíocht an duine sin ar stádas scairshealbhóra.

4. Beidh na heilimintí seo a leanas sa deimhniú digiteach scaireanna:
 - (a) sliocht as an gclár scaireanna digiteacha maidir leis an bhfaisnéis uile a shonraítear i mír 1 a bhaineann le húinéireacht an scairshealbhóra a iarrann an deimhniú,
 - (b) an phríomhfaisnéis dhlíthiúil a bhaineann leis an gcuideachta EU Inc., lena n-áirítear ar a laghad a oifig chláraithe, a EUID agus líon iomlán a scaireanna,
 - (c) stampa ama digiteach lena soláthraítear dáta áirithe le haghaidh na hiontrála sa chlár,
 - (d) ráiteas maidir le haon eirí, gealltáin nó srianta taifeadta ar na scaireanna.
 - (e) Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon cheanglas breise maidir le hábhar íosta nó foirm an deimhnithe dhigitigh scaireanna.
5. Déanfar an deimhniú digiteach scaireanna a dhátú trí úsáid a bhaint as ríomhstampa ama cáilithe, agus séalófar é trí úsáid a bhaint as ríomhshéala cáilithe nó síneofar é trí úsáid a bhaint as ríomhshíniú cáilithe ón gcuideachta nó ó chomhalta den bhord stiúrthóirí, nó ó dhuine atá údaráithe ag an mbord stiúrthóirí, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó le Tiachóga le haghaidh Gno dá dtagraítear i [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú].

Féadfaidh an deimhniú digiteach scaireanna a bheith comhoiriúnach leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digítí [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú].

Airteagal 55

Comhionannas scaireanna agus aicmí scaireanna

1. Beidh cearta agus oibleagáidí comhionanna ag gach scair sa chuideachta EU Inc. mura bhforáiltear a mhalairt i gcomhréir le mír 2. Cuirfidh an chuideachta EU Inc. cóir chomhionann ar scairshealbhóirí atá sa chás céanna.
2. Féadfar foráil a dhéanamh sna hairteagail chomhlachais maidir le hilaicmí scaireanna a bhfuil cearta agus oibleagáidí neamh-chomhionanna ag gabháil leo. Is aicme amháin a bheidh i scaireanna lena ngabhann na cearta agus na hoibleagáidí céanna.
3. Féadfar a áireamh ar na cearta agus na hoibleagáidí dá dtagraítear faoin gcéad fhomhír, i measc nithe eile, tosaíochtaí maidir le dáileadh brabús nó fáiltais leachtaithe, cearta crosta, ilchearta vótála, eisiamh ceart vótála, cearta rialachais sonracha eile le haghaidh aicmí áirithe scaireanna, agus oibleagáidí nó cearta a bhaineann le haistriú scaireanna.

Airteagal 56

Cearta scairshealbhóirí a fheidhmiú

1. Gabhfaidh éifeacht le cearta scairshealbhóirí a bhaineann le scair ar iontráil na faisnéise a liostaítear in Airteagal 54(1) i gclár digiteach na scaireanna.
2. Má shealbhaíonn roinnt daoine scair i gcomhpháirt, ceapfaidh siad ionadaí coiteann chun cearta scairshealbhóirí sa chuideachta a fheidhmiú. Leanann comhshealbhóirí scaire de bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith na ngealltanais a ghabhann leis an scair sin.
3. Soláthróidh an chuideachta EU Inc. faisnéis leordhóthanach do scairshealbhóirí maidir leis na míreanna atá ar chlár oibre an chruinnithe ghinearálta roimh an gcruinniú sin.
4. Beidh ag gach scairshealbhóir an ceart chun ceisteanais a chur i dtaobh míreanna ar chlár oibre an chruinnithe ghinearálta. Freagróidh an chuideachta ceisteanais den sórt sin, ar choinníoll nach measfaidh an bord stiúrthóirí go ndéanann nochthead na faisnéise a iarrtar damáiste ábhartha don chuideachta nó go bhfuil sé contrártha don dlí.
5. Féadfar a fhoráil leis na hairteagail chomhlachais go mbeidh scairshealbhóirí áirithe nó na scairshealbhóirí uile i dteideal scrúdú a dhéanamh ar leabhair airgeadais na cuideachta arna iarraidh sin dóibh.
6. Féadfaidh scairshealbhóirí a shealbhaíonn an deichiú cuid (1/10) ar a laghad de líon na scaireanna a iarraidh tráth ar bith ar an gcúirt inniúil nó ar an údarás riaracháin saineolaí neamhspleách a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar amhras faoi shárú ábhartha ar an dlí nó ar na hairteagail chomhlachais ag an gcuideachta. Luafar san iarraidh na forais shonracha amhrais agus cuspóir an imscrúdaithe.

Féadfaidh na hairteagail chomhlachais an ceart a leagtar amach i bhfomhír 1 a dheonú do scairshealbhóirí aonair nó do scairshealbhóirí a shealbhaíonn níos lú ná an deichiú cuid de líon na scaireanna.
7. Cinnfidh an chúirt inniúil nó an t-údarás riaracháin raon feidhme an imscrúdaithe dá dtagraítear i mír 6. Ceadóidh an chuideachta don saineolaí rochtain a bheith aige ar dhoiciméid agus ar thaifid na cuideachta agus faisnéis a éileamh ar an mbord stiúrthóirí chun críoch an imscrúdaithe. Tíolacfaidh an saineolaí tuarascáil ar thoradh an imscrúdaithe a chuirfear ar fáil do na scairshealbhóirí uile. Ní bheidh rúin trádála ná faisnéis tráchtála íogair san áireamh sa tuarascáil.
8. Íocfaidh an chuideachta luach saothair an tsaineolaí neamhspleách dá dtagraítear i mír 6. Féadfar a fhoráil leis na hairteagail chomhlachais go n-aisíocfaidh scairshealbhóirí a iarrann imscrúdú an chuideachta as an luach saothair i gcás nach suitear leis an tuarascáil aon sárú ábhartha ar an dlí ná ar na hairteagail chomhlachais.

Airteagal 57

Cearta vótála

1. Beidh vóta amháin ag gabháil le scair amháin i gcónaí mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais.
2. Ní fhéadfaidh scairshealbhóir vótáil ar bhealach éagsúil ar scaireanna éagsúla, mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais.

3. Féadfar a fhoráil leis na hairteagail chomhlachais nach bhfuil aon cheart vótála ag scair nó nach bhfuil vóta ag scair in ábhair áirithe a ndéileáiltear leo ag an gcrúinniú ginearálta.
4. In ábhar nach bhfuil vóta dá dtagraítear i mír 3 ag scair, ní chuirfear an scair sin san áireamh agus an córam agus an tromlach is gá le haghaidh cinneadh ón gcrúinniú ginearálta á ríomh.

Airteagal 58

Aistriú scaireanna

1. Beidh scaireanna sa chuideachta EU Inc. inaistrithe gan bhac mura bhforáiltear a mhalairt leis na hairteagail chomhlachais.
2. Beidh an t-aistriú agus an t-aistireoir faoi dhliteanas comhpháirteach ag an gcuideachta as aon chomaoín i leith scaireanna a bheidh fós gan íoc tráth an aistrithe.

Airteagal 59

Nós imeachta digiteach chun scaireanna a aistriú

1. Féadfar aistriú scaireanna agus clárú aistriú scaireanna i gclár digiteach na scaireanna a thabhairt i gcrích go hiomlán ar líne.
2. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon cheanglais ná coinníollacha lena gcuirtear srian ar an gcumas aistriú scaireanna agus clárú aistriú scaireanna a thabhairt i gcrích go hiomlán ar líne.
3. Measfar aistriú na scaireanna a bheith bailí trí chomhaontú arna shéalú le ríomhshéala cáilithe nó arna shíniú le ríomhshíniú cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, lena n-áirítear trí na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a bhunú].
4. I gcás nach mbeidh páirtí in ann ríomhshéala cáilithe nó ríomhshíniú cáilithe dá dtagraítear i bhfomhír 1 a sholáthar, féadfar an t-aistriú a thabhairt i gcrích trí ríomhshíniú ardleibhéil nó trí ríomhshéala ardleibhéil de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ar choinníoll go bhfuil fianaise ar chéannacht arna fíorú trí sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ag gabháil leis.
5. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon fhoirmiúlachtaí breise, lena n-áirítear ceanglas maidir le hionstraim nótaire, chun go mbeidh an t-aistriú bailí go dlíthiúil.
6. Ní bheidh éifeacht le haistriú scaireanna go dtí go mbeidh sé taifeadta i gclár digiteach na scaireanna. Tabharfaidh an dá pháirtí san aistriú scaireanna fógra i scríbhinn don chuideachta EU Inc. faoin aistriú scaireanna trí mhodhanna digiteacha agus cuirfidh siad isteach an comhaontú sínithe in éineacht leis an bhfaisnéis a shonraítear in Airteagal 54(1).
7. Ar fhógra iomlán a fháil maidir le haistriú scaireanna, déanfaidh an chuideachta EU Inc. athbhreithniú ar an doiciméadacht chun teideal dlíthiúil an aistreora a fhíorú chun an scair a aistriú agus chun comhlíonadh airteagail chomhlachais na cuideachta a fhíorú.

8. Cláróidh an chuideachta EU Inc. an t-aistriú ina clár digiteach scaireanna nó cuirfidh sí na páirtithe sa chomhaontú ar an eolas maidir leis na forais chun an clárú a dhiúltú laistigh de 3 lá oibre ón bhfógra iomlán faoi mhír 4 a fháil.
9. Eiseoidh an chuideachta EU Inc. deimhniú digiteach scaireanna don scairshealbhóir nua díreach tar éis an t-aistriú a chlárú i gclár digiteach na scaireanna.
10. Is i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a dhéanfar aon cheartú ar na sonraí atá taifeadta i gclár digiteach scaireanna i gcásanna earráidí follasacha, earráidí teicniúla, calaoise, nó i gcás ina mainníonn an chuideachta aistriú atá forghníomhaithe go bailí a thaifeadadh.

Airteagal 60

Rochtain ar mhargaí poiblí le haghaidh scaireanna

1. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar chuideachta EU Inc. a iarraidh go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar shaoráid trádála iltaobhach, ar choinníoll go gcomhlíonann an chuideachta na ceanglais is infheidhme faoi dhlíthe an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.
2. Féadfaidh chuideachta EU Inc. a iarraidh go ligfí isteach a scaireanna chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht sin ina reachtaíocht náisiúnta agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme faoi dhlíthe an Aontais agus faoi dhlíthe náisiúnta.

CAIBIDIL VII – MAOINIÚ

Airteagal 61

Luach scaireanna nach scaireanna ar parluach iad

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais, ní bheidh aon luach ainmniúil ag scaireanna na cuideachta EU Inc. agus ní bheidh siad ina gcodán de chaipiteal na cuideachta (luach scaireanna nach scaireanna ar parluach iad).
2. I gcás ina ndéantar foráil sna hairteagail chomhlachais maidir le luach ainmniúil scaireanna (scaireanna ar parluach), beidh an luach ainmniúil in ionannas le luach codánach chaipiteal na cuideachta. Beidh an luach ainmniúil céanna ag gach scair sa chuideachta.
3. Ní bheidh an dá chineál scaireanna ag cuideachta EU Inc., scaireanna a bhfuil luach ainmniúil acu agus scaireanna nach bhfuil luach ainmniúil acu.

Airteagal 62

Méid an chaipitil

1. Ní cheanglaítear ar an gcuideachta íosmhéid caipitil a bheith aici ná ní cheanglaítear uirthi caipiteal ná cúlchistí dlíthiúla a thiomargadh le himeacht ama.
2. Sloinnfear caipiteal na cuideachta in euro nó, i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra oifigiúil iontu, in airgeadra oifigiúil Bhallstát an chlárúcháin.

3. I gcás ina n-eisíonn an chuideachta scaireanna a bhfuil luach ainmniúil acu, beidh an ranníocaíocht le caipiteal le haghaidh gach scaire cothrom lena luach ainmniúil. Beidh an caipiteal suibscríofa go hiomlán.

Airteagal 63

Cothromas a chothabháil

1. Sócmhainní na cuideachta is gá chun an caipiteal a chothabháil, ní dháilfear ar na scairshealbhóirí iad, mura laghdaítear an caipiteal i gcomhréir le hAirteagal 77.
2. Aon chomaoín nó cuid de chomaoín i leith scaireanna nach gcuirtear le caipiteal, ní bheidh sí faoi réir an tsriain faoi mhír 1 agus beidh sí indáilte faoi shaoirse i gcomhréir le hAirteagal 72, mura bhforáiltear a mhalairt in airteagail chomhlachais nó i gcinneadh scaireanna nua a eisiúint.

Airteagal 64

Comaoín i leith scaireanna

1. Soláthróidh scairshealbhóirí an chomaoín chomhaontaithe le haghaidh scaireanna i gcomhréir leis na hairteagail chomhlachais nó leis an gcinneadh scaireanna nua a eisiúint.
2. Féadfaidh an chomaoín i leith scaireanna a bheith i bhfoirm aon aistriú ar luach eacnamaíoch, lena n-áirítear íocaíochtaí in airgead tirim agus íocaíochtaí comhchineáil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 65.
3. Féadfar scaireanna a eisiúint in aghaidh comaoine atá le ranníoc le caipiteal nó in aghaidh comaoine nach bhfuil le ranníoc le caipiteal, nó in aghaidh teaghlaim den dá rud.
4. Déanfar aon chuid den chomaoín atá le ranníoc le caipiteal a sholáthar go hiomlán tráth eisiúna na scaireanna.
5. I gcás aon chuid den chomaoín nach ranníocaíocht le caipiteal í, féadfar a fhoráil leis na hairteagail chomhlachais nó leis an gcinneadh scaireanna nua a eisiúint nach mór an chomaoín a sholáthar laistigh de thréimhse shonraithe ama nó arna iarraidh sin don chuideachta. In aon chás, soláthrófar an chomaoín ina hiomláine 5 bliana ar a dhéanaí ó dháta eisiúna na scaireanna.

Airteagal 65

Ceanglais maidir le comaoín chomhchineáil

1. Féadfar comaoín chomhchineáil a chur le caipiteal, mura rud é go bhfuil siad i bhfoirm gnóthais chun obair a dhéanamh nó seirbhísí a sholáthar.
2. Beidh luach inchinntithe ag gach comaoín chomhchineáil le haghaidh scaireanna. Sonrófar luach na comaoine chomhchineáil do na chéad scaireanna sna hairteagail chomhlachais. I gcás ina n-eisítear scaireanna nua i gcoinne comaoine chomhchineáil, sonrófar luach na comaoine sa chinneadh maidir leis na scaireanna a eisiúint.

3. Déanfar tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách amháin nó níos mó arna cheapadh nó arna fhormheas ag údarás riaracháin nó breithiúnach a tharraingt suas sula n-eiseofar scaireanna in aghaidh comaoine comhchineáil.
4. Sa tuarascáil ó na saineolaithe dá dtagraítear i mír 3, beidh ar a laghad tuairisc ar gach ceann de na sócmhainní atá sa chomaoin mar aon le tuairisc ar na modhanna luachála a úsáideadh agus luafar inti an gcomhfhreagraíonn na luachanna a chinntear trí na modhanna sin a chur i bhfeidhm don luach a shonraítear i gcomhréir le mír 2 ar a laghad. Déanfar an tuarascáil a chomhdú agus a chur ar fáil go poiblí sa chlár gnó.
5. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais nó cinneadh ón gcruinniú ginearálta arna nglacadh leis an tromlach céanna is gá le haghaidh leasuithe ar na hairteagail chomhlachais an ceanglas maidir le tuarascáil na saineolaithe dá dtagraítear i mír 3 a tharscaoileadh maidir le comaoin chomhchineáil nó codanna díobh nach bhfuil le ranníoc le caipiteal. Déanfar cinneadh chun tuarascáil na saineolaithe a tharscaoileadh a chomhdú agus a chur ar fáil go poiblí sa chlár gnó.
6. I gcás ina ndearnadh ró-luacháil mhór ar chomaoin chomhchineáil i ndáil lena cóirluach ar an dáta a suibscríobhadh na scaireanna, déanfaidh an scairshealbhóir a chuir an chomaoin sin ar fáil an chuideachta a chúiteamh as an easnamh.

Airteagal 66

Eisiúint na gcéad scaireanna

1. Déanfar na suibscríobhanna do na chéad scaireanna a dhearbhu sna hairteagail chomhlachais.
2. Déanfar na chéad scaireanna a chlárú sa chlár digiteach scaireanna tráth a chruthaíthe.

Airteagal 67

Eisiúint scaireanna nua

1. Déanfar cinneadh sa chruinniú ginearálta maidir le scaireanna nua a eisiúint.
2. Féadfar a údarú leis na hairteagail chomhlachais don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cinneadh a dhéanamh maidir le scaireanna nua a eisiúint suas le huaslíon sonraithe scaireanna. Féadfaidh an t-údarú cumhacht a thabhairt don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cearta réamhcheannaigh ar scaireanna nua arna n-eisiúint i gcoinne comaoine airgid a shrianadh nó a eisiamh.
3. Leagfar amach sa chinneadh maidir le scaireanna nua a eisiúint an líon scaireanna atá le heisiúint, an chomaoin i leith scaire agus má tá aon chuid den chomaoin le ranníoc le caipiteal.
4. Féadfar síntiúis le haghaidh scaireanna nua a thabhairt i gcrích go hiomlán ar líne. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon cheanglas ná coinníoll lena gcuirtear srian ar an gcumas suibscríbhinní le haghaidh scaireanna nua a thabhairt i gcrích go hiomlán ar líne, lena n-áirítear ceanglais ar shíntiúsóirí scaireanna iarratas a dhéanamh go pearsanta ar uimhir aitheantais chánach.
5. Measfar síntiús a bheith bailí trí chomhaontú idir an chuideachta agus an síntiúsóir arna shéalú le ríomhshéala cáilithe nó arna shíniú le ríomhshíniú cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

6. I gcás nach mbeidh an rannpháirtí in ann ríomhshéala cáilithe nó ríomhshíniú cáilithe dá dtagraítear i bhfomhír 1 a sholáthar, féadfar an comhaontú a thabhairt i gcrích trí ríomhshíniú ardleibhéil nó trí ríomhshéala ardleibhéil de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ar choinníoll go mbeidh fianaise ar chéannacht ag gabháil leis a fhíorófar trí sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon fhoirmiúlacht bhreise, lena n-áirítear ceanglas maidir le hionstraim nótaire, chun go mbeidh an suibscríobh bailí go dlíthiúil.

7. Cuirfear in iúl le suibscríobh le haghaidh scaireanna nua an suibscríobhaí, an cinneadh eisiúna scaireanna ar a bhfuil an suibscríobh bunaithe, na scaireanna a bhfuil suibscríobh á dhéanamh ina leith, aon chomaoín atá le híoc agus má tá aon chuid den chomaoín le ranníoc le caipiteal.
8. Cláróidh an bord stiúrthóirí scaireanna nua-shuibscríofa gan moill mhíchú a luaith a bheidh aon chomaoín a bheidh dlíthe díreach tar éis suibscríbhíne íoctha go hiomlán agus a bheidh na téarmaí suibscríofa uile comhlíonta.
9. Nuashonróidh an bord stiúrthóirí líon na scaireanna agus, i gcás ina ndéantar ranníocaíocht le caipiteal, an méid caipitil a léirítear sna hairteagail chomhlachais i gcomhréir le hAirteagal 27.

Airteagal 68

Ionstraimí a thugann teideal do scaireanna nua

1. Déanfar cinneadh sa chruinniú ginearálta maidir le hionstraimí, barántais nó ionstraimí eile in-chomhshóite a eisiúint a bheidh i dteideal scaireanna nua a fháil.
2. Féadfar a údarú leis na hairteagail chomhlachais don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cinneadh a dhéanamh maidir le hionstraimí a eisiúint lena dtugtar teideal do scaireanna nua suas le líon sonraithe scaireanna nua. Leis an údarú, féadfar a chumhachtú don bhord stiúrthóirí nó don chomhlacht cuideachta eile cearta réamhcheannaigh a shrianadh nó a eisiáimh maidir le hionstraimí a bheidh i dteideal scaireanna nua a fháil.
3. Leagfar amach sa chinneadh maidir le heisiúint ionstraimí a bheidh i dteideal scaireanna nua cuspóir na heisiúna, na daoine nó an grúpa daoine dá dtairgfear na hionstraimí, an líon ionstraimí a bheidh le heisiúint, aon chomaoín a bheidh le híoc as na hionstraimí agus na téarmaí maidir le scaireanna nua a mhalartú nó maidir le suibscríobh le haghaidh scaireanna nua.
4. Déanfaidh an bord stiúrthóirí cinneadh maidir le scaireanna nua a eisiúint chun éilimh a eascraíonn as ionstraimí a bheidh i dteideal scaireanna nua a chomhlíonadh. Beidh feidhm ag na ceanglais maidir le scaireanna nua a leagtar síos in Airteagail 64, 65 agus 67(3) go (8) chun na scaireanna sin a eisiúint. Measfar gur comaoín in airgead tirim é éilimh ar scaireanna nua a mhalartú trí bhíthin ionstraim in-chomhshóite. I gcás ina bhfuil luach ainmniúil ag scaireanna na cuideachta, féadfar aon difríocht idir an luach ainmniúil scaire agus praghas eisiúna níos ísle d'ionstraim in-chomhshóite a chumhdach le cistí a chinneann an bord stiúrthóirí a bheith ar fáil lena ndáileadh i gcomhréir le hAirteagal 72.

Airteagal 69

Ceartha réamhcheannaigh

1. Mura sonraítear a mhalairt sna hairteagail chomhlachais, déanfar scaireanna nua arna n-eisiúint i gcoinne comaoine in airgead tirim nó in ionstraimí a thugann teideal do scaireanna nua dá dtagraítear in Airteagal 68 a thairiscint ar bhonn réamhghabhálach do na scairshealbhóirí i gcomhréir lena scairsheilbh. Ní bheidh aon cheart réamhcheannaigh ag scairshealbhóirí ar scaireanna nua arna n-eisiúint chun éilimh a eascraíonn as ionstraimí a thugann teideal do scaireanna nua a chomhlíonadh.
2. Féadfaidh scairshealbhóirí a gceart réamhcheannaigh a fheidhmiú laistigh de 14 lá ón tairiscint.
3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le heisiúint scaireanna nua nó ionstraimí a thugann teideal do scaireanna nua dá dtagraítear in Airteagal 68, féadfaidh an cruinniú ginearálta nó an bord stiúrthóirí i gcás ina mbeidh sé údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 67(2) nó 68(2) na cearta réamhcheannaigh don eisiúint sin a mhodhnú nó a eisiamh.

Airteagal 70

Méadú caipitil

1. Féadfar an caipiteal a mhéadú ar na bealaí seo a leanas:
 - (a) trí scaireanna nua a eisiúint i gcoinne comaoine i bhfoirm ranníocaíochtaí le caipiteal, dá bhforáiltear in Airteagal 64;
 - (b) trí chúlchistí a chomhshó ina gcaipiteal (méadú caipitil ó chúlchistí).
2. Measfar gur méadaíodh an caipiteal a luaithe a chuirfear an méadú ar fáil go poiblí sa chlár gnó.

Airteagal 71

Méadú caipitil ó chúlchistí

1. Cinnfidh an cruinniú ginearálta méadú caipitil ó chúlchistí.
2. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais a údarú don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile an méadú caipitil ó chúlchistí a chinneadh.
3. Cuirfear in iúl sa chinneadh maidir leis an méadú caipitil ó chúlchistí méid an mhéadaithe agus na cúlchistí atá le comhshó ina gcaipiteal. Ní dhéanfar cúlchistí arna gcur in áirithe do chríoch shonrach a chomhshó ina gcaipiteal mura rud é go mbeidh an comhshó sin ina chaipiteal ag luí lena gcuispóir.
4. Nuashonróidh an bord stiúrthóirí méid an chaipitil agus, i gcás ina bhfuil luach ainmniúil ag scaireanna na cuideachta, an luach ainmniúil a léirítear sna hairteagail chomhlachais i gcomhréir le hAirteagal 27.

Airteagal 72

Dáileacháin

1. Déanfar cinneadh maidir le dáileacháin ag an gcruinniú ginearálta.

2. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais a údarú don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cinneadh a dhéanamh maidir le dáileacháin.
3. Ní bheidh éifeacht leis an gcinneadh ar dháileadh ach amháin má dheimhníonn an bord stiúrthóirí i ráiteas arna shíniú ag na stiúrthóirí go léir, bunaithe ar na ráitis airgeadais is déanaí agus tar éis scrúdú críochnúil a dhéanamh ar ghnóthaí reatha agus todhchaí na cuideachta, go bhfuil sé den tuairim réasúnach, tar éis an dáilte,
 - (a) go bhfanfadh méid iomlán na sócmhainní mar a leagtar amach sa chlár comhardaithe is déanaí níos mó ná méid iomlán na ndliteanas agus an chaipitil (tástáil an chláir chomhardaithe), agus
 - (b) beidh an chuideachta in ann a fiacha a íoc de réir mar a bheidh siad dlite i ngnáthchúrsa gnó sa 12 mhí tar éis dháta an dáilte (tástáil sócmhainneachta).
4. I gcás ina ndéanann an chuideachta dáileadh de shárú ar mhíreanna 1, 2 nó 3 nó i gcás ina raibh a fhios ag na stiúrthóirí a shíníonn an ráiteas dá dtagraítear i mír 2 nó, i bhfianaise na n-imthosca, gur cheart a fhios a bheith acu tráth an ráitis nach bhfanfadh méid iomlán shócmhainní na cuideachta, tar éis an dáilte, níos mó ná méid iomlán na ndliteanas agus an chaipitil nó nach mbeadh an chuideachta in ann a fiacha a íoc a thuilleadh sa 12 mhí tar éis dháta an dáilte, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach don chuideachta i leith na ndamáistí uile a eascraíonn as an dáileadh.
5. I gcás ina bhfuair scairshealbhóir dáileadh a rinneadh de shárú ar mhíreanna 1, 2 nó 3 nó i gcás ina raibh a fhios ag an scairshealbhóir nó, i bhfianaise na n-imthosca, gur cheart a fhios a bheith aige tráth an dáilte nach bhfanfadh méid iomlán shócmhainní na cuideachta, tar éis an dáilte, níos mó ná méid iomlán na ndliteanas agus an chaipitil nó nach mbeadh an chuideachta in ann a fiacha a íoc a thuilleadh sa 12 mhí tar éis dháta an dáilte, ceanglófar ar an scairshealbhóir an dáileadh a thabhairt ar ais don chuideachta a mhéid is gá sin de bharr gealltanais a rinneadh le creidiúnaithe.

Airteagal 73

Suibscríobh scaireanna dílse

1. Ní féidir cuideachta scaireanna a cuideachta féin a shuibscríobh. Measfar scaireanna a suibscríobhadh in ainm na cuideachta de shárú ar an mír seo a bheith suibscríofa ag na bunaitheoirí nó, i gcás scaireanna nua a eisiúint, ag na stiúrthóirí uile, a bheidh faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith chomaoín na scaireanna.
2. Má rinne duine a bhí ag gníomhú ina ainm nó ina hainm féin scaireanna cuideachta a shuibscríobh, ach thar ceann na cuideachta, measfar gur ar mhaithe lena chuntas féin nó lena cuntas féin a rinne an duine iad a shuibscríobh.

Airteagal 74

Scaireanna dílse a fháil

1. Déanfar cinneadh ag an gcrúinniú ginearálta maidir le scaireanna dílse na cuideachta a fháil ar chomaoín nó maidir le glacadh le scaireanna dílse mar urrús.
2. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais a údarú don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cinneadh a dhéanamh maidir le scaireanna dílse a fháil ar

chomaoín nó maidir le glacadh le scaireanna dílse mar urrús suas le líon uasta sonraithe scaireanna.

3. Ní fhéadfaidh an chuideachta a scaireanna dílse a fháil ná glacadh leo mar urrús sula mbeidh an chomaoín ina leith íoctha go hiomlán.
4. Ní bhfaighidh an chuideachta a scaireanna dílse ach amháin ar chomaoín as cistí a gcinneann an bord stiúrthóirí ina leith go bhfuil siad ar fáil lena ndáileadh i gcomhréir le hAirteagal 72.
5. Ní ghlacfaidh an chuideachta lena scaireanna dílse mar urrús ach amháin más rud é nach mó méid na n-éileamh atá le hurrú nó, i gcás ina bhfuil luach na scaireanna a ghlactar mar urrús níos ísle ná méid na n-éileamh atá le hurrú, nach mó an luach sin ná méid na gcistí atá ar fáil lena ndáileadh.

Airteagal 75

Scaireanna dílse a láimhseáil

1. Féadfaidh an chuideachta a scaireanna féin a shealbhú sa chisteán, iad a aistriú i gcomhréir le hAirteagail 58 agus 59 nó iad a chur ar ceal.
2. Ní bheidh aon cheart ag an gcuideachta a ghabhann le scaireanna dílse arna sealbhú i gcisteán.
3. Déantar cinneadh ag an gcrúinniú ginearálta maidir le cealú scaireanna dílse.
4. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais a údarú don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cinneadh a dhéanamh maidir le cealú a scaireanna féin.
5. I gcás go bhfuil luach ainmniúil ag scaireanna na cuideachta, déanfar méid chaipiteal na cuideachta a laghdú dá réir sin de mhéid ainmniúil na scaireanna a chealófar. Ar a scaireanna féin a chealú, aistroidh an chuideachta méid i luach ainmniúil comhiomlán na scaireanna cealaithe chuig cúlchiste, a ndéileálfar leis amhail is dá mba chuid de chaipiteal na cuideachta é.
6. Ar chealú a scaireanna dílse, nuashonróidh an bord stiúrthóirí líon na scaireanna agus, i gcás ina bhfuil luach ainmniúil ag scaireanna na cuideachta, an méid caipitil a léirítear sna hairteagail chomhlachais i gcomhréir le hAirteagal 27.

Airteagal 76

Scaireanna infhuascailte

1. Féadfaidh an chuideachta scaireanna nua a eisiúint is féidir a fhuascailt i gcoinne na cuideachta (scaireanna infhuascailte). Féadfaidh na scaireanna a bheith infhuascailte de rogha na cuideachta, an scairshealbhóra, nó an dá cheann, de réir an chinnidh maidir leis na scaireanna infhuascailte a eisiúint.
2. Eiseofar scaireanna infhuascailte i gcomhréir le hAirteagal 67. I dteannta na n-eilimintí dá dtagraítear in Airteagal 67(3) agus (6), leagfar amach sa chinneadh maidir le scaireanna infhuascailte a eisiúint agus maidir le suibscríobh le haghaidh scaireanna den sórt sin na coinníollacha agus an bealach fuascailte agus an praghas fuascailte nó an bonn ar a gcinntear an praghas fuascailte.

3. Ní eiseofar scaireanna infhuascailte ach amháin fad a bheidh scaireanna neamh-infhuascailte ag an gcuideachta. Ní dhéanfar scaireanna neamh-infhuascailte de scaireanna infhuascailte tar éis a n-eisiúna.
4. Ní fhuasclófar scaireanna infhuascailte ach amháin má tá siad láníoctha.
5. Ar fhuascailt a dhéanamh, cealaítear scaireanna infhuascailte agus bíonn an praghas fuascailte iníoctha leis an scairshealbhóir.
6. Is as cistí a gcinneann an bord stiúrthóirí ina leith go bhfuil siad ar fáil lena ndáileadh i gcomhréir le hAirteagal 72, agus as na cistí sin amháin, a íocfar an praghas fuascailte.
7. Déanfar scaireanna fuascailte a chealú i gcomhréir le hAirteagal 75(5) agus (6). Measfar an bord stiúrthóirí a bheith údaraithe scaireanna fuascailte a chealú.

Airteagal 77

Laghdú ar chaipiteal

1. Déanfar cinneadh sa chruinniú ginearálta maidir le laghdú caipitil.
2. Léireofar sa chinneadh maidir leis an laghdú caipitil an cuspóir, an bealach ina ndéanfar an laghdú agus méid an laghdaithe.
3. Ní bheidh éifeacht leis an gcinneadh maidir le laghdú caipitil ach amháin má dheimhníonn an bord stiúrthóirí i ráiteas arna shíniú ag na stiúrthóirí uile, bunaithe ar na ráitis airgeadais is déanaí agus tar éis scrúdú críochnúil a dhéanamh ar chúrsaí reatha agus ar chúrsaí amach anseo na cuideachta, go bhfuil sé den tuairim réasúnach, tar éis an laghdaithe,
 - (a) go bhfanfadh méid iomlán na sócmhainní mar a leagtar amach sa chlár comhardaithe is déanaí níos mó ná méid iomlán na ndliteanas tar éis an laghdaithe caipitil (tástáil an chláir chomhardaithe), agus
 - (b) go mbeidh an chuideachta in ann a fiacha a íoc de réir mar a bheidh siad dlite i ngnáthchúrsa gnó sa 12 mhí tar éis dháta an laghdaithe caipitil (tástáil sócmhainneachta).

Beidh tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách arna cheapadh nó arna fhormheas ag údarás riaracháin nó breithiúnach ag gabháil le ráiteas an bhoird stiúrthóirí maidir leis an gclár comhardaithe agus leis an tástáil sócmhainneachta, ina luafar go bhfuil fiosrú déanta ag an saineolaí faoi staid chúrsaí na cuideachta agus nach eol dó aon ní a thabharfadh le fios go bhfuil an ráiteas míréasúnta.

Ní bheidh feidhm ag fomhíreanna 1 agus 2 i gcás ina laghdaítear an caipiteal chun caillteanais a chumhdach nach féidir a chumhdach ó chothromas eile, agus chun na críche sin amháin, nó chun an caipiteal a mhéadú an tráth céanna le méid an laghdaithe ar a laghad. Féadfaidh na hairteagail chomhlachais a údarú don bhord stiúrthóirí nó do chomhlacht cuideachta eile cinneadh a dhéanamh maidir le laghdú caipitil chun na gcríoch sin.

4. Déanfaidh an bord stiúrthóirí méid an chaipitil agus, más infheidhme, luach ainmniúil na scaireanna sna hairteagail chomhlachais a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 27. Meastar gur laghdaíodh an caipiteal a luaithe a chuirtear an laghdú ar fáil go poiblí sa chlár gnó.

5. I gcás ina ndéanann an chuideachta laghdú caipitil de shárú ar mhíreanna 1 go 3 nó i gcás ina raibh a fhios ag na stiúrthóirí a shíníonn an ráiteas dá dtagraítear i mír 3 nó, i bhfianaise na n-imthosca, gur cheart a fhios a bheith acu tráth an ráitis nach bhfanfadh méid iomlán shócmhainní na cuideachta, tar éis an laghdaithe caipitil, níos mó ná méid iomlán na ndliteanas tar éis an laghdaithe caipitil nó nach mbeadh an chuideachta in ann a fiacha a íoc a thuilleadh sa 12 mhí tar éis dháta an laghdaithe caipitil, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach don chuideachta i leith na ndamáistí uile a eascraíonn as an laghdú caipitil.
6. I gcás ina bhfuair scairshealbhóir dáileadh caipitil a rinneadh de shárú ar mhíreanna 1 go 3 nó i gcás ina raibh a fhios ag an scairshealbhóir nó, i bhfianaise na n-imthosca, gur cheart a fhios a bheith aige tráth an dáilte nach bhfanfadh méid iomlán shócmhainní na cuideachta, tar éis an dáilte, níos mó ná méid iomlán na ndliteanas nó nach mbeadh an chuideachta in ann a fiacha a íoc a thuilleadh sa 12 mhí tar éis dháta an dáilte, ceanglófar ar an scairshealbhóir an dáileadh a thabhairt ar ais don chuideachta a mhéid is gá sin de bharr gealltanais a rinneadh le creidiúnaithe.

CAIBIDIL VIII – PLEAN SCAIR-ROGHA FOSTAITHE AAE

Airteagal 78

SRF-AE

1. Féadfaidh an chuideachta plean scair-rogha fostaithe AE (SRF-AE) a bhunú faoina n-eisíonn sí barántais do dhaoine incháilithe.
2. Beidh incháilitheacht do bharántais arna n-eisiúint faoi SRF-AE teoranta do chomhaltaí den bhord agus d'fhostaithe na cuideachta agus a fochuideachtaí. Ní eiseofar barántais faoi SRF-AE do dhaoine a shealbhaíonn, go díreach nó go hindíreach, scaireanna sa chuideachta a chomhfhreagraíonn do níos mó ná 25 faoin gcéad de na cearta vótála nó de na cearta i bhfáltais na cuideachta nó a shealbhaigh na scaireanna sin sna 24 mhí roimh an eisiúint.
3. Déanfar cinneadh ag an gcruinniú ginearálta maidir le bunú SRF-AE. Leagfar amach an méid seo a leanas ar a laghad sa rún:
 - (a) an grúpa daoine incháilithe;
 - (b) an líon uasta barántas a fhéadfar a eisiúint faoi SRF-AE agus na scaireanna a mbeidh sealbhóir barántais ina dteideal ar an mbarántas a fheidhmiú;
 - (c) tréimhse feithimh éigeantach nach ndéanfar na barántais arna n-eisiúint faoi SRF-AE a fheidhmiú roimpi, ar tréimhse í a bheidh 24 mhí ar a laghad ó eisiúint barántais.
4. Beidh barántais arna n-eisiúint faoi SRF-AE neamh-inaistrithe agus eiseofar iad gan aon chomaoín.
5. Déanfar an chomaoín i leith scaireanna nua arna n-eisiúint ar fheidhmiú barántas faoi SRF-AE a íoc in airgead tirim agus íocfar í go hiomlán ar eisiúint na scaireanna.
6. Údarófar don bhord stiúrthóirí barántais a eisiúint faoi SRF-AE agus scaireanna nua a eisiúint chun éilimh a eascraíonn as na barántais a shásamh. Féadfaidh an bord stiúrthóirí éilimh a eascraíonn as barántais arna n-eisiúint faoi SRF-AE a chomhlíonadh freisin trí scaireanna dílse arna sealbhú i gcisteán a aistriú.

7. Ní bheidh aon cheart réamhcheannaigh ag scairshealbhóirí atá ann cheana ar bharántais arna n-eisiúint faoi SRF-AE ná ar scaireanna nua arna n-eisiúint chun éilimh a eascraíonn as na barántais a shásamh.

Airteagal 79

Cánachas ar bharántais faoi SRF-AE

1. Beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le barántais arna n-eisiúint ag an gcuideachta EU Inc. faoi SRF-AE mar a shainmhínítear in Airteagal 78.
2. Measfar nach mbeidh an t-ioncam a gheofar ón mbarántas faibhrithe tráth deonaithe an bharántais, tráth dílsithe, ná nuair a fheidhmeoidh sealbhóir an bharántais a cheart nó a ceart chun scaireanna a fháil. Ní mheasfar é a bheith tagtha chun cinn agus, dá bhrí sin, ní bheidh sé faoi réir cánachais ach amháin an tráth a dhiúscrófar na scaireanna a fuarthas tríd an mbarántas a fheidhmiú.
3. Beidh an t-ioncam a thuairiscítear i mír 2 cothrom leis an difríocht idir margadhluach cóir na scaireanna ar dháta na diúscartha agus a bpraghas fála. Beidh sé faoi réir cánachais i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na barántais arna n-eisiúint faoin SRF-AE agus na scaireanna foluiteacha a eascraíonn astu faoi réir cóireáil cánach nach lú fabhar ná an chóireáil cánach is infheidhme maidir le scair-roghanna eile fostaithe nó ionstraimí comhchosúla faoina ndlí náisiúnta, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla uile.

CAIBIDIL IX — CUIDEACHTAÍ EU INC. SÓCMHAINNEACHA A DHÚNADH

Airteagal 80

Díscaoileadh

1. I gcás ina ndéantar cuideachta EU Inc. a dhíscaoileadh i bhfianaise leachtú sócmhainneach, déanfaidh sí an fhaisnéis faoin díscaoileadh a chomhdú go hiomlán ar líne chuig an gclár gnó i mBallstát clárúcháin na cuideachta EU Inc. i gcomhréir le hAirteagal 27.
2. Ar an bhfaisnéis sin a fháil, déanfaidh an clár gnó dá dtagraítear i mír 1 stádas na cuideachta EU Inc. a thabhairt cothrom le dáta láithreach chun a léiriú go bhfuil sí á leachtú agus cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 25.

Airteagal 81

Neamhniú

1. Ní dhéanfar neamhniú cuideachta EU Inc. a mbeidh leachtú mar thoradh uirthi a ordú ach amháin trí chinneadh ó chúirt dlí ar na forais seo a leanas:
 - (a) nach bhfuil aon airteagail chomhlachais bhailí ag an gcuideachta EU Inc. i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8, lena n-áirítear nach luaitear ainm ná cuspóir na cuideachta sna hairteagail chomhlachais, ná an suibscríobh le haghaidh na gcéad scaireanna;
 - (b) go bhfuil gníomhaíochtaí na cuideachta EU Inc. neamhdhleathach nó contrártha leis an mbeartas poiblí;

- (c) easpa inniúlacht dhlíthiúil na gcomhaltaí bunaidh uile tráth fhoirmiú na cuideachta.

Cé is moite d'fhorais an neamhnithe dá dtagraítear san fhomhír seo, ní bheidh cuideachta EU Inc. faoi réir aon chúis le neamh-eiseadh, neamhniú iomlán, neamhniú coibhneasta, ná dearbhú neamhnithe.

2. Beifear ag brath ar chinneadh maidir le neamhniú arna fhógairt ag cúirt dlí amhail i gcoinne tríú páirtithe a luaithe a chuirfidh an clár gnó ar fáil go poiblí é i gcomhréir le hAirteagal 25. Féadfaidh tríú páirtithe agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh laistigh de 6 mhí tar éis fógra poiblí a fháil faoi chinneadh na cúirte.
3. Ní dhéanfaidh neamhniú ann féin difear do bhailíocht aon ghealltanais a rinne an chuideachta EU Inc. nó a rinneadh leis an gcuideachta sin, ar gealltanais iad a leanfaidh de bheith infhorfheidhmithe d'ainneoin an leachtaithe.
4. Rialófar an caidreamh idir scairshealbhóirí na cuideachta EU Inc. a dhearbhaítear a bheith ar neamhniú le dlí Bhallstát an chláirúcháin.
5. Leanfaidh scairshealbhóirí na cuideachta EU Inc. a dearbhaíodh a bheith ar neamhniú d'oibleagáid a bheith orthu an chomaoin a ranníocadh le caipiteal a sholáthar a mhéid is gá sin de bharr gealltanais a rinneadh le creidiúnaithe.

Airteagal 82

Sonraí agus cumarsáid dhigiteach a thíolacadh aonuaire le linn leachtaithe

1. Déanfar an comhdú leis an gclár gnó a chomhlánú go hiomlán ar líne i gcomhréir le hAirteagal 27.
2. Cuirfidh an clár gnó na doiciméid agus an fhaisnéis a bhaineann le leachtú ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 25.
3. Tar éis doiciméid agus faisnéis a bhaineann le leachtú sócmhainneach cuideachta EU Inc., lena n-áirítear an fhaisnéis agus na doiciméid is gá i gcomhréir le hAirteagal 25, a chomhdú sa chlár gnó ina bhfuil an chuideachta cláraithe, cuirfidh an clár gnó sin údarais náisiúnta ábhartha an Bhallstáit sin ar an eolas, gan mhoill, go digiteach faoin athrú ar stádas na cuideachta EU Inc.
4. Ní cheanglófar ar chuideachta EU Inc. an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar d'údarás eile de chuid Bhallstát an chláirúcháin i gcomhthéacs a leachtaithe. Déanfaidh an clár gnó an fhaisnéis sin a mhalartú go digiteach, gan mhoill, leis na húdarais náisiúnta ábhartha sin.
5. Ar an gcomhdú dá dtagraítear in Airteagal 80 a dhéanamh, beidh a chreidiúnaithe i dteideal a n-éilimh a chur faoi bhráid na cuideachta nó an leachtaitheora go hiomlán ar líne. Ní bheidh tíolacadh na n-éileamh sin faoi réir ceanglais náisiúnta maidir le foirm fhisiceach ná fiordheimhniú nótaire.

Airteagal 83

Leachtú mear

1. Tairbheoidh cuideachta EU Inc. shócmhainneach de nós imeachta leachtaithe mear ar choinníoll, ar dháta an réitigh nó an teagmhais lena ngníomhachtaítear a díscaoileadh dá dtagraítear in Airteagal 80, go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá an chuideachta EU Inc. tar éis deireadh a chur lena gníomhaíocht eacnamaíoch;
 - (b) níl aon sócmhainn ag an gcuideachta EU Inc. nó bhí na sócmhainní sin go léir ina gcúis le dáileacháin ar na scairshealbhóirí i gcomhréir le hAirteagal 72 roimh an bhfógra díscailte a chomhdú nó go comhuaineach leis an bhfógra sin a chomhdú;
 - (c) níl aon dliteanas ag an gcuideachta EU Inc.;
 - (d) níl an chuideachta EU Inc. faoi réir aon imeacht riaracháin nó breithiúnach atá ar feitheamh.
2. I gcás ina bhfuil dliteanais ag cuideachta EU Inc., meastar an coinníoll faoi phointe (c) de mhír 1 a bheith comhlíonta nuair a sholáthraíonn an chuideachta EU Inc. fianaise ar thoiliú na gcreidiúnaithe aitheanta uile leis an nós imeachta mear a sheoladh.
 3. Beidh stiúrtóirí faoi dhliteanas pearsanta, agus i gcás inarb infheidhme, i gcomhpháirt agus go leithleach do chreidiúnaithe i leith aon damáiste a eascraíonn as dearbhú toilithe bréagach nó calaoiseach faoin Airteagal seo.
 4. I gcás díscailte arna ordú ag cúirt, féadfaidh an chúirt an nós imeachta leachtaithe mear a údarú má tá sí sásta go gcomhlíontar na coinníollacha i mír 1, mura mbaineann na forais le díscailte le gníomhaíocht neamhdhleathach nó le hábhair inni a bhaineann le beartas poiblí.
 5. Coimeádfaidh an duine a cheapfar chuige sin ag an gcrúinniú ginearálta nó ag an gcúirt leabhair agus taifid na cuideachta EU Inc. ar feadh tréimhse sé bliana.

Airteagal 84

Nós imeachta leachtaithe mear

1. Féadfaidh cuideachta EU Inc. an nós imeachta leachtaithe mear a thionscnamh tríd an bhfógra díscailte dá dtagraítear in Airteagal 80 a chomhdú go comhuaineach le hiarratas ar bhaint den chlár gnó ina bhfuil sé cláraithe.
Sonrófar san iarratas ainm an stiúrtóra nó na stiúrtóirí a dhéanfaidh ionadaíocht don chuideachta chun críoch an nós imeachta mhear.
2. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an gcomhdú:
 - (a) dearbhú ó stiúrtóirí uile cuideachta EU Inc., arna fhíordheimhniú le ríomhshínithe cáilithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ina luaitear go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 83(1);
 - (b) an ráiteas airgeadais leachtaithe;
 - (c) fianaise ar thoiliú na gcreidiúnaithe i gcás inarb ann do dhliteanais;
 - (d) an dearbhú ón duine ceaptha dá dtagraítear in Airteagal 83(5), arna fhíordheimhniú le ríomhshínithe cáilithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, a gheallann na leabhair agus na taifid a choimeád ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis an chuideachta a bhaint den chlár gnó.
3. Déanfar an comhdú a chomhlánú go hiomlán ar líne i gcomhréir le hAirteagal 27(5).

4. Cuirfear na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 25.

Airteagal 85 ***Cur i gcoinne creidiúnaithe***

1. Féadfaidh creidiúnaithe na cuideachta EU Inc. atá ag dul faoin nós imeachta leachtaithe mear cur ina choinne agus a cheangal go n-osclofar an gnáthnós imeachta leachtaithe laistigh de 30 lá tar éis nochtadh na ndoiciméad agus na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 84 (4).

Féadfaidh creidiúnaithe a thoiligh ar dtús leis an nós imeachta mear cur ina choinne freisin ar choinníoll go leagann siad amach forais láidre chun údar a thabhairt lena n-athrú seasaimh.

2. Cuirfidh creidiúnaithe a n-agóid faoi bhráid an chláir ghnó ina bhfuil an chuideachta EU Inc. cláraithe, agus luafaidh siad an chúis lena n-éileamh i gcoinne na cuideachta EU Inc. Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfar an aighneacht sin a dhéanamh go hiomlán ar líne.
3. I gcás ina bhfuil bunús maith leis na héilimh, diúltóidh an clár gnó an nós imeachta mear a oscailt agus cuirfidh sé an chuideachta EU Inc. ar an eolas faoi na cúiseanna lena chinneadh, lena n-áirítear an fhaisnéis faoi na creidiúnaithe freasúracha agus na cúiseanna lena n-éilimh.
4. Féadfar a chur san áireamh sa chlár gnó freisin agóidí na gcreidiúnaithe a tíolacadh tar éis an sprioc-ama dá dtagraítear i mír 1 ach sular baineadh an chuideachta EU Inc. den chlár.
5. Ní dhéanfaidh baint na cuideachta EU Inc. den chlár gnó difear do chearta creidiúnaithe a raibh a n-éilimh fós á mbreithniú nó nár tíolacadh le linn an nós imeachta mhear. Féadfaidh creidiúnaithe den sórt sin:
 - (a) a gcearta a fheidhmiú i gcoinne an bhoird stiúrthóirí, a bheidh faoi dhliteanas pearsanta, agus i gcás inarb infheidhme, i gcomhpháirt agus go leithleach i leith aon dliteanas nár comhlíonadh; agus
 - (b) rochtain a fháil ar leabhair agus taifid na cuideachta tríd an duine ceaptha dá dtagraítear in Airteagal 84(2), pointe (d).

Airteagal 86 ***Spriocdhátaí chun an nós imeachta a dhúnadh***

1. I gcás ina gceanglaítear imréiteach cánach leis an dlí náisiúnta, déanfaidh an t-údarás cánach i mBallstát clárúcháin na cuideachta EU Inc. an t-imréiteach sin a sholáthar don chlár gnó laistigh de 30 lá tar éis nochtadh na ndoiciméad agus na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 84(4). Féadfaidh an t-údarás cánach fógra a thabhairt go bhfuil sé i gcoinne an nós imeachta mhear laistigh den tréimhse chéanna.
2. I gcás inar gá don údarás cánach faisnéis bhreise a chur san áireamh nó gníomhaíochtaí breise a dhéanamh sula gcuirfidh sé a chúraimí i gcrích faoi mhír 1, tabharfaidh sé fógra don chlár gnó faoin ngá atá le síneadh a chur leis an sprioc-ama dá dtagraítear i mír 1, ar féidir síneadh 30 lá eile ar a mhéad a chur leis.

3. Mura dtugann an t-údarás cánach fógra faoina sheasamh don chlár gnó roimh dheireadh an sprioc-ama dá dtagraítear i mír 1 nó i gcás fadaithe, dá dtagraítear i mír 2, measfar gur deonaíodh imréiteach cánach nó nach bhfuil aon agóid ag an údarás cánach in aghaidh an nós imeachta mhear.

Airteagal 87

Baint den chlár gnó

1. Ar dhul in éag na sprioc-amanna dá dtagraítear in Airteagail 85 agus 86, déanfaidh an clár gnó stádas na cuideachta EU Inc. a nuashonrú, i gcomhréir le hAirteagal 25(3) pointe b) agus clárú na cuideachta EU Inc. a scríosadh nó a bhaint ar choinníoll:
 - (a) nár tíolacadh aon agóid ó chreidiúnaithe de bhun Airteagal 85; agus
 - (b) nach bhfuarthas imréiteach cánach ná aon agóid i gcoinne an nós imeachta mhear ón údarás cánach náisiúnta de bhun Airteagal 86.
2. Mar thoradh ar an gcuideachta EU Inc. a bhaint den chlár gnó nó í a bhaint de, caillfear a pearsantacht dhlítheanach.
3. Déanfar an t-athrú ar stádas na cuideachta EU Inc. agus baint nó scríosadh na cuideachta sin den chlár gnó a chur ar fáil go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 25.

CAIBIDIL X – IMEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHTA

FOIRCEANNADH CUIDEACHTAÍ EU INC. DÓCMHAINNEACHA AR GNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA NUÁLACHA IAD

Airteagal 88

Raon feidhme cur i bhfeidhm foirceanta simplithe gnólachtaí nuathionscanta nuálacha EU Inc.

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le cuideachta EU Inc. ar gnólachtaí nuathionscanta nuálacha iad.
2. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn gnólacht nuathionscanta nuálach cuideachta EU Inc. a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in [Oifig na bhFoilseachán: tagairt do Thogra le haghaidh Moladh ón gCoimisiún maidir le fiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí ardfháis a shainmhíniú, C (2026) 1800].

Airteagal 89

Rialacha maidir le foirceannadh gnólachtaí nuathionscanta nuálacha

1. Féadfaidh gnólachtaí nuathionscanta nuálacha EU Inc. dócmhainneacha a iarraidh go dtionscnófar imeachtaí foirceanta simplithe i gcomhréir leis an gCaibidil seo.
2. Measfar gnólacht nuathionscanta nuálach EU Inc. a bheith dócmhainneach chun críoch imeachtaí foirceanta simplithe nuair nach mbíonn sé in ann a fhiacha a íoc de ghnáth de réir mar a aibíonn siad. Leagfaidh na Ballstáit amach coinníollacha soiléire, simplí agus sofhionnta faoina measfar nach bhfuil gnólacht nuathionscanta nuálach EU Inc. ar gnólacht nuathionscanta nuálach é in ann go ginearálta a fhiacha a íoc de réir mar a aibíonn siad.

Airteagal 90

Cleachtóir dócmhainneachta

1. Ceapfar cleachtóir dócmhainneachta de réir bhrí Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹ nuair a thionscnófar imeachtaí foirceanta simplithe.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an féichiúnaí, creidiúnaí nó grúpa creidiúnaithe a iarraidh nach gceapfar cleachtóir dócmhainneachta ar choinníoll go léiríonn gnólacht nuathionscanta nuálach EU Inc. go bhfuil clár comhardaithe reatha cothrom le dáta aige agus go bhfuil an ráiteas bliantúil is déanaí is gá curtha faoi bhráid na n-údarás náisiúnta ábhartha aige.

Airteagal 91

Modhanna cumarsáide

In imeachtaí foirceanta simplithe, is trí mhodhanna digiteacha a dhéantar gach cumarsáid idir an chúirt nó an t-údarás inniúil, an cleachtóir dócmhainneachta agus na páirtithe sna himeachtaí sin.

Airteagal 92

Iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh

1. Is féidir le gnólacht nuathionscanta nuálach EU Inc. dócmhainneach nó aon chreidiúnaí de chuid na gnólachta nuathionscanta nuálaigh EU Inc. dhócmhainnigh iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh a chur faoi bhráid cúirte nó údarais inniúil.
2. Cuirfear isteach an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach. Ní bheidh ionadaíocht dlíodóra ná gairmí dlí eile éigeantach.
3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 2:
 - (a) i gcás inar duine dlítheanach é gnólacht nuathionscanta nuálach EU Inc., ainm, uimhir chlárúcháin, oifig chláraithe nó, murab ionann iad, seoladh poist, an fhéichiúnaí;
 - (b) más fiontraí é gnólacht nuathionscanta nuálach EU Inc., ainm, uimhir chlárúcháin, más ann di, agus seoladh poist an fhéichiúnaí nó, i gcás ina gcosnaítear an seoladh, áit bhreithe agus dáta breithe an fhéichiúnaí;
 - (c) liosta de shócmhainní na gnólachta nuathionscanta nuálaigh EU Inc.;
 - (d) ainm, seoladh nó sonraí teagmhála eile chreidiúnaithe na gnólachta nuathionscanta nuálaigh EU Inc., mar a bhí ar eolas tráth a cuireadh an iarraidh isteach,

⁴⁹ Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (athmhúnlú) (IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19–72), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/848/2025-11-06>.

- (e) liosta na n-éileamh in aghaidh na gnólachta nuathionscanta nuálaigh EU Inc agus, i gcás gach éilimh, a mhéid lena sonraítear an phríomhshuim agus, i gcás inarb infheidhme, an t-ús agus an dáta ar ar eascair an t-éileamh agus an dáta ar tháinig sé le bheith dlite, más dáta difriúil é;
 - (f) má líomhnaítear urrús luachmhar nó forchoimeád teidil i leith éileamh áirithe agus, má líomhnaítear, cad iad na sócmhainní a chumhdaítear leis an leas urrúis.
4. Bunóidh an Coimisiún an fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 3 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme faoin *[Oifig na bhFoilseachán: an lá deireanach den 24ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(3).

Airteagal 93

Cinneadh maidir leis an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh

Déanfaidh an chúirt nó an t-údarás inniúil cinneadh gan mhoill maidir leis an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh agus maidir leis an iarraidh, nach gceapfar cleachtóir dócmhainneachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 90(2).

Airteagal 94

Bac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair

Bainfidh féichiúnaithe tairbhe as bac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair trí oibriú an dlí nó ar chinneadh na cúirte nó an údaráis inniúil atá i mbun na n-imeachtaí sin.

Airteagal 95

Taisceadh agus admháil éileamh

1. Nuair a thionscnófar imeachtaí dócmhainneachta simplithe, ullmhóidh an cleachtóir dócmhainneachta, nó ina éagmais sin, an féichiúnaí, liosta creidiúnaithe agus éileamh.
2. Cuirfidh an cleachtóir dócmhainneachta, nó ina éagmais sin, an chúirt nó an t-údarás inniúil gach creidiúnaí aitheanta ar an eolas, trí fhógraí aonair, faoin liosta dá dtagraítear i mír 1, agus sonróidh sé an tréimhse ama chun aon agóid nó ábhar inní a dhéanamh. Measfar na héilimh i gcoinne an fhéichiúnaí atá luaite ar an liosta a bheith taiscthe gan aon ghníomhaíocht eile ó na creidiúnaithe lena mbaineann.
3. Féadfaidh aon chreidiúnaí éilimh nach bhfuil sa liosta dá dtagraítear i mír 1 a thaisceadh nó agóidí nó ábhair inní a dhéanamh maidir le héilimh a áirítear sa liosta, laistigh de thréimhse a leagtar síos sa dlí náisiúnta, nach faide ná 30 lá ag comhaireamh ón bhfógra aonair dá dtagraítear i mír 2 a fháil nó ón tráth a fhoilsítear tionscnamh imeachtaí foirceanta simplithe sa chlár dócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cibé acu is déanaí.

4. In éagmais aon agóide nó ábhar inní ó chreidiúnaí laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i mír 2, measfar nach bhfuil díospóid ann maidir le héileamh a áirítear ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 agus glacfar go cinntitheach leis mar a luaitear ann.
5. Déileálfaidh an chúirt nó an t-údarás inniúil go pras leis na héilimh atá faoi dhíospóid. Féadfaidh an chúirt nó an t-údarás inniúil a chinneadh leanúint de na himeachtaí foirceanta simplithe i ndáil le héilimh nach bhfuil faoi dhíospóid.

Airteagal 96

Cinneadh maidir leis an nós imeachta atá le húsáid

1. In imeachtaí foirceanta simplithe, a luaithe a shuífear an t-eastát dócmhainneachta, rachaidh an cleachtóir dócmhainneachta, nó ina éagmais sin an fhéichiúnaí, ar aghaidh le réadú na sócmhainní agus le dáileadh na bhfáltas.
2. Mar sin féin, féadfaidh an chúirt nó an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh maidir le clabhsúr a chur ar na himeachtaí foirceanta simplithe gan na sócmhainní a réadú, i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) níl aon sócmhainn san eastát dócmhainneachta;
 - (b) tá luach chomh híseal sin ag sócmhainní an eastáit dócmhainneachta nach mbeadh údar maith leis na costais ná leis an ualach riaracháin a bhaineann lena ndíol agus le dáileadh na bhfáltas;
 - (c) tá luach dealraitheach na sócmhainní ualaithe níos ísle ná an méid atá dlite do na creidiúnaithe urraithe agus measann an chúirt nó an t-údarás inniúil go bhfuil bonn cirt le cead a thabhairt do na creidiúnaithe urraithe sin na sócmhainní a ghlacadh ar láimh.
3. I gcás ina dtéann an cleachtóir dócmhainneachta ar aghaidh le réadú shócmhainní an fhéichiúnaí dá dtagraítear i mír 1, sonróidh an cleachtóir dócmhainneachta freisin na modhanna chun na sócmhainní a réadú. Chun sócmhainn de chuid an fhéichiúnaí a dhíol, úsáidfídh an cleachtóir dócmhainneachta an córas ríomhcheantála dá dtagraítear in Airteagal 97, ach amháin mura mbeidh sé sin iomchuí i bhfianaise chineál na sócmhainne nó imthosca na n-imeachtaí.

Airteagal 97

Córais ríomhcheantála chun sócmhainní an fhéichiúnaí a dhíol

1. Áiritheoidh gach Ballstát faoin *[Oifig na bhFoilseachán: an lá deireanach den 24ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* go bhfuil ardán ríomhcheantála amháin nó roinnt ardán ríomhcheantála bunaithe agus á gcothabháil ar a chríoch lena úsáid chun sócmhainní eastát dócmhainneachta na gnólachta nuathionscanta nuálaigh EU Inc. a dhíol in imeachtaí foirceanta simplithe.
2. Féadfaidh na Ballstáit úsáid na gcóras ríomhcheantála, dá dtagraítear i mír 1, a leathnú chun díol ghnó nó sócmhainní an fhéichiúnaí atá faoi réir cineálacha eile imeachtaí dócmhainneachta a thionscnaítear ar a gcríoch a chumhdach.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag gach duine nádúrtha agus dlítheanach a bhfuil sainchónaí nó áit chlárúcháin orthu ar a gcríoch nó ar chríoch Ballstáit eile ar na hardáin ríomhcheantála. Féadfaidh rochtain ar an gcóras ceantála a bheith faoi réir ríomh-shainaitheantas an úsáideora, agus sa chás sin beidh daoine a bhfuil sainchónaí

nó áit chlárúcháin acu i mBallstát eile in ann modhanna ríomh-shainaitheantais a úsáid, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

Airteagal 98

Idirnascadh na gcóras ríomhcheantála

1. Bunóidh an Coimisiún córas chun na córais ríomhcheantála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 97 a idirnascadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a bheidh le glacadh ag *[Oifig na bhFoilseachán: An lá deireanach den 36ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*. Is éard a bheidh sa chóras córais ríomhcheantála náisiúnta idirnasctha tríd an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais, rud a bheidh ina bpointe rochtana leictreonach lárnach ar an gcóras. Soláthrófar leis an gcóras, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, faisnéis maidir leis na próisis cheantála uile a fhógraítear ar ardáin ríomhcheantála náisiúnta, beifear in ann cuardach a dhéanamh i measc na bpróiseas ceantála sin agus soláthróidh sé hipearnaisc lena dtreoraítear chuig leathanaigh na gcóras náisiúnta ar ar féidir tairiscintí a chur isteach go díreach.
2. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le hidirnascadh chórais ríomhcheantála náisiúnta na mBallstát, ina leagfar amach:
 - (a) an tsonraíocht theicniúil lena sainítear na modhanna digiteacha cumarsáide agus malartaithe faisnéis ar bhonn na sonraíochta comhéadain seanbhunaithe do chóras idirnasctha na gclár dócmhainneachta;
 - (b) na bearta teicniúla a áirithíonn na híoschaighdeáin slándála i dteicneolaíocht na faisnéise maidir le faisnéis a chur in iúl agus a dháileadh laistigh de chóras idirnasctha na gcóras ríomhcheantála;
 - (c) an tacar íosta faisnéise a chuirfear ar fáil tríd an ardán lárnach;
 - (d) na critéir íosta chun na próisis cheant a fógraíodh a chur i láthair tríd an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais;
 - (e) na critéir íosta chun na próisis cheant a fógraíodh a chuardach tríd an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais;
 - (f) critéir íosta chun úsáideoirí a threorú chuig ardán chóras ceantála náisiúnta an Bhallstáit ar a bhféadfaidh siad a dtairiscintí a chur isteach go díreach sna próisis cheant a fógraíodh;
 - (g) na bealaí agus na dálaí teicniúla a bhaineann le hinfhaighteacht seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin gcóras idirnasctha;
 - (h) úsáid an aitheantóra uathúil Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Threoir (AE) 2017/1132,
 - (i) sonrú ar na sonraí pearsanta ar féidir rochtain a fháil orthu;
 - (j) coimircí cosanta sonraí.
3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal (107).

Airteagal 99

Na costais a bhaineann le córais ríomhcheantála a bhunú agus a idirnascaidh

1. Seasfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena gcláir dhócmhainneachta náisiúnta a bhunú agus a choigeartú, dá dtagraítear in Airteagal 97, chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais, chomh maith leis na costais a bhaineann leis na cláir sin a riar, a oibriú agus a choinneáil ar bun. Beidh an méid sin gan dochar don deis a d'fhéadfadh a bheith ann iarratas a dhéanamh ar dheontais lena dtacaítear le gníomhaíochtaí den sórt sin faoi chláir mhaoiniúcháin an Aontais.
2. Is ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a mhaoineofar bunú, coinneáil ar bun agus forbairt chóras idirnasctha na gclár ríomhcheantála amach anseo dá dtagraítear in Airteagal 51.

Airteagal 100

Freagrachtaí an Choimisiúin maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcóras idirnasctha na n-ardán ríomhcheantála

1. Feidhmeoidh an Coimisiún freagrachtaí an rialtóra de bhun Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 i gcomhréir leis na freagrachtaí faoi seach atá air a shainítear san Airteagal sin.
2. Saineoidh an Coimisiún na beartais is gá agus cuirfidh sé i bhfeidhm na réitigh theicniúla is gá chun na freagrachtaí atá air a chomhlíonadh faoi chuimsiú fheidhm an rialtóra.
3. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme na bearta teicniúla a cheanglaítear chun slándáil na sonraí pearsanta faoi bhealach a áirithiú, go háirithe an rúndacht agus an sláine maidir le haon tarchur chuig an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais agus uaidh.
4. Maidir le faisnéis ó na córais idirnasctha náisiúnta ceant, ní stórálfar sonraí pearsanta a bhaineann le hábhair sonraí ar an Tairseach Eorpach um Ríomhsheirbhísí Ceartais. Stórálfar na sonraí sin uile sna córais náisiúnta ceant a fheidhmíonn na Ballstáit nó comhlachtaí eile.

Airteagal 101

Na sócmhainní a dhíol trí ríomhcheant

1. Fógrófar ríomhcheant shócmhainní an eastáit dócmhainneachta in imeachtaí foirceanta simplithe in am trátha roimh ré ar an ardán ríomhcheantála dá dtagraítear in Airteagal 97.
2. Cuirfidh an cleachtóir dócmhainneachta gach creidiúnaí aitheanta ar an eolas trí fhógraí aonair maidir le cuspóir, am agus dáta an ríomhcheant, agus maidir leis na ceanglais chun páirt a ghlacadh ann.
3. Ceadaítear d'aon duine leasmhar páirt a ghlacadh sa cheant leictreonach agus tairiscint a dhéanamh. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, na coinníollacha a leagan amach faoina n-údarófar do scairshealbhóirí nó do bhainisteoirí an fhéichiúnaí atá ann cheana a bheith rannpháirteach.

Airteagal 102

Cinneadh maidir leis na himeachtaí foirceanta simplithe a dhúnadh

1. Déanfaidh an chúirt nó an t-údarás inniúil cinneadh maidir le dúnadh na n-imeachtaí foirceanta simplithe laistigh de 6 mhí tar éis thiolacadh na hiarrata ar thionscnamh na n-imeachtaí foirceanta simplithe. Féadfar síneadh 6 mhí ar a mhéad a chur leis an sprioc-am aon uair amháin i gcás ina mbeidh gá le ham breise chun gnólacht nó sócmhainní an fhéichiúnaí a dhíol, nó chun fáltais a dháileadh. In éagmais síneadh den sórt sin nó nuair a rachaidh an sprioc-am ar cuireadh síneadh leis in éag, déanfar an nós imeachta a thiontú go huathoibríoch ina ghnáthnós imeachta foirceanta.
2. I gcás inar duine dlítheanach é an féichiúnaí, spreagfaidh an cinneadh maidir le dúnadh na n-imeachtaí foirceanta simplithe na bearta ábhartha faoin dlí náisiúnta as a dtiocfaidh díscaoileadh phearsantacht dhlítheanach gan ghnólachta nuathionscanta nuálaigh EU Inc.

CAIBIDIL XI – CEANGLAIS THOIRMISCTHE

Airteagal 103

Liosta de cheanglais thoirmiscthe

1. Ach amháin má tá údar oibiachtúil leis agus má tá sé comhréireach, caithfidh na Ballstáit le cuideachtaí EU Inc. ar bhealach nach lú fabhar ná mar a chaitheann siad le cuideachtaí eile faoi dhlítheanas teoranta a bunaíodh i gcomhréir lena ndlí náisiúnta in aon ghné dá ngníomhaíochtaí agus dá n-oibríochtaí.
2. Ní dhéanfaidh Ballstát aon cheann de na nithe seo a leanas a ghlacadh ná a choinneáil ar bun maidir le cuideachtaí EU Inc. a bhfuil a n-oifig chláraithe i mBallstát eile:
 - (a) gan dochar do rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, critéir lena ndiúltaítear incháilitheacht na gcuideachtaí EU Inc. sin do thacaíocht phoiblí i bhfianaise a n-áite ceanncheathrún i mBallstáit eile nó lena gceanglaítear ar na cuideachtaí sin fochuideachta a dhíscaoileadh agus a athbhunú nó a chur ar bun chun bheith incháilithe;
 - (b) bearta lena bhforchuirtear údarú nó ceanglas eile chun dul i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú bunaithe ar shuíomh a n-oifige cláraithe;
 - (c) an ceanglas go mbeadh ionadaí áitiúil nó láithreach fhisiciúil sa Bhallstát sin chun nós imeachta a chur i gcrích a bhfuil gá leis chun gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú nó chun údarú a fháil;
 - (d) bearta lena ndiúltaítear cuntas íocaíochta arna bhunú i mBallstát eile a úsáid chun nós imeachta a chur i gcrích is gá chun dul i mbun gníomhaíochta eacnamaíche nó chun gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú nó chun údarú a fháil.
3. Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) Ciallaíonn údarú cinneadh foirmiúil nó intuigthe a cheanglaítear le dlí nó le gníomh ó údarás inniúil chun rochtain a fháil ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú nó í a fhoirceannadh;
- (b) ciallaíonn ‘ceanglas’ ceanglas mar a shainmhínítear é in Airteagal 4 pointe 7 de Threoir 2006/123/CE.

CAIBIDIL XII – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 104

Cosaint Sonraí

Beidh próiseáil aon sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs an Rialacháin seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 105

Cuntasaíocht

Beidh an chuideachta EU Inc. faoi réir cheanglais an dlí cuntasaíochta is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláráithe suite. Beidh feidhm ag Airteagal 26, áfach, maidir le doiciméid chuntasaíochta na cuideachta EU Inc a chomhdú agus maidir le hinfhaighteacht phoiblí na ndoiciméad sin.

Airteagal 106

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha sna cásanna seo a leanas ar a laghad:
 - (a) mainneachtain na doiciméid agus an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagail 25 (1), 40 (2), 82, 84 (2), 92 (4) a chomhdú;
 - (b) mainneachtain na doiciméid agus an fhaisnéis a comhdaíodh agus na hathruithe ar chomhaid a nuashonrú laistigh de na tréimhsí a leagtar síos in Airteagal 27;
 - (c) mainneachtain an fhaisnéis is gá a chomhdú agus a nuashonrú i gclár digiteach na scaireanna i gcomhréir le hAirteagail 54, 66 (2) agus 67 (6);
 - (d) dearbhú bréagach nó míthreorach mar a cheanglaítear le hAirteagail 22 (1) agus 84 (2) pointe (a).
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar na pionóis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhorfheidhmiú.

Airteagal 107

Coistí

1. Tabharfaidh Coiste Idirnasctha na gClár Gnó ('coiste BRIS') cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011⁵⁰.
2. I gcás Chaibidil X, tabharfaidh an coiste ('an coiste dócmhainneachta') a bunaíodh le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúnamh don Choimisiún⁵¹. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011⁵².
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 108

Tuairisciú agus athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún, faoin *[Oifig na bhFoilseachán: an dáta cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, meastóireacht ar an Rialachán seo agus tuarascáil ar na príomhthorthaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú.

Déanfar meastóireacht i dtuarascáil an Choimisiúin go háirithe ar ghlacadh na foirme dlíthiúla nua cuideachta EU Inc., ar an gcaoi ar bunaíodh na cuideachtaí EU Inc. agus ar an líon cuideachtaí a cruthaíodh tríd an comhéadan lárnach AE agus le teimpléid chomhchuibhithe.

2. Gach cúig bliana ón *[Oifig na bhFoilseachán: an dáta cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 16(2) i gcomhréir leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Airteagal 109

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁵⁰ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13–18), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>

⁵¹ Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1023/oj>

⁵² Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13–18), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán: an lá deireanach den 12ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

[LE CUR ISTEACH]

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige.....	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí	

	gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí.....	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach.....	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán maidir leis an 28ú Córas den Chreat Dlíthiúil Corparáideach – ‘EU Inc.’

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Dlí na gCuideachtaí, an Margadh Aonair

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Cuspóir ginearálta Uimh. 1:

Rannchuidiú le hiomaíochas chuideachtaí an Aontais agus gheilleagar an Aontais a neartú agus le feidhmiú níos fearr an mhargaidh aonair

Cuspóir ginearálta Uimh. 2:

Dálaí níos fearr a chur ar fáil chun gnó a thosú agus deiseanna infheistíochta níos fearr a chur ar fáil, agus le haghaidh fás agus méadú do chuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, san Aontas

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonracha Uimh. 1

Comhchreat dlíthiúil corparáideach a chur ar fáil do chuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, san Aontas

Cuspóir sonracha Uimh. 2

Rialacha agus nósanna imeachta corparáideacha simplí agus éifeachtúla a sholáthar ar feadh shaolré na cuideachta.

Cuspóir sonracha Uimh. 3

A áirithiú go gcuirfidh rialacha corparáideacha creat cumasúcháin ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

An toradh a mheastar a bheidh ann:

- Rialacha corparáideacha simplithe agus comhchuibhithe ar fud Bhallstáit an Aontais
- Ualaí riaracháin agus costais chomhlíontachta laghdaithe do chuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú
- Infheistíocht mhéadaithe i gcuideachtaí an Aontais, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú
- Iomaíochas feabhsaithe chuideachtaí an Aontais sa mhargadh domhanda

An tionchar a mheastar a bheidh ann:

- Tionchar dearfach ar gheilleagar an Aontais agus ar chruthú post

- Tarraingteacht mhéadaithe an Aontais mar shuíomh chun cuideachtaí a chur ar bun agus a mhéadú
- Rochtain níos fearr ar mhaoiniú do chuideachtaí an Aontais
- Feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar an iomaíochas

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Táscaire le haghaidh chuspóir ginearálta Uimh. 1: Líon foriomlán na gcuideachtaí nua EU Inc. in aghaidh na bliana (lena n-áirítear cuideachtaí a cruthaíodh *ex nihilo* agus trí thiontuíte intíre, tiontuíte trasteorann, deighiltí, cumaisc). Foinse sonraí: Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS).

Táscaire le haghaidh chuspóir ginearálta Uimh. 2: Líon na gcuideachtaí EU Inc. a cruthaíodh *ex nihilo* in aghaidh na bliana, líon na gcuideachtaí EU Inc. a cruthaíodh tríd an gcomhéadan lárnach AE trí úsáid a bhaint as an nós imeachta ‘mear’; líon na mbabhtáí infheistíochta rathúla cuideachtaí EU Inc.; sciar na gcuideachtaí EU Inc. a úsáideann scéim SRF-AE. . Foinsí sonraí: Sonraí ó BRIS agus ó údaráis náisiúnta agus suirbhéanna nó staidéir leantacha spriocdhírithe.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

- ☒ beart nua
- ☐ beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart⁵³
- ☐ síneadh ar bheart atá ann cheana
- ☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Is féidir amlíne cur chun feidhme shealadach a léiriú mar a leanas:

- 2026/27 Glacadh an Rialacháin
- 2027 Glacadh an Rialacháin (na Rialachán) cur chun feidhme
- 2028 Dáta cur i bhfeidhm

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante): Tá breisluach láidir ag baint le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs an togra seo toisc go ndíríonn sé ar bhorradh a chur faoin iomaíochas agus ar an deimhneacht

⁵³

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

dhlíthiúil is gá a sholáthar trí chomhchreat dlíthiúil a bhunú. Ní bheadh comhar déthaobhach nó iltaobhach idir na Ballstáit in ann aghaidh a thabhairt ar ilroinnt an mhargaidh aonair agus, os a choinne sin, d'fhéadfadh tuilleadh ilroinnte a bheith mar thoradh air. Bheadh dúshlán fós roimh bhunaitheoirí agus cuideachtaí á mbunú agus á reáchtáil acu san Aontas, ní bheadh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú fós in ann leas iomlán a bhaint as scála an mhargaidh aonair, agus d'aistreadh cuid acu go tríú tíortha ina bhfuil dálaí fáis níos tarraingte.

Breisluch AE a mheastar a ghinfear (ex post): Meastar go nginfidh gníomhaíocht bheartaithe an Aontais breisluch suntasach trí thimpeallacht ghnó chomhchuibhithe agus tharraingteach a chruthú, trí fhás agus méadú gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a éascú, agus trí iomaíochas gheilleagar an Aontais ina iomláine a mhéadú. Dá réir sin, is dócha go mbeidh infheistíocht mhéadaithe, cruthú post agus fás eacnamaíoch mar thoradh air sin, rud a rachaidh chun tairbhe do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do gheilleagar an Aontais ar deireadh.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cuirtear san áireamh sa tionscnamh seo na ceachtanna a foghlaimíodh ó fhorbairt reachtaíocht dhlí na gcuideachtaí san Aontas go dtí seo, lena n-áirítear:

- Foirm dhlíthiúil Societas Europaea (SE), atá ceaptha do chuideachtaí móra poiblí faoi dhliteanas teoranta, nach féidir ach le cuideachtaí atá ann cheana ó Bhallstáit éagsúla nó cuideachtaí náisiúnta a bhfuil fochuideachtaí acu i mBallstáit eile agus a bhfuil caipiteal suibscríofa íosta EUR 120 000 ag teastáil ina leith, rud a fhágann nach iomchuí do ghnólachtaí nuathionscanta nuachruthaithe é.

- An Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí, lena gcomhchuibhítear rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta, lena n-áirítear foirmiú ar líne, ceanglais maidir le nochtadh, nósanna imeachta digiteacha, agus oibríochtaí trasteorann, ach lena bhfágfar na ceanglais chorpraithe mar a thugtar orthu (i.e. ceanglais maidir le cuideachta a bhunú) sainithe den chuid is mó sa dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tá ilroinnt rialacha fós ann ar fud na mBallstát, go háirithe níl aon riail chomhchuibhithe ann a bhaineann le foirmeacha simplithe cuideachtaí san Aontas.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an tionscnamh seo go hiomlán comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil nua agus tá sé beartaithe é a chistiú leis an gClár um an Margadh Aonair agus Custam. Tá an togra seo ag teacht go hiomlán leis an gclár arb é is aidhm dó borradh a chur faoi Iomaíochas na hEorpa, Digiú a spreagadh agus Rómhaorlathas a Laghdú, agus Cinnteacht Dhlíthiúil a áirithiú i Ré atá Faoi Thionchar na Teicneolaíochta. Luaitear go soiléir sa dréacht-togra le haghaidh 'Rialachán lena mbunaítear an Clár um an Margadh Aonair agus Custam don tréimhse 2028-2034' comhoiriúnacht an 28ú córas le clár an mhargaidh aonair: 'cuirfidh an 28ú córas do chuideachtaí atá ar na bacáin go díreach le hiomaíochas an Aontais'.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Sa dréacht-togra le haghaidh 'Rialachán lena mbunaítear an Clár um an Margadh Aonair agus Custam don tréimhse 2028-2034', liostaítear dlí na gcuideachtaí sna réimsí beartais lena mbaineann an clár, lena sanntar an líne bhuiséid 05.03.01.02.

agus leithreasú oibríochtúil de thart ar EUR 4 mhilliún in aghaidh na bliana sa tréimhse 2028-2034.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ tréimhse theoranta

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2028 go 2031,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Cuireann an togra seo le córas Idirnasctha na gClár Gnó atá ann cheana. Úsáidfear na leithdháiltí buiséid chun an córas agus a bhunteicneolaíocht a fhorbairt a thuilleadh, agus go háirithe chun comhéadan lárnach AE a chruthú chun cuideachta EU Inc. a fhoirmiú agus le haghaidh comhdú doiciméad agus faisnéise acu.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa laistigh de 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin. Déanfar meastóireacht i dtuarascáil an Choimisiúin go háirithe ar ghlacadh na foirme dlíthiúla nua cuideachta EU Inc., ar an gcaoi ar bunaíodh na cuideachtaí EU Inc. agus ar an líon cuideachtaí a cruthaíodh tríd an gcomhéadan lárnach AE agus le teimpléid chomhchuibhithe.

Cuireann an tionscnamh seo le Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS) atá ann cheana, agus déantar tuilleadh forbartha air, gan faireachán agus tuairisciú tréimhsiúil chóras BRIS a athrú, córas a shocraítear ar bhonn seachtainiúil, ráithiúil agus bliantúil.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Leis an tionscnamh seo, cuirtear le Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS) atá ann cheana agus a d'fhorbair an Coimisiún (Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha agus an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí) agus déantar tuilleadh forbartha air. Leis an togra seo le haghaidh Rialachán nua, ní athraítear an modh bainistíochta, an sásra cur chun feidhme cistiúcháin, módúlachtaí íocaíochta agus ná an straitéis rialúcháin atá i bhfeidhm cheana don chóras agus atá in úsáid ag an gCoimisiún. Is é is aidhm don struchtúr rialachais le haghaidh Chóras Idirnasctha na gClár Gnó comhar éifeachtach a éascú idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Tá Coiste stiúrtha BRIS faoi chathaoirleacht Ard-stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí, úinéir an chórais, agus is comhaltaí ó sheirbhísí a bhfuil baint acu le BRIS a bhainistiú, a oibriú agus a fhorbairt, lena n-áirítear Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha, atá air. Feidhmíonn an Sainghrúpa um Dhlí na gCuideachtaí – Cláir Ghnó mar fhóram comhair idir na páirtithe agus baineann oibriú agus forbairt BRIS ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta leis.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Baineann na príomhrioscaí a sainaithníodh leis an méid seo a leanas:

(a) Tréimhse iomarcach ama agus róchaiteachas i ngeall ar shaincheisteanna cur chun feidhme TF gan choinne i ndáil leis an bhforbairt bhreise TF a theastaíonn ón gCoimisiún chun raon feidhme chóras TF BRIS atá ann cheana a mhéadú chun freastal ar riachtanais an togra seo. Maolaítear an riosca sin toisc go bhfuil córas BRIS ann cheana, go bhfuil sé aibí agus go bhfuil sé bunaithe ar bhloic thógála atá ann cheana agus atá aibí freisin – is é sin, an bloc tógála r-Sheachadta.

Tugtar aghaidh ar an riosca sin cheana féin leis na gnáthchórais rialaithe inmheánaigh atá in úsáid in BRIS cheana féin, go háirithe rialuithe bainistíochta tionscadal is infheidhme maidir le gach córas a fhorbraíonn an Coimisiún, (i.e. maoirseacht rialachais, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht riosca) lena n-áirítear PM2, an mhodheolaíocht bainistíochta tionscadal a d'fhorbair an Coimisiún.

(b) Moill ar chur chun feidhme agus ar rolladh amach ar thaobh údaráis na mBallstát faoi seach. Maolaítear an riosca sin cheana féin le huirlisí seanbhunaithe cumarsáide agus tuairiscithe, le comhaontuithe comhair, le cruinnithe leantacha rialta agus leis an tacaíocht theicniúil réamhghníomhach do na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar an gcur chun feidhme.

- 2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Ní dhéanann an tionscnamh seo difear do chostéifeachtacht na rialuithe atá ann cheana.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón straitéis frithchalaoise.

Is é an Coimisiún a bhainistíonn BRIS go díreach, gan aon fhorbairt ná bainistíocht sheachtrach. Is í Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha a fhorbraíonn comhpháirt an Ardáin Lárnaigh Eorpaigh go himmheánach, agus is an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí a fhorbraíonn comhpháirt an Phointe Rochtana Eorpaigh go himmheánach.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	Difreáilte/Neamhdhifreáilte ⁵⁴	ó thíortha de chuid CSTE ⁵⁵	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha ⁵⁶	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	05.03.01.02.	Difreáilte	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

⁵⁴ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁵⁵ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁵⁶ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
--	--------	--

